Tuarascáil Bhliantúil 2019

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Clár Ábhar

Maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann 2

Ráiteas an Chathaoirligh 3

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 5

An tÚdarás 7

An Coiste um Chomhlíonadh 8

An Coiste um Dheonú Conarthaí 9

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 10

Foireann Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann 11

Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2017-2019 12

Buaicphointí 2019 13

Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn 15

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt 35

Lucht Féachana agus Lucht Éisteachta a Chumhachtú 42

Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Iarnála a Threisiú 47

Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach 51

Maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 1 Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin, 2009 ("Acht 2009").

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí ginearálta agus sonracha do BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Ina theannta sin, leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall;
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú sna hearnálacha craolacháin tráchtála agus pobail;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú;
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint;
  - a éascóidh earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas;
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil do 2019 bunaithe ar théamaí straitéiseacha an Ráitis Straitéise 2017-2019 – Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn, Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt, Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumasú, Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú agus Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach.

Is iad an Bord ("An tÚdarás") agus dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh atá in Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhunaigh an tÚdarás buanchoiste ("an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca") chun maoirseacht a dhéanamh ar nithe airgeadais, iniúchóireachta agus riosca. Tacaíonn Feidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann le bainistiú agus riaradh fheidhmeanna an Údaráis, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mór an onóir dom tuarascáil bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann do 2019 a thíolacadh. Is é seo an séú ráiteas den sórt sin agam mar chathaoirleach ar an Údarás. Bhraithfidís seo a choimeádann súil ghéar ar na tuarascálacha seo go bhfuil a leithéid céanna feicthe cheana acu. Tá téamaí áirithe ag teacht chun cinn arís, rud a léiríonn nádúr timthriallach obair cheadúnaithe agus rialála BAI agus na príomhthosaíochtaí a shainaithnítear ina Ráiteas Straitéiseach - tosaíochtaí ar nós na hiolarthachta, na héagsúlachta agus na tábhachta atá leis an gcraolacháin seirbhíse poiblí. Le blianta beaga anuas, táthar ag caint go rialta ar an inbhuanaitheacht agus ar an ngá le dul i ngleic le samhail mhaoiniúcháin atá as dáta. Tá an scéal mar an gcéanna i mbliana: leanaimid orainn ag rá an ruda chéanna ach is ábhar misnigh dúinn a bheith in ann cúpla forbairt a d'fhéadfadh a bheith suntasach a chur in iúl a thugann cúis dóchais go bhféadfadh athchóiriú a bhfuil moill fhada air a bheith ar fáil go gairid.

Is sainmharc de dhaonlathas a fheidhmíonn go maith é meán criticiúil neamhspleách. Is gné lárnach de sin an craolachán seirbhíse poiblí agus glactar leis go forleathan mar sin. Mar sin féin, tá níos lú comhaontaithe ann maidir le cad is brí le craolachán seirbhíse poiblí agus leis an gcaoi a maoinítear é. Is forbairt a bhfuil fáilte roimpi é an fógra i dtaobh an Choimisiúin um Thodhchaí an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí - a bhfuiltear ag tuar anois go nglacfaidh sé feidhm níos leithne maidir le meáin eile - ach amháin má chuimsítear leis an tsaincheist ghabhlánach a bhaineann le samhail mhaoiniúcháin inbhuanaithe. Cé go bhfuil sé lasmuigh de scóip na tuarascála bliantúla seo, ba cheart go dtabharfadh an taithí sa phaindéim le déanaí suaimhneas do dhuine ar bith atá in amhras faoi luach marthanach an chraolacháin seirbhíse poiblí. Is annamh a bhí fís chlaochlaitheach cheannródaithe na craoltóireachta – chun eolas, oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil - chomh hábhartha is atá anois.

Tá freagra ár gcraoltóirí seirbhíse poiblí agus ár gcraoltóirí le moladh tríd is tríd, ní amháin maidir le faisnéis chruinn cothrom le dáta a scaipeadh ach maidir le tacú le hoideachas poiblí agus, ar ndóigh, siamsaíocht a sholáthar.

An dara forbairt a bhfuil sé de chumas aici tírdhreach na meán in Éirinn a athrú is ea foilsiú na Treorach um Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) athbhreithnithe ag an gCoimisiún Eorpach i mí na Samhna 2018 agus trasuí na Treorach i ndlí na hÉireann. Rinne BAI aighneacht fhorleathan chuig an gcomhairliúchán poiblí ar an AVMSD agus sábháilteacht ar líne agus fáiltíonn sé roimh an bhfíric go dtugann an bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne a foilsíodh i mí Eanáir aghaidh ar chuid dár n-imní fhadbhunaithe faoi rialáil na meán in aois dhigiteach.

Léirigh imeachtaí le déanaí arís eile go bhfuil muinín sa nuacht tábhachtach. In 2019, don chúigiú bliain as a chéile, rinne BAI urraíocht ar rannpháirtíocht na hÉireann sa Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ag Reuter's a d'éascaigh ina theannta sin an tuarascáil choimhdeach níos mionsonraithe ar thorthaí na hÉireann den suirbhé atá curtha le chéile ag an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an comhoibriú seo mar chuid dár sainchúram tacú leis an iolarthacht agus le hiriseoireacht ardchaighdeáin a chothú. Cúig bliana ina dhiaidh sin, tá cuid d'impleachtaí beartais an taighde níos soiléire. Tá an mhuinín sa nuacht in Éirinn réasúnta ard ach ní féidir glacadh gan cheist leis sin. I bhfianaise uileláithreacht na nuachta bréige agus na cúblála ar na meán, teastaíonn tionscnaimh um litearthacht sna meáin, mar an líonra a bhunaigh BAI agus an feachtas Be Media Smart, go práinneach. Agus ionracas toghchán á cheistiú go hidirnáisiúnta, is cosúil go bhfuil an cás maidir le bunú an choimisiúin toghcháin a gealladh le fada níos láidre ná riamh.

Tá iriseoireacht neamhspleách ar ardchaighdeán, mar aon lena craolachán seirbhíse poiblí éifeachtúil agus faoi acmhainní dóthanacha gaolmhar, riachtanach do shláinte an daonlathais bheoga. Níor cheart talamh slán a dhéanamh de cheachtar acu sin.

Críochnaíodh an bhliain deiridh de Phlean Straitéiseach BAI reatha in 2019 agus cuireadh tús le hobair ar ullmhú Ráiteas Straitéise nua a fhéachfaidh le tírdhreach athraitheach na meán a léiriú. Ba é an chéad chéim sa phróiseas ná mór-shuirbhé ar pháirtithe leasmhara a chríochnú le cúnamh ó IPSOS / MRBI mar chuid d'athbhreithniú críochnúil ar an bplean reatha.

Téama lárnach i Ráiteas Straitéise 2017-19 ab ea an iolarthacht a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba shainchomharthaí suntasacha iad seoladh Beartas um an Iolracht sna Meáin nua agus Beartas Úinéireachta agus Rialaithe athbhreithnithe i mí an Mheithimh. Téama lárnach eile ab ea tacú leis an éagsúlacht agus déanann an tuarascáil seo raon gníomhaíochta a dhoiciméadú faoin gceannteideal seo, lena n-áirítear glacadh le Plean Gníomhaíochta Gaeilge agus cur i ngníomh an Phlean Gníomhaíochta Inscne a seoladh i mí na Nollag 2018. Tá na torthaí tosaigh a bhaineann le hinscne a áireamh sna critéir athbhreithnithe do mhaoiniú faoi Fhuaim agus Fís an-spreagúil agus cuireann siad bonn faoin gcur chuige a glacadh.

Leanann na Scéimeanna Maoinithe Craolacháin ag cur go mór leis an earnáil chruthaitheach agus le soláthar ábhar ábhartha do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. Soláthraíodh €11.7 milliún san iomlán in dhá bhabhta d'Fhuaim agus Fís 3 chun tacú le 241 clár raidió agus teilifíse a tháirgeadh. Caitheadh 27% den mhaoiniú (€3.1 milliún) le cláir Ghaeilge nó cláir dhátheangacha. Rinneadh athbhreithniú ar oibriú agus ar éifeachtacht na scéime i gcaitheamh na bliana tar éis comhairliúchán fhairsing agus cuireadh scéim athbhreithnithe ar aghaidh chuig an Aire lena ceadú.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas BAI chomh maith lena threoir straitéiseach. I gcaitheamh na bliana, rinne comhaltaí an Bhoird athbhreithniú feidhmíochta bliantúla de réir fhorálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Agus an tuarascáil seo á cur i láthair, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí sármhaithe na foirne ag gach leibhéal a ndéanann a n-éifeachtúlacht agus a dtiomantas an oiread sin chun BAI a dhéanamh mar an eagraíocht tháirgiúil atá ann. Ba mhaith liom a dhearbhú leis an méid a rinne mo chomh-chomhaltaí den Bhord agus comhaltai na gcoistí um Chonarthaí a Dheonú, um Chomhlíonadh agus Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a bhfuil a saineolas agus a dtiomantas fíorluachmhar. Gné shainiúil de chuid BAI is ea go n-oibríonn sé i gcomhar le raon páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sa Rialtas, sa tseirbhís phoiblí agus ar fud an tionscail craolacháin. Is mian liom ár mbuíochas a chur in iúl as an méin chomhoibritheach arb í sainmharc na comhpháirtíochta sin í agus atá fíor-riachtanach d'éifeachtacht BAI.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ag deireadh 2019, críochnaíodh Ráiteas Straitéise BAI do na blianta 2017-2019. Cuireadh tús le hathbhreithniú foirmiúil ar an Straitéis i dtreo dheireadh na bliana agus beidh torthaí an athbhreithnithe seo ar fáil i dtreo lár 2020. Mar a aithníodh sa dornán Tuarascálacha Bliantúla is déanaí againn, tá an Straitéis struchtúrtha faoi chúig théama le sraith de chuspóirí, torthaí agus príomhtháirgí insoláthartha a sainaithníodh i leith gach ceann acu. I bpríomhchorp na Tuarascála seo, tá mionsonraí suntasacha san áireamh maidir le feidhmíocht BAI faoi gach ceann de na Téamaí Straitéiseacha. Léireoidh sé sin go leor éachtaí suntasacha ach léireoidh sé ina theannta sin réimsí ina gcaithfear tuilleadh oibre a dhéanamh. Tá cuntas ar chuid de na buaicphointí ó mo thaobhsa de thíos.

Tuairiscitear cuid mhaith dár gcuid oibre faoin téama **Iolarthacht agus Éagsúlacht a Chur Chun Cinn**. In 2019, críochnaíodh dhá mhórphíosa oibre a chuimsigh beartas um Iolrarthacht Meán nua a thabhairt isteach agus athbhreithniú agus nuashonrú ar an mbeartas Úinéireachta agus Rialaithe. Leanann ár gcomhpháirtíocht Taighde le Reuters agus an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí ag soláthar fianaise ar an luach a chuireann muintir na hÉireann ar na meáin nuachta thraidisiúnta agus is é an raidió an chéad fhoinse nuachta do dhaoine gach maidin. Leanann na Scéimeanna Maoinithe Craolacháin - Fuaim agus Fís agus Cartlannú - ag cur le méadú ar infhaighteacht ábhar atá ábhartha go cultúrtha, lena n-áirítear sa Ghaeilge, thar raon éagsúil de chraoltóirí poiblí, tráchtála agus pobail. Ba chóir dom a lua leis an obair shuntasach a rinneadh faoin gceannteideal Éagsúlacht maidir le hinscne agus an Ghaeilge - buaicphointe ar leith is ea athbhunú Choiste Comhairleach na Gaeilge i gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge.

Baineann an téama **An Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumhachtú** le níos mó rannpháirtíochta ag an lucht féachana agus éisteachta agus go dtacaítear leis an lucht féachana agus éisteachta in Éirinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar ábhar closamhairc agus rannpháirtíocht i léiriú agus scaipeadh an ábhair sin. Leanann tionscnaimh a dtacaítear leo faoin líonra Litearthacht sna Meáin, Éire ag cinntiú go gcomhlíontar an cuspóir sin. Aithníodh saineolas BAI sa réimse seo ar leibhéal AE inar glacadh lenár gcur chuige i roinnt dlínsí eile. Bhí an feachtas Be Media Smart, i gcomhpháirtíocht leis na baill is meáin den líonra ar cheann de bhuaicphointí na bliana faoin téama seo. Ar leithligh, chuireamar fuinneamh ar fáil d'earnáil na meán Pobail trí sheoladh an Phlean Gníomhaíochta Meán Pobail agus tionscnaíodh roinnt tionscadal, mar shampla an tuarascáil ar Shochar Sóisialta Pobail, a thiocfaidh i gcrích in 2020.

Cuimsíonn an téama **Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach** an fheidhm um Chomhlíonadh ag BAI agus sraith de cheanglais chuntasachta inmheánaí. Thug an plean um Chomhlíonadh do 2019 tús áite do thrí ghné - tuairisciú reachtúil; faireachán a dhéanamh ar ábhar agus ar tharchur; agus athbhreithnithe feidhmíochta. Baineadh an Plean amach den chuid is mó in ainneoin roinnt dúshlán ó thaobh acmhainní de agus b'fhéidir go mbeadh athbhreithniú den mhéid sin tráthúil anois agus sinn ag ullmhú chun céim nua den rialáil earnála a thosú. Rinneadh dhá éacht shuntasacha ar ghealltanais rialachais BAI - Riosca agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach. Feabhsaíodh an cloí le dea-chleachtais bhainistíochta riosca trí ráiteas Inghlacthachta Riosca athbhreithnithe a thabhairt isteach agus thug an tÚdarás éifeacht dá thiomantas ceannaireacht a thaispeáint agus dea-chleachtas sóisialta agus comhshaoil a léiriú trí phlean físe agus gníomhaíochta do BAI agus don earnáil craolacháin araon. a thosú.

Forbrófar é sin a thuilleadh i 2020. Tá ceannaireacht agus feidhmíocht i gcroílár obair agus chlár oibre na foirne bainistíochta sinsearaí a leathnaíodh in 2019 chun freagrachtaí breise a shamhlaítear i ndáil le trasuí na Treorach AVMS a léiriú.

Is iad na comhpháirteanna lárnacha den téama **Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú** tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht agus oibriú leis an earnáil chun samhlacha maoinithe inbhuanaithe a fhorbairt. In 2019, lean BAI ag tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht trí thionscnaimh faoi na cláir foghlama agus forbartha earnála agus urraíochta. D'fhorbraíomar comhpháirtíochtaí le grúpaí ar nós Sraith Teastais Shóisearaigh na Roinne Oideachais; an Canada Media Fun; agus TG4 agus Fís Éireann don scéim Cine4. D'éirigh go hiontach leis na comhpháirtíochtaí seo mar is léir i bpríomhchorp na Tuarascála. Is dúshlán fós í inbhuanaitheacht na hearnála sna hamanna éiginnte reatha seo do na meáin thraidisiúnta. Cé nár ghlac an Rialtas go hiomlán le moladh BAI maidir le maoiniú níos mó a sholáthar do chraoltóirí seirbhíse poiblí, is amlaidh gur soláthraíodh roinnt maoinithe breise agus tugadh gealltanas an t-ábhar seo a scrúdú trí bhunú beartaithe an Choimisiúin Craolacháin um Thodhchaí na Seirbhíse Poiblí (leathnaíodh ina dhiaidh sin é chun gach meán a áireamh). Tá súil againn go dtiocfaidh den tionscnamh sa Phlean Gníomhaíochta Meán Pobail maidir le sainmhíniú níos oiriúnaí a fhorbairt ar choincheap an tsochair shóisialta, go mbainfidh an earnáil amach leibhéal níos mó tacaíochta maoinithe ó eagraíochtaí mar Pobal sa todhchaí.

Ghlac an téama **Cumarsáid agus Tionchar a Imirt** go leor ama agus acmhainní ar BAI le linn 2019 ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon. Ar leibhéal náisiúnta, ghlac an BAI páirt fhorleathan sa díospóireacht maidir le trasuí na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus na dtograí um Shábháilteacht ar Líne a ndearna an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil cur síos orthu. D'ullmhaíomar aighneacht chuimsitheach chuig comhairliúchán an Aire agus formhuiníodh go leor dár gcuid tograí sna Cinn Bhille don reachtaíocht nua a foilsíodh ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2020.

Bhí ról ríthábhachtach ag foireann BAI leis mar bhall de ghrúpa saineolach an Aontais Eorpaigh, grúpa, ERGA, agus beimid mar chomhchathaoirleach ar fhoghrúpa tábhachtach um chur chun feidhme Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in 2020.

Agus an tréimhse Straitéise seo á tabhairt chun críche againn agus pleananna á ndéanamh againn don chéad cheann eile, creidim go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag BAI maidir leis na téamaí straitéiseacha uile sa straitéis reatha. Cé go bhfuil go leor bainte amach, tá dúshláin shuntasacha ann fós agus sinn ag dul isteach sa chéad chéim eile den rialáil - trasuí na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc lena n-áirítear rialáil na meán nua; neamhchinnteacht airgeadais do na meáin thraidisiúnta agus conas is féidir craoltóirí poiblí, tráchtála agus pobail a neartú agus tacú leo; an gá leanúnach le héagsúlacht níos mó agus lena chinntiú go bhfanfaidh lucht féachana agus éisteachta nasctha agus cumhachtaithe. Gan dabht beidh gach ceann díobh sin lárnach sa chéad tréimhse Straitéise eile a mbeidh BAI ag deanamh comhchomhairliúcháin ina leith le linn 2020.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé buíochas a ghabháil arís le foireann BAI as a dtiomantas leanúnach d'obair ardchaighdeáin a tháirgeadh agus murach iad ní bheifí ábalta ar na cuspóirí sa Ráiteas Straitéise a sheachadadh.

Ar deireadh, gabhaim buíochas le Cathaoirligh agus le comhaltaí an Údaráis, an Choiste um Chomhlíonadh, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as a dtiomantas agus a dtacaíocht in 2019.

Michael O' Keeffe
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tÚdarás

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú Údarás Craolacháin na hÉireann lena n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr comhaltaí ag an Údarás, a gceapann an Rialtas cúigear acu ar ainmniú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá an ceathrar comhaltaí eile arna gceapadh ag an Rialtas tar éis don Chomhchoiste Oireachtais, a bhfuil freagracht air maidir le nithe craolacháin, próiseas roghnúcháin a reáchtáil.

Léirítear sa tábla thíos na comhaltaí den Údarás agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2019.

	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	10/10	02/12/2014
Iníon Mary Curtis	9/10	31/01/2017
An tUas. Ian McDonnell	10/10	02/12/2014
Iníon Grace Smith	10/10	02/12/2014
An tUas. Seán Ó Mórdha	10/10	17/02/2015
An tUas. Denis Wolinski	9/10	17/02/2015
An Dr. Rosemary Day	10/10	17/02/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	8/10	17/02/2015
Vivien McKechnie	9/10	20/03/2018

I measc phríomhfhreagrachtaí an Údaráis tá ceadúnú agus rialáil seirbhísí neamhspleácha raidió agus teilifíse, forbairt cóid agus rialacha craolacháin, maoiniú a sholáthar do chláir faoi na Scéimeanna Maoinithe Craolacháin, agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 ó thaobh a gcuspóirí seirbhíse poiblí.

Athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise BAI

Ba í 2019 an bhliain deiridh den Ráiteas Straitéise BAI reatha (2017-2019) agus bhain príomhfhócas don Údarás le dul chun cinn leanúnach na gcuspóirí agus na n-aidhmeanna straitéiseacha go léir mar atá leagtha amach sa doiciméad.

Tá sonraí faoi phríomhéachtaí maidir leis seo leagtha amach sa tuarascáil seo.

I gcaitheamh na bliana, chuir an tÚdarás tús lena athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtúlacht an Ráitis Straitéise mar a cheanglaítear faoi Alt 29(2) den Acht Craolacháin 2009. Beidh taighde príomhúil i measc pháirtithe leasmhara BAI ina bhonn eolais den chuid is mó faoin athbhreithniú agus táthar ag súil go gcríochnófar an próiseas go luath in 2020. Ina theannta sin, baileofar sa chleachtadh seo tuairimí ó pháirtithe leasmhara ar phríomhréimsí atá le breithniú i bhforbairt an chéad Ráitis Straitéise eile ag BAI.

Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht

I mí na Bealtaine 2019, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht de réir cheanglais Chód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. D'fháiltigh an tÚdarás roimh an deis dul i mbun na meastóireachta seo ar a fheidhmíocht féin agus mheas sé go raibh an cleachtadh ina chabhair chun a fheidhmiú éifeachtach féin a chur chun cinn. Ag eascairt as an athbhreithniú, d'aontaigh an tÚdarás le roinnt gníomhartha sonracha a dhéanamh a corpraíodh ina phlean oibre don chuid eile den bhliain agus isteach i 2020.

Ina measc sin bhí athbhreithniú ar an *Sceideal Ábhar atá Forchoimeádta lena gCinneadh ag an Údarás agus Coistí Reachtúla* agus doiciméid *Théarmaí Tagartha an Choiste Airgeadais, Iniuchóireachta agus Riosca*, cruinnithe neamhfhoirmiúla a thionól idir comhaltaí an Údaráis agus foireann BAI, agus cruinnithe bliantúla a sceidealaú le craoltóirí sna réigiúin.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus as líon feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste; ceathrar arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire, agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, arb iad beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2019.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tOllamh Kevin Rafter (Cathaoirleach)	6/6	31/01/2017
Iníon Eileen Maher	6/6	31/01/2017
An tUas. Nigel Heneghan	5/6	17/02/2015
Iníon Orlaith Carmody	2/2	03/09/2019
An Dr Rosemary Day	5/6	20/01/2015
Iníon Grace Smith	5/5	01/01/2019
Iníon Anne O'Brien	5/6	02/04/2015
An tUas. Neil O'Brien	6/6	14/09/2017

De réir a fheidhmeanna, thug an **Coiste um Chomhlíonadh** faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2019 a chuimsigh:

- Torthaí na ngearán ó dhaoine den phobal i gcoinne craoltóirí a chinneadh maidir le hiad a chloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Breithniú ar Athbhreithnithe Feidhmíochta ar Chonraitheoirí arna seoladh ag an bhFeidhmeannacht;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ar chomhlíonadh craoltóirí teilifíse maidir lena n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana BAI;
- Breithniú ar iniúchtaí teicniúla ar Chonraitheoirí;
- Breithniú agus faomhadh tuarascála don Aire ar chomhlíonadh craoltóirí neamh-Éireannacha maidir leis an gCód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta ag BAI;
- Breithniú ar chomhlíonadh Chraoltóirí Teilifíse Ceadúnaithe na hÉireann maidir leis Riachtanais um Shaothair Eorpacha Oibreacha de chuid na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as próisis iarratais ar cheadúnais a oibriú maidir le seirbhísí craolacháin. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo; ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire agus tá an ceathrar eile arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ar comhaltaí den Údarás iad agus beirt acu ar comhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann iad.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2019.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tUas. Ercus Stewart (Cathaoirleach)	10/10	10/03/2015
An tUas. John Hogan	9/10	10/03/2015
Iníon Eimer McGovern	9/10	10/03/2015
Iníon Clodagh O'Donnell	9/10	31/01/2017
Iníon Mary Curtis	6/9	13/12/2018
An tUas. Seán Ó Mordha	9/10	19/10/2017
An Dr Ciarán Kissane	9/10	14/09/2017
Iníon Celene Craig	9/10	02/04/2015

Áiríodh ar phríomhghníomhaíochtaí an **Choiste um Dheonú Conarthaí** in 2019:

- Pleananna ceadúnúcháin a chur i ngníomh do sheirbhísí raidió tráchtála agus pobail de réir mar a d'ordaigh an tÚdarás;
- Breithniú ar iarratais ar chonarthaí soláthair ábhair;
- Breithniú ar iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime pobail sealadacha agus trialacha.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste de chuid an Údaráis Cuimsíonn na dualgais agus na freagrachtaí dá chuid córais um rialú inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Cuimsíonn comhaltas an Choiste triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhfheidhmiúcháin neamhspleách.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2019.

Comhalta	Cruinnithe
An tUas. Alan McDonnell (Cathaoirleach)	4/4
An tUas. Denis Wolinski	2/4
An tUas. Dermot O'Riordan (Oifigeach Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách)	4/4
Iníon Vivien McKechnie	4/4

Thug an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faoi raon gníomhaíochtaí in 2019, lena n-áirítear:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras rialuithe inmheánacha lena n-áirítear ráitis airgeadais, iniúchadh seachtrach agus iniúchadh inmheánach BAI agus an Chiste Craolacháin;
- Idirchaidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hIniúchóirí Inmheánacha;
- Breithniú ar Thuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí;
- Gníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca lena n-áirítear maoirseacht ar Chlár Rioscaí Corparáideacha BAI.

Foireann Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann

Tacaíonn an fhoireann feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, le hobair a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar buanchoiste é, agus le hobair a Choiste um Chomhlíonadh agus a Choiste um Dheonú Conarthaí, ar coistí reachtúla iad.

Is í Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a threoraíonn obair Údarás Craolacháin na hÉireann agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht leis ar chur i ngníomh straitéise agus pleanála don eagraíocht ina hiomláine i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag BAI trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó.

Tá liosta den fhoireann go léir a bhí fostaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann an 31 Nollaig 2019 leagtha amach thíos:

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:	Michael O'Keeffe
Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin:	Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Aoife Clabby*, Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Declan McLoughlin, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Anne Louise O'Donovan, Clare O'Sullivan, Andrew Robinson

Bainisteoirí:

Liam Boyle, Richard Brennan, Gillian Collins, Philip Cooper, Jean Crampton, Monica Doyle, Elizabeth Farrelly, Brian Furey**, Patrick Goodliffe, Sarah Herron, Sally Kennedy, Louise McLoughlin, Deborah Molloy Bergin, Fionnuala Murphy, Roger Woods

Oifigigh Feidhmiúcháin:

David Carrie**, Rachel Casey, Jill Caulfield, Colm Coyne, Lucy Cuddihy, Teresa Kearns, Caroline Keville, Martina Mimnagh, Kevin Morgan, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone, Deborah Wade

Oifigigh Chléireachais:

Barry Casey, Laura Forsythe, Jennifer Gilsenan, Andrea Leonard, Jessica Scott

* ar shaoire iasachta
** ar shos gairme

Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2017-2019

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
- Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha.
- Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é.
- Clárúchán den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta.
- Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta á mhéadú.
- Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Rialúchán chun earnáil chraolacháin fhreagrach agus chuntasach a ghnóthú.
- Ceannaireacht a léiriú san fhorbairt inbhuanaithe ach caighdeáin arda sa chleachtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn.
- Comhshaol nuálaíoch oibre a chur chun cinn lena n-inspreagtar, lena dtugtar dúshlán agus lena bhforbraítear an BAI.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Is rialtóir iontaofa ag gach geallsealbhóirí é an BAI.
- Aithnítear an BAI agus an earnáil chraolacháin mar shamhlacha den dea-rialachas agus den fhreagracht chorparáideach.
- Tá béascna cheannaireachta agus fheidhmíochta ag an BAI.

FÍS

Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.

MISEAN

- Chun craolachán a rialú, a chothú agus chun tacú leis ar mhaithe leis an bpobal
- Chun iolracht glórtha, tuairimí, soláthraithe agus foinsí sna meáin Éireannacha a chur chun cinn
- Chun ábhar éagsúil den scoth arb ábhartha go cultúrtha é a chothú do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha

LUACHANNA

- Cóir
- Neamhspleách
- Saineolach
- Freagrach

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.
- Aird mhéadaithe ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud gach gníomhaíocht den BAI a chinntiú.
- Saothrú le geallsealbhóirí chun tacú le gnóthú inbhuanaitheachta níos mó d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Aithnítear an chruthaitheacht agus an nuálaíocht mar shainchomharthaí d'earnáil chlosamhairc na hÉireann agus de ghníomhaíochtaí an BAI.
- Forbraítear samhlacha cistithe inbhuanaithe d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Feiceann na geallsealbhóirí BAI mar ghlór faisnéiseach, údarásach agus a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán.

Luchtanna Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Tuiscint, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i dtírdhreach éabhlóideach na meán a fhorbairt.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Bíonn luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn níos nasctha, agus níos rannpháirtí leis an ábhar closamhairc.
- Tacaítear leis na luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn chun tuiscint níos mó a fhorbairt ar tháirgeadh agus leithdháileadh an ábhair chlosamhairc, agus chun bheith rannpháirteach ann.

Buaicphointí 2019

Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn

D'fhoilsigh an BAI a Phlean Gníomhaíochta Gaeilge i mí Feabhra 2019. Aithníonn an Plean an gá atá le cláir ardchaighdeáin i nGaeilge a chur chun cinn in earnáil closamhairc na hÉireann agus leagann sé amach gníomhaíochtaí chun forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh. Príomhthoradh den phlean ba ea comhbhunú Coiste Comhairleach Gaeilge, a mbeidh BAI agus Foras na Gaeilge ina gcomhchathaoirligh air.

Lean an scéim Maoiniúcháin Craolacháin Fuaim agus Fís ag breisiú agus ag méadú infhaighteacht ábhar clár Éireannach atá ábhartha ó thaobh an chultúir de agus bronnadh €11.7m chun tacú le craoladh 241 clár ar an raidió agus ar an teilifís.

Cumarsáid agus Tionchar a Imirt

Ar leibhéal náisiúnta, ghlac BAI páirt fhorleathan sa díospóireacht maidir le Sábháilteacht ar Líne agus Trasuí na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD) agus d'ullmhaigh siad aighneacht chuimsitheach mar fhreagra ar chomhairliúchán an Aire. Bhí ról suntasach ag BAI ar leibhéal Eorpach leis trínár gcuid oibre le ERGA agus ainmníodh é mar chomhchathaoirleach ar fhoghrúpa criticiúil um chur i ngníomh na Treoach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in 2020.

Mná na bPíop, arna léiriú ag Tyrone Production Ltd agus atá sceidealta lena chraoladh ag TG4: Tugann an láithreoir Louise Mulcahy éachtaint éifeachtach ar stair shóisialta agus chultúrtha na hÉireann ó thaobh dhearcadh uathúil na mban ceannródaíocha agus dúthrachtacha seo.

Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

Lean an líonra ilpháirtithe leasmhara Litearthacht sna Meáin, Éire (MLI), arna éascú ag BAI, ag tacú le lucht féachana agus éisteachta chun tuiscint agus rannpháirtíocht níos fearr a bheith acu maidir le táirgeadh agus scaipeadh ábhar closamhairc. I mí an Mhárta 2019, sheol BAI, i gcomhar le MLI, feachtas náisiúnta Be Media Smart chun go mbeidh sé ar aon uain leis an tSeachtain Eorpach um Litearthacht sna Meáin. Iarradh san fheachtas ar dhaoine de gach aois Stop, Smaoineamh agus Seiceáil a dhéanamh go bhfuil an t-eolas a fheiceann siad, a léann siad nó a chloiseann siad ar fud aon ardáin meán cruinn iontaofa.

Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú

Thacaigh Foghlaim agus Forbairt Earnála le roinnt tionscnamh spreagúil i rith na bliana. Reáchtáil Learning Waves an Clár Sparánachta Iriseoireachta inar tugadh intéirneachtaí íoctha do chúigear iriseoirí nua-chéime i stáisiúin raidió timpeall na tíre. Tionscnamh trasdisciplíneach gairmiúil agus líonraithe ab ea X-Pollinator a bhí dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an éagothroime inscne i dtionscal closamhairc na hÉireann a eagraíodh in imeacht dhá dheireadh seachtaine i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

Comhdháil Bhliantúil Litearthacht sna Meain, Éire: Martina Chapman, an tOllamh Brian O'Neill, an Dr. Aralynn McMane, Michael O'Keeffe, agus Isabelle Courtney

Bhunaigh BAI comhpháirtíochtaí nuálacha freisin le Sraith Shóisearach na Roinne Oideachais agus leis an tionscadal Cine4 i gcomhar le TG4 agus Fís Éireann.

Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

In 2019, thug BAI éifeacht dá thiomantas straitéiseach ceannaireacht a léiriú agus dea-chleachtas sóisialta agus comhshaoil a thaispeáint trí thús a chur le cur i ngníomh a Fhíse Inbhuanaitheachta agus a Phlean Gníomhaíochta do BAI agus don earnáil craolacháin araon. Tá an obair á treorú de réir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus de réir beartas náisiúnta.

X-Pollinator: **From Page to Screen: A Conversation on Writing Prose and Writing for the Screen – Differences, Challenges, Opportunities:** Sarah Davis-Goff, Anna McPartlin, Virginia Gilbert agus Kevin Power

Alt 1:

Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn

Cuspóirí Straitéiseacha

1. Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
2. Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/ éisteachta Éireannacha.
3. Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht shochaí na hÉireann é
4. Cláir Ghaeilge ardchaighdeáin a chothú agus a chur cinn

Torthaí faoin mbliain 2019

1. Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta
2. Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta méadaithe
3. Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

Tá ceithre bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre a thacaíonn go príomha leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimse iolarthacht na meán; seirbhísí craolacháin; scéimeanna maoinithe craolacháin agus an éagsúlacht sa tsochaí in Éirinn sna meáin chraolta. Déantar tuilleadh plé fúthu thíos faoi seo.

Iolarthacht na Meán

Ba phríomhthéama i Ráiteas Straitéise BAI 2017 - 2019 é an Iolarthacht a Chur Chun Cinn agus lean an tÚdarás ag cur iolrarthacht guthanna, tuairimí agus foinsí chun cinn le linn 2019. Ina theannta sin, chuir an BAI raon gníomhaíochtaí i ngníomh a dearadh chun díospóireacht a spreagadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta faoi iolarthacht na meán le fócas ar leith ar thábhacht mhéadaitheach ardán agus seirbhísí ar líne sa réimse seo. Críochnaíodh dhá phíosa mhóra oibre in 2019 faoin téama Iolarthacht - Beartas um Iolarthacht na Meán nua a thabhairt isteach agus an Beartas Úinéireachta agus Rialaithe a athbhreithniú agus a nuashonrú. Thacaigh BAI leis le foilsiú roinnt tuarascálacha taighde agus chuidigh sé le raon fóram náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tionscadal taighde.

Beartas BAI um Iolarthacht na Meán

Tugtar sa Bheartas um Iolarthacht sna Meáin comhthéacs do ról BAI i leith iolarthacht na meán; soláthraíonn sé sainmhíniú ar iolarthacht na meán; tugtar breac-chuntas ann ar an gcúis a bhfuil iolarthacht na meán tábhachtach; sonraítear ann cuspóirí beartais; agus tugtar ann breac-chuntas ar na bearta a ghlacann BAI - agus a leanfaidh siad á nglacadh - chun iolarthacht na meán in Éirinn a chur chun cinn agus tacú léi. Is féidir teacht ar an mBeartas ag www.bai.ie/ga/.

Beartas Úinéireachta agus Rialaithe BAI

Tugann an beartas seo éifeacht phraiticiúil do na hoibleagáidí atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009 nach mór do BAI a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh ar an iarratasóir is oiriúnaí chun conradh seirbhíse raidió nó teilifíse a dhámhachtain. Úsáideann an BAI é leis chun iarrataí ar athruithe ar úinéireacht agus rialú na seirbhísí craolacháin atá ann cheana a mheas, mar shampla, athruithe ar scairshealbhuithe agus stiúrthóirí. Rinneadh an Beartas a athbhreithniú go luath in 2019 tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí.

Agus na haighneachtaí comhairliúcháin á mbreithniú, rinne an BAI breithniú cúramach ar iarratais chun na teorainneacha reatha ar úinéireacht na hearnála raidió tráchtála a mhaolú. Chreid an tÚdarás, áfach, go raibh an uasteorainn oiriúnach agus choinnigh sé í seo sa bheartas athbhreithnithe. Deirtear ann nach féidir le níos mó ná 25% de sheirbhísí raidió tráchtála a bheith faoi úinéireacht aon duine nó grúpa amháin agus nach bhfuil níos mó ná 20% ag aon ghrúpa faoi láthair. Is féidir teacht ar an mBeartas ag www.bai.ie/ga/.

Seoladh ElectCheck 2019: An Dr. Edward Casey, An Dr. Niamh Kirk, Michael O'Keeffe, An Dr. Jane Suiter agus an tOllamh Pauric Travers

Athbhreithniú ar Chur i nGníomh an Chóid Cleachtais um an mBréagaisnéis

Le linn 2019, bhí BAI ina chathaoirleach ar fhoghrúpa Ghrúpa Rialtóirí Eorpacha na Meán Closamhairc (ERGA) ar Iolarthacht na Meán. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa seo cúnamh a thabhairt do Choimisiún AE chun cur i ngníomh agus éifeachtacht Chód Cleachtais AE um an mBréagaisnéis a mheas, is rud a tugadh isteach do chuideachtaí meán digiteach mar Facebook, Google agus Twitter. D'iarr ERGA ar údaráis rialála náisiúnta tabhairt faoi thaighde a dhéanfadh scrúdú ar chur i ngníomh an Chóid ar leibhéal náisiúnta agus sa chomhthéacs sin choimisiúnaigh BAI an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun dhá thuarascáil shonracha taighde a tháirgeadh.

Scrúdaíodh sa chéad cheann acu, ElectCheck 2019, conas mar a chuir Facebook, Twitter agus Google a ngealltanais i ngníomh maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla le linn fheachtas Thoghchán Eorpach 2019. Chuir tuarascáil na hÉireann le tuarascáil níos leithne de chuid ERGA a thug aghaidh ar na ceisteanna céanna agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2019. Tháinig tuarascálacha na hÉireann agus ERGA araon ar an tátal gurb amhlaidh, cé go raibh ardáin ag plé go gníomhach lena ngealltanais chun tacú le trédhearcacht toghcháin, go raibh easnaimh shuntasacha ann maidir leis an soláthar sonraí chun tacú leis an bpróiseas faireacháin. Chuir an taighde béim leis ar easpa comhsheasmhachta ó ardán go hardán sa tslí ar chuir siad faisnéis i láthair agus sa chaoi ar sainíodh fógraíocht pholaitiúil agus fógraíocht atá bunaithe ar shaincheisteanna.

Féachadh sa Dara Tuarascáil, CodeCheck, ar an gcaoi ar chuir Facebook, Twitter, Microsoft agus Google a ngealltanais i ngníomh faoi gach ceann de na cúig philéar den Chód le linn 2019 le fócas ar leith ar ghníomhaíochtaí chun tomhaltóirí agus an comhphobal taighde a chumhachtú. Foilseofar an Tuarascáil seo sa chéad ráithe de 2020. Cé gur céadchéim mhór é an Cód Cleachtais, tá laigí suntasacha ann maidir le struchtúr, ábhar agus forfheidhmiú nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

Mar chuid den phróiseas seo ghlac baill foirne de chuid BAI páirt i roinnt díospóireachtaí Eorpacha ar an mbréagaisnéis lena n-áirítear ceardlann agus comhdháil arna hóstáil ag Comhpháirtíocht Eorpach an Daonlathais sa Bhruiséil, ceardlann ar an mbréagaisnéis arna hóstáil ag rialtóir closamhairc na hIodáile AgCom sa Róimh agus ceardlanna de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le páirtithe leasmhara iomchuí maidir le cur chun feidhme agus éifeachtúlacht an Chóid.

Tá ElectCheck 2019 ar fáil ag www.bai.ie/ga/ agus tá tuarascáil ERGA ar fáil ag erga-online.eu/

Bunachar Sonraí Úinéireachta Meán

Seoladh na Tuarascála ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters 2019: Jon Williams, An Dr. Eileen Culloty, Gabrielle Cummins, An Dr. Niamh Kirk agus Adrian Acosta

Tar éis próiseas tairisceana, shínigh BAI conradh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun faisnéis a fhoilsiú ar bhonn bliantúil ar feadh trí bliana faoi shocruithe úinéireachta agus rialaithe gnóthas a sheolann gnó meán sa stát agus cur síos a dhéanamh ar aon athruithe a tharla ó fhoilsiú na tuarascála bliantúla roimhe sin. Clúdóidh an chéad tuarascáil den sórt sin an tréimhse ó Eanáir 2018 go Nollaig 2019 agus foilseofar í i Ráithe 2 2020. Aithníodh an gá le bunachar sonraí den sórt sin in athbhreithnithe iolarthachta roimhe seo lena n-áirítear freagraí ar an gcomhairliúchán ar dhréacht-Bheartas BAI um an Iolarthacht.

Tuarascáil Nuachta Digití Reuters

Ba í 2019 an cúigiú bliain a gheall BAI go gcuirfí Éire san áireamh i dTuarascáil Dhomhanda ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters. Chuir an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) tuarascáil na hÉireann in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) ar fáil agus choimisiúnaigh BAI í. Is cuid í de thuarascáil Dhomhanda a thiomsaigh Reuters atá bunaithe ar shuirbhé ar níos mó ná 74,000 duine i 37 margadh.

Dhírigh tuarascáil na hÉireann 2019 ar phríomhcheisteanna a bhaineann le 'nuacht bhréige' agus an bhréagaisnéis agus féachadh inti leis ar threochtaí maidir le 'íoc as nuacht', líonraí sóisialta oscailte agus dúnta atá á n-úsáid i gcomhair nuachta, agus an podchraoladh.

Thug príomhthorthaí as an tuarascáil faoi deara go raibh méadú ar líon na nÉireannach a bhí sásta íoc as nuacht ar líne agus go raibh imní ag teacht orthu faoi 'nuacht bhréige' ar an idirlíon. Tríd is tríd, áfach, is gnách go mbíonn muinín níos mó ag lucht féachana agus éisteachta na hÉireann sa soláthar nuachta, go háirithe ó fhoinsí nuachta traidisiúnta na meán teilifíse, raidió agus cló.

Monatóir ar an Iolarthacht sna Meáin

Leanann BAI ag cuidiú le cur i ngníomh an Mhonatóra ar an Iolarthacht sna Meáin in Éirinn. Tá BAI ar cheann de na hathbhreithneoirí saineolacha ar chur i ngníomh rogha de na táscairí agus chuidigh an tÚdarás le raon athbhreithnithe agus díospóireachtaí eile leis i dtaobh mheasúnú ar iolarthacht sna meáin in Éirinn agus i dtíortha eile de AE.

Straitéis Seirbhísí Craolacháin

Síniú Chonradh Dundalk FM: Alan McDonnell, Alan Byrne, Louise McLoughlin, Joe Duffy, Elizabeth Farrelly agus Michael O'Keeffe

Tugtar sa Straitéis Seirbhísí Craolacháin an creat le go gcuireann Údarás Craolacháin na hÉireann pleananna ceadúnúcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara ceadúnúcháin ag BAI le chéile. Tá sé ar cheann de na príomhshlite trína gcomhlíonann an tÚdarás go leor dá chuspóirí reachtúla agus, go háirithe, a phríomhchuspóir reachtúil iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfreastalaíonn líon agus catagóirí na seirbhísí craolacháin sa Stát ar an tslí is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, á gcur san áireamh a dteangacha, a dtraidisiúin, a n-éagsúlacht reiligiúnach, eiticiúil agus chultúrtha. Tacaíonn sí leis le seirbhísí craolacháin oscailte iolraíoch a sholáthar in Éirinn.

Gníomhaíocht Ceadúnúcháin Raidió sa bhliain 2019

Le linn 2019 lean BAI ag cur pleananna ceadúnaithe i ngníomh don raidió tráchtála agus pobail, arbh é a bhí i gceist leo tabhairt faoi phróisis cheadúnúcháin do sheirbhísí atá ann cheana agus a raibh a gconarthaí le dul in éag.

Tar éis cead a fháil ón Údarás, chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí na pleananna i ngníomh ina dhiaidh sin.

Faoi dheireadh na bliana, síníodh trí chonradh craolacháin fuaime; bhí na próisis cheadúnúcháin i gcomhair dhá sheirbhís eile beagnach críochnaithe, agus bhí na próisis a bhaineann le trí sheirbhís raidió eile ar siúl.

Tá na seirbhísí lena mbaineann agus a stádas amhail an 31 Nollaig 2019 mionsonraithe sa tábla thíos.

An Raidió Tráchtála

Stáisiún	An Cineál Staisiúin	An Lucht Éisteachta Sprice	Limistéar an tSaincheadúnais	Stádas 31 Nollaig 2019	Iarratasóir / Conraitheoir
Classic Hits	Seirbhís Ilchathracha atá Bunaithe ar Cheol	Aoisghrúpa 45+	Cathair, Contae agus crios Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath, Contaetha Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus an Chláir.	An Conradh Dáfa i bPrionsabal agus idirbheartaíocht conartha ar siúl	Choice Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil mar Classic Hits
iRadio	Seirbhís Réigiúnach atá Bunaithe ar Cheol (Seirbhís do Dhaoine Óga)	15-34 Bliana d'Aois	Réigiún an Iarthuaiscirt & Réigiún Lár Tíre & Thoir Thuaidh	Síníodh an Conradh 14 Samhain 2019	Wilton Radio Ltd a bhíonn ag trádáil mar iRadio
Dublin's Q102	Seirbhís bunaithe ar cheol do Lucht éisteachta ginearálta	Aoisghrúpa 35-55 bliana	Cathair & Contae Bhaile Átha Cliath	Próiseas Ceadúnúcháin ar siúl	City Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil mar Dublin's Q102
Radio Nova	Seirbhís bunaithe ar rac-cheol clasaiceach	25+ bliana	Cathair, Contae agus crios Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	Próiseas Ceadúnúcháin ar siúl	Classic Rock Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil Radio Nova
Spirit Radio	Seirbhís Chríostaí agus reiligiúnach	15+ bliana	Gar-náisiúnta	Próiseas Ceadúnúcháin ar siúl	Spirit Radio Ltd a bhíonn ag trádáil mar Spirit Radio

An Raidió Pobail

Stáisiún	An Cineál Staisiúin	Limistéar an tSaincheadúnais	Limistéar an tSaincheadúnais	Stádas 31 Nollaig 2019	Iarratasóir / Conraitheoir
Dundalk FM	Seirbhís Raidió Pobail	Pobal Áitiúil	Dún Dealgan agus an ceantar Máguaird	Síníodh an Conradh an 27 Lúnasa 2019	Dundalk Media Centre CLG a bhíonn ag trádáil mar Dundalk FM
Claremorris Community Radio	Seirbhís Raidió Pobail	Pobal Áitiúil	Clár Chlainne Mhuiris agus an ceantar Máguaird	Síníodh an Conradh an 27 Meitheamh 2019	Claremorris Community Radio CLG
Near FM	Seirbhís Raidió Pobail	Pobal Áitiúil	Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath	An Conradh Dáfa i bPrionsabal agus idirbheartaíocht conartha ar siúl	Dublin North East Community Communications Co-operative Society Ltd a bhíonn ag trádáil mar Near FM

Seirbhísí Craolachán Fuaime Sealadacha

I ngach bliain, bronnann BAI conarthaí raidió sealadacha ar iarratasóirí atá ag iarraidh seirbhís craolacháin shealadach a oibriú ar feadh tréimhse ghearr. Is iad an dá phríomhchineál seirbhísí raidió sealadacha a thairgtear: 1) iad siúd a oibríonn seirbhís raidió shealadach rialta ar feadh suas le 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí, agus 2) iad siúd a oibríonn seirbhís phíolótach raidió shealadach pobail ar feadh suas le 100 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí.

Iarrann iarratasóirí ar Sheirbhísí Sealadacha Rialta conradh craolacháin fuaime 30 lá le haghaidh réimse gníomhaíochtaí éagsúla ar nós imeachtaí speisialta, féilte, fiontair scannáin tiomáint isteach, seirbhísí séasúracha agus iad ag freastal ar champais coláistí, tionscnaimh reiligiúnacha, shóisialta agus chultúrtha leis. Is grúpaí pobail iad iarratasóirí ar Sheirbhísí Pobail Píolótacha a lorgaíonn conradh craolacháin fuaime 100 lá in imeacht tréimhse 12 mhí chun freastal ar an bpobal a ndéanann siad ionadaíocht air le cláir atá dírithe ar an bpobal.

In 2019, bhronn an Coiste um Dheonú Conarthaí 22 chonradh shealadacha craolacháin fuaime. Tháinig naoi gcinn de na hiarratais ar éirigh leo ó ghrúpaí pobail píolótacha seanbhunaithe nó ó ghrúpaí pobail nua a dteastaíonn uathu teacht chun cinn, agus seirbhísí sealadacha rialta ab ea na 13 iarratas eile ar éirigh leo.

Conarthaí Soláthair Lánais

Déantar foráil le halt 71 den Acht Craolacháin 2009 maidir le conarthaí soláthair lánais a dheonú i gcomhair teilifíse agus raidió. Ceanglaítear ar iarrthóirí ar éirigh leo a lorgaíonn an cineál seo conartha craoladh ar leithligh a shocrú ar ardán cuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte, ar theilifís trastíre dhigiteach nó ar Phrótacal Idirlín. Fuarthas ocht n-iarratas den sórt sin in 2019, inar deonaíodh na conarthaí seo a leanas do gach iarrthóir acu:

- **LaLiga TV** – a thairgeann clúdach beo ar an tsraith is airde de pheil na Spáinne do lucht féachana Sky in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.
- **Setanta Sports + (Ukraine)** - a sholáthraíonn réimse leathan de chlúdach spóirt don lucht féachana san Úcráin.
- **Setanta Sports 2** – a sholáthraíonn clúdach spórt beo agus cláir spóirt do raon tíortha in Oirthear na hEorpa agus san Áis.
- **SIS (Sport Information Services)** – (Sport Information Services) – a sholáthraíonn seirbhísí gealltóireachta agus ábhar gaolmhar d'oibreoirí miondíola agus ar líne ar fud an domhain ar fud trí chonradh ar leithligh.
- **Virgin 100** – Cainéal faisnéise Virgin Media Television Ireland.

Mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, chuaigh BAI i dteagmháil le craoltóirí atá lonnaithe i RA agus atá ag leanúint ar aghaidh ag iniúchadh na féidearthachta go bhféadfaidís a gcuid oibríochtaí a aistriú go hÉirinn mar ullmhúchán do Brexit. Fuarthas roinnt fiosrúchán ó chraoltóirí atá lonnaithe i RA i gcaitheamh na bliana ar an ábhar seo.

Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim

Cabhraíonn an bhainistíocht agus pleanáil speictrim lena chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtúla is féidir as an speictream raidió ón taobh sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil de. Lean BAI den idirchaidreamh le gníomhaireachtaí agus ranna sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn maidir le gníomhaíochtaí speictrim agus gaolmhara le linn 2019 chun timpeallacht dhearfach a chinntiú d'fhorbairt seirbhísí craolacháin in Éirinn. Áiríodh leis sin measúnú ar leithdháiltí DAB in Éirinn agus in RA chun a chinntiú go bhfuil rochtain chothromasach ag an dá dhlínse ar speictream chun forbairt líonraí DAB a chur chun cinn. Ina theannta sin, rinneadh obair phleanála tosaigh ar ghnéithe cumarsáide na n-athruithe minicíochta ar líonraí Saorview agus Freeview DTT.

Tá comhaontuithe idirnáisiúnta i bhfeidhm maidir le raidió FM ó 1984 i leith agus tá na tréithe teicniúla i leith stáisiúin chraolacháin comhaontaithe idir tíortha comharsanacha a chabhraíonn lena chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach tír ar speictream raidió FM. Oibríonn BAI go dlúth leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide chun anailís a dhéanamh ar thograí craolta ó thíortha comharsanacha chun a chinntiú nach gcuirfeadh aon athruithe teorainn mhíchuí le clúdach craoltóirí reatha nó amach anseo in Éirinn. Le linn 2019, rinne BAI measúnú ar thograí tarchuir nua agus d'aithin sé modhnuithe ar líonraí tarchurtha leis chun clúdach do roinnt seirbhísí raidió a fheabhsú agus / nó a leathnú. Ina measc sin bhí: Clúdach feabhsaithe Classic Hits i gceantar Mhainistir Fhear Maí agus leathnú an chlúdaigh do Spirit Radio. Lorgaíodh ceadúnais leis ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide do stáisiúin raidió pobail shealadacha agus phíolótacha.

Síniú Chonradh iRadio: Dr. Pauric Travers, Willie O'Reilly, Lisa McConn, Michael O'Keeffe agus Mark Cunning

Na Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin

Is í sprioc Chiste Craolacháin BAI go méadófar ar an rochtain phoiblí ar chláir ardcháilíochta teilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge agus chun cistiú a dhéanamh ar chartlannú ábhair clár a dhéantar chun a chraolta. Cruthaítear ioncam an Chiste trí 7% de ghanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse. Bhain craoltóirí, léiritheoirí neamhspleácha agus an lucht éisteachta agus féachana an-tairbhe as an gciste seo ó thaobh tacú le lánas nua closamhairc ardchaighdeáin a tháirgeadh, lena n-áirítear lánas as Gaeilge. Lean an éagsúlacht lánais a craoladh ar raon leathan de chainéil raidió agus teilifíse de bheith ag méadú i gcaitheamh 2019.

Is iad na scéimeanna a oibrítear faoin gciste ná **Fuaim agus Fís 3**, trína dtacaítear do chistiú clár agus bearta coimhdeacha agus **Scéim um Chartlannú 2**, trína soláthraítear cistiú chun cultúr cartlannúcháin a fhorbairt in earnáil craolacháin na hÉireann is rud a chuidíonn le hoidhreacht agus taithí chraolacháin na hÉireann a chaomhnú.

Fuaim agus Fís 3

Mar thoradh ar dhá bhabhta d'Fhuaim agus Fís 3 le linn 2019, bronnadh maoiniú ar 241 tionscadal ar luach €11.7m. Tá tiomantas sa Chiste tacú le táirgeadh clár Gaeilge agus in 2019 soláthraíodh timpeall 27% den mhaoiniú a leithdháileadh (€3.1m) chun 56 thionscadal Gaeilge nó dhátheangacha a tháirgeadh.

Díríodh i mBabhta 33, an dara babhta maoinithe in 2019, ar théama Scéalta na mBan, chomh maith leis an gcritéar atá ann cheana a bhaineann le rannpháirtíocht na mban i bpríomhróil chruthaitheacha. Mar thoradh ar an tionscnamh sin, a cuireadh i ngníomh mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Inscne BAI, bronnadh maoiniú ar gach clár teilifíse agus 72% de na cláir raidió faoin téama seo. Breithníodh sa dá bhabhta in 2019 leis rannpháirtíocht na mban i bpríomhróil chruthaitheacha agus tionscadail á meas.

Leathnaíodh iad sin chun an tEagarthóir agus an Stiúrthóir Grianghrafadóireachta a chur san áireamh chomh maith leis an Léiritheoir, an Stiúrthóir agus an Scríbhneoir. Tugadh faoi deara gur lean mná ag déanamh ionadaíochta ar leibhéal ard ar fud na dtionscadal go léir a dtacaítear leo.

De réir chritéir na Scéime agus aidhmeanna straitéiseacha an Údaráis, leithdháileadh maoiniú ar raon leathan seánraí agus formáidí agus cuireadh béim ar an nGaeilge, éagsúlacht an lucht féachana agus éisteachta agus eilimintí déimeagrafacha. Maoiníodh raon tionscadal ardchaighdeáin ag feidhmiú ar bhonn náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus pobail trína bhfreastalaítear ar mheascán de lucht féachana agus éisteachta.

Miondealú ar Theilifís/Raidió, ar an gCineál Craoltóra agus an Lucht Féachana agus Éisteachta 2019

Teilifís/Raidió	An Líon Tionscadal	€ Cistí Iomlána a Dámhadh	%
Raidió	185	€1,274,880	11%
Teilifís	56	€10,402,764	89%
An Cineál Craoltóra			
Pobal	85	€741,213	6.34%
Tráchtáil	91	€3,081,067	26.38%
Craoltóir Seirbhíse Poiblí	65	€7,855,364	67.26%
An Lucht Féachana agus Éisteachta			
<15	13	€1,532,884	13%
15-34	12	€811,695	7%
35-54	7	€420,390	3.6%
Gach Aosach	171	€6,713,617	57.5%
Teaghlach	38	€2,199,058	18.8%

Maoiniú faoi Fhuaim agus Fís don teilifís agus don raidió



- **€10.4m** do 56 thionscadal teilifíse
- **€1.27m** do 185 thionscadal raidió

An líon clár a maoiníodh, de réir formáide



- Beochan: **4**
- Clár Faisnéise: **169**
- Drámaíocht: **31**
- Oideachas: **14**
- Siamsaíocht: **23**

An líon clár a maoiníodh, de réir seánra



- Litearthacht d'Aosaigh/sna Meáin: **5**
- Na hEalaíona/An Cultúr: **48**
- Do Leanaí: **17**
- Sochaí Comhaimseartha: **91**
- An tSochai Faoi Láthair: **68**
- An Eolaíocht/An Dúlra /An Timpeallacht: **12**

An Scéim a athbhreithniú agus scéim nua a fhorbairt

De bhun alt 158 (1) den Acht Craolacháin 2009, ní mór don Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú, éifeachtúlacht agus tionchar na Scéime Fuaim agus Fís i gceann gach 3 bliana. I mí na Nollag 2018, tar éis próiseas tairisceana, ceapadh Mediatique Limited chun an t-athbhreithniú a dhéanamh a críochnaíodh i mí Iúil 2019. Bhí leibhéal láidir rannpháirtíochta ag páirtithe leasmhara ar fud an phróisis athbhreithnithe. Fionnadh san athbhreithniú go rabhthas sásta tríd is trid leis an Scéim i measc páirtithe leasmhara agus chinn sé go raibh Fuaim agus Fís 3 an-éifeachtach ó thaobh a phríomhchuspóirí a bhaint amach. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus cuireadh os comhair Thithe an Oireachtais í ina dhiaidh sin.

Tar éis an t-athbhreithniú ar Fhuaim agus Fís 3 a bheith críochnaithe, forbraíodh dréachtscéim nua, Fuaim agus Fís 4, agus í bunaithe ar fhionnachtana an athbhreithnithe. Rinneadh comhairliúchán poiblí ar an scéim nua sa dara leath de 2019. Bhí rannpháirtíocht an-mhaith leis an gcomhairliúchán ar fud na n-earnálacha neamhspleácha léiriúcháin agus craolacháin. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara le linn an phróisis sin, chuir BAI an Scéim nua i gcrích agus cuireadh ar aghaidh go dtí an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil í lena faomhadh roimh dheireadh na bliana.

Fuaim & Fís: Finky

Buaicphointí Fhuaim agus Fís 3 do 2019

Teilifís

Life Off the Blue Tar Road – Diarmuid McIntyre a bhíonn ag trádáil mar Grey Heron Media

Diarmuid McIntyre a bhíonn ag trádáil mar Grey Heron Media agus Grúpa Lucht Siúil Chill Mocheallóg a léirigh lena chraoladh ar Theilifís Phobail Chorcaí, tugann an tionscadal "Life Off the Blue Tar Road" cuireadh don lucht féachana tumadh isteach i saol mhná Lucht Siúil Chill Mocheallóg, ina n-iniúchtar aitheantais, traidisiún agus nascthacht, agus na dúshláin a bhíonn le sárú ag mná an Lucht Siúil gach lá

Baill de Ghrúpa Ban Lucht Siúil Chill Mocheallóg: Eileen O'Keefe (Forbairt Bhealach Abhra Teo.) le Joanna Lenihan, Helen McDonagh, Hannah O'Donnell i mbun tobsmaointeoireachta i gcomhair "Life off the Blue Tar Road" le Diarmuid McIntyre.

In Their Own Words - Yellow Asylum

Yellow Asylum a léirigh agus Oireachtas TV a chraol, déantar in "In Their Own Words" scéal streachailt mhná na hÉireann ar son an chomhionannais agus na hionadaíochta sa réimse polaitiúil a dhoiciméadú, scéal a insítear go heisiach trí fhianaise phearsanta na mban atá i gceist. Alan Gilsenan a stiúraigh, agus is é aidhm an chláir faisnéise seo an stair riachtanach seo a chur ar ais go dtí príomhshrutha shaol cultúrtha na hÉireann agus an dioscúrsa sa phobal.

'In Our Own Words: Iar-Uachtarán Mary Robinson



Finky: Póstaer eisiúna

Finky – Abú Media Teo

Abú Media Teo a léirigh agus TG4 a chraol, is é "Finky" an chéad tionscadal a cuireadh i gcrích faoi Fhuaim agus Fís 3 le maoiniú forbartha tosaigh tríd an tionscnamh Cine4 idir BAI, Fís Éireann agus TG4. Dathaí Keane a stiúraigh, leantar sa phríomhscannán drámaíochta Gaeilge neamhghnách seo an carachtar Finky, ar ceoltóir agus puipéadóir é ag a bhfuil saol tragóideach a dtugtar deis dó é féin a shlánú nuair a earcaíonn sorcas foréigneach, avant-garde é. Taispeánadh "Finky" den chéad uair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe in 2019 áit ar bhuaigh sé an Chineamatagrafaíocht is Fearr i ngradam Príomhscannáin Éireannaigh.

Darklands - Parallel Television

Parallel Television a léirigh agus Virgin Media a chraol, is sraith drámaíochta coireachta ghríosaitheach é "Darklands" atá suite i measc cogadh drong i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Mark O'Connor stiúraigh, agus insítear ann scéal garsúin 16 bliana d'aois a bhfuil sé d'uaillmhian aige a bheith ina throdaire gairmiúil de chuid MMA agus na dúshláin atá roimhe agus é ag iarraidh éalú ó shaol contúirteach drong drugaí agus foréigin nuair a théann a dheartháir ar iarraidh. Bhí roinnt aisteoirí sa tsraith nach raibh ar an scáileán riamh cheana, lena n-áirítear an príomhaisteoir óg Dane Whyte O'Hara.

Darklands

Blue Atlantic

Blue Atlantic - Sea Fever Productions Ltd

Sea Fever Production Ltd a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag RTÉ a hAon, filleann Ken O'Sullivan le sraith leantach den tsraith faisnéise staire nádúrtha "Deep Atlantic", a rabhthas an-sásta leis, dar teideal Blue Atlantic. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal leanúint ar aghaidh ag tuairisciú scéal suimiúil shaol farraige Atlantach na hÉireann agus an tionchair atá againn ar ár n-aigéin. Tá sé beartaithe go dtosófar an léiriú in 2020.

John Connors' Acting Academy - Frontline Films

Frontline Films a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag RTÉ 2, is sraith chumhachtach é "John Connor's Acting Academy" a chuireann an t-aisteoir John Connor i láthair agus é ag glacadh grúpa daoine 18 - 24 bliana d'aois ó phobail imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste agus ag plé leo i ngrodchúrsa dianaisteoireachta. Le cúnamh ó ghairmithe éiritheacha eile sa tionscal, soláthraíonn John Connor an chéad deis mhór dóibh a ngairmeacha aisteoireachta a thosú.

The Day We Landed on the Moon - Indiepics

Indiepics a léirigh agus RTÉ a hAon a chraol, ba ócáid bheo uaillmhianach é "The Day We Landed on the Moon" ar ghlac léirmheastóirí go maith leis, agus chruthaigh sé lucht féachana láidir, tras-déimeagrafach. Rinne an t-imeacht teilifíse beo seo comóradh ar chothrom 50 bliain ó tuirlingíodh den chéad uair ar an ngealach le ceiliúradh a leag béim ar ionad na hÉireann i dtaiscéalaíocht an spáis san am a chuaigh thart, san am i láthair agus sa todhchaí.



The Day We Landed on the Moon

Dochas – A Place of Hope - Midas Productions

Midas Productions a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag Virgin Media One, is sraith tumtha é "Dochas - A Place of Hope" a thaispeánann scéalta gan insint na bpríosúnach ban a insítear i gcomhthéacs a saol go dtí seo, san am i láthair agus sa todhchaí. Déantar agallaimh fhíormhacánta agus thochtmhara a cheangal le clár faisnéise fíorbhreathnóireachta, nochtann an tsraith seo fíorshaolta cuid de na mná is lú cumhacht agus is lú ceart in Éirinn agus féachann sí le comhrá sochaíoch níos leithne a spreagadh i dtaobh na slí a gcaitear leis na mná in Éirinn.

74 Days: Inside Terrence Mac Swiney's Hunger Strike - Forefront Productions

Forefront Productions a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag RTÉ a hAon, déantar i "74 Days: Inside Terrence Mac Swiney's Hunger Strike " athchruthú go dinimiciúil ar ócáid ríthábhachtach i stair na hÉireann a bhain croitheadh as an saol ach atá ar an imeall ó shin. Trí úsáid a bhaint as eolaíocht cheannródaíoch agus fianaise ó thriúr finnéithe mná a bhí ar an láthair, a bhean Muriel agus a dheirfiúracha Mary agus Anne, chun scéal gan insint na 74 lá deiridh dá shaol a athchruthú ar shlí nach bhfacthas riamh cheana.

Mná na bPíob: Anna Barry 1901 [Ábhar ón gcartlann]

Mná na bPíop – Tyrone Productions Ltd

Tyrone Production Ltd a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag TG4, is clár faisnéise suntasach fada é "Mná na bPíop" a cheiliúrann den chéad uair an méid dochreidte a rinne Píobairí Uilleann mná ar fud an 19ú agus an 20ú haois. Trína gceart cóir chun aitheantais a fháil a chinntiú, soláthraíonn Louise Mulcahy, píobaire cáiliúil agus taighdeoir paiseanta, léargas gairid eolasach ar stair shóisialta agus chultúrtha na hÉireann ó dhearcadh uathúil na mban ceannródaíoch agus diongbháilte seo.

Sarah-Anne Buckley, láithreoir, agus Ciara Breathnach, staraí, amuigh ar an suíomh i Músaem Phríosún Chill Mhaighneann i gcomhair 74 Days: Inside Terence MacSwiney's Hunger Strike.

An Raidió

- **The Importance of Being Elderly** - Léirithe agus sceidealta lena chraoladh ag Athlone Community Radio, déanann "The Importance Of Being Elderly" scrúdú ar a bhfuil i gceist le bheith scothaosta in Éirinn san 21ú haois, ag féachaint ar conas mar a chaithimid lenár seandaoine, na tacaíochtaí atá ar fáil agus an ról tábhachtach atá ag daoine os cionn 65 bliana d'aois inár sochaí.

- **Mother's Blood, Sister Songs** - Léirithe ag Athena Media agus arna chraoladh ag RTÉ Lyric FM, rinne "Mother's Blood, Sister Songs" iniúchadh ar an gceangal idir fréamhacha cheol Ceilteach na hÉireann agus na hÍoslainne. Is gnéshraith faoi stiúir an cheoil é a dhéanann iniúchadh ar oidhreacht, teanga, ceol agus inscne agus iad ag tarraingt amach scéalta nach bhfuil mórán eolais orthu i dtaobh bhunús Ceilteach na hÍoslainne trína mná. Bhuaigh an tsraith duais óir ag gradaim Fhéilte Nua Eabhrac in Aibreán 2020.

- **TY Media Week** - Learning Waves a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag KCLR, 96FM, LMFM, WLR FM, Newstalk, Beat 102-103, Ocean FM, Mid-West Radio, Tipp FM, FM104, Clare FM, Q102, Corks Red FM, Radio Kerry, Galway Bay FM agus Shannonside Northern Sound. Tionscadal ab ea TY Media Week inar chruthaigh 225 Mhac Léinn Idirbhliana 30 uair an chloig de raidió agus é mar aidhm feasacht ar Litearthacht sna Meáin a mhúscailt i measc an ghrúpa agus lucht féachana faoi chuing níos leithne.

- **Owenduff** – Éamonn Little a léirigh agus tá sé sceidealta lena chraoladh ag Newstalk, clár faisnéise raidió faisnéiseach ab ea Owenduff a phléann agus a dhéanann comparáid idir seanslite maireachtála i gceantar an-iargúlta i Maigh Eo leis an slí mhaireachtála atá ann faoi láthair mar iarracht feasacht a mhúscailt faoin timpeallacht agus na nósanna maireachtála atá ag athrú agus an tionchar a bhíonn ag na cinntí a dhéantar ar chaidreamh daoine leis an domhan nádúrtha.

- **Six Dads** - Julien Clancy a léirigh agus RTÉ Radio 1 Extra a chraol, ba shraith aoibhinn é "Six Dads" ar eispéireas na hathaireachta, a fuair gradam Óir IMRO C6 as a scéal láidir ar a bhfuil i gceist le bheith i d'athair inniu.

- **James's Story** – Kevin Brew a léirigh agus RTÉ Radio 1 a chraol, ba dhráma raidió spreagúil é "James's Story" i dtaobh Póitseálaí Scéalata agus é ag déanamh malairt insinte as na scéalta a insítear leis. Bronnadh Gradam Óir IMRO C5 ar an scéal iontach seo in 2019.

- **Youthquake 2** – Aoibhin Fallon a léirigh agus WLR FM a chraol, ba thionscadal é Youthquake 2 a raibh sé mar aidhm aige spéis a thabhairt do dhaoine óga sa raidió trí iarraidh orthu scripteanna agus línte scéalta a fhorbairt do dhrámaí raidió agus trí bheith mar chuid den phróiseas taifeadta. Pléann na drámaí leis an ól faoi aois, brú ó phiaraí agus leis an gcollaíocht.

Staireolaí Helene O'Keefe i mbun agallamh i UCC i gcomhair 74 Days: Inside Terence MacSwiney's Hunger Strike

Gradaim Raidió Fhéilte Nua Eabhrac 2019

D'éirigh le roinnt tionscadal raidió a maoiníodh trí Bhabhtaí Fhuaim agus Fís onóracha a fháil ag Gradaim Raidió Fhéilte Nua-Eabhrac in 2019. I measc na dtionscadal bhí:

- **James's Story** arna léiriú agus arna chraoladh ag RTÉ (Teastas Craobhiomaitheora Ceardaíochta 2019)
- **JJs – The Story of JJ Smyth's** arna léiriú agus arna chraoladh ag Near FM (Buaiteoir Cláir Faisnéise Raidió Cré-umha 2019)
- **Siblings** arna léiriú ag Rachel Ryan do Newstalk (Teastas Craobhiomaitheora Cláir Eolais / Faisnéise 2019)

Seoladh Chomhoibriú na Sraithe Sóisearaí agus RTÉ: An tOllamh Pauric Travers, Dee Forbes, an Dr. Pádraig Kirk agus Mic Léinn de chuid na Sraithe Sóisearaí

Bearta Coimhdeacha

Éascaítear le maoiniú do bhearta coimhdeacha iniúchadh a dhéanamh ar thionscnaimh chun léiriú agus infhaighteacht ábhair closamhairc ilghnéithigh atá ábhartha ó thaobh an chultúir de a mhéadú. Le linn na Straitéise, thacaigh tionscadail bearta coimhdeacha le príomhchuspóirí de chuid BAI a sheachadadh lena n-áirítear tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Gaeilge agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Éagsúlacht Inscne.

In 2019, i measc na nithe sin;

- Ieanadh ar aghaidh le Scéim Forbartha Cine4, is tionscnamh comh-mhaoinithe idir BAI, TG4 agus Fís Éireann chun tacú le forbairt agus léiriú príomhscannáin as Gaeilge.
- Ieanadh ar aghaidh le Dreasacht Chomhfhorbartha Cheanada-na hÉireann. Spreagtar léiritheoirí ó Cheanada agus ó Éirinn leis an tionscnamh seo chun tionscadail teilifíse a chomhfhorbairt agus is comhoibriú é idir BAI agus an Canada Media Fund (CMF). Tá sé dírithe ar thionscadail a chomhlíonann téamaí na Scéime Fuaim agus Fís agus cuspóirí CMF, agus d'éirigh le trí tionscadal dámhachtainí cistiúcháin a fháil i gcaitheamh 2019.
- Ieanadh den chomhpháirtíocht idir TG4 agus an Chomhairle Ealaíon ar an scéim clár faisnéise ealaíon ilDÁNA agus seoladh séasúr nua de thacaíochtaí in 2019. Ceapadh an scéim seo chun tacú le clár faisnéise fadfhoirme uaillmhianach cineamatach a dhéanamh ar na healaíona i nGaeilge i gcomhair sceideal TG4.
- Mar thoradh ar iniúchadh breise ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ábhar Gaeilge ardchaighdeáin sa seomra ranga, rinneadh comhoibriú éiritheach leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) agus RTÉ chun rogha nua d'acmhainní seomra ranga ar líne a fhorbairt i gcomhair ábhair ar Churaclam nua an Teastais Shóisearaigh. Athchóiríodh dhá chlár arna maoiniú ag Fuaim agus Fís agus clár faisnéise de chuid RTÉ chun acmhainní seomra ranga a ghiniúint do mhúinteoirí agus do mhic léinn sna hábhair an Staidéar Gnó, an Tíreolaíocht, an Stair, an Ghaeilge, OSPS agus OSSP, chomh maith le Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha (Gearrchúrsa) i gcuraclam na Sraithe Sóisearaí. Is é RTÉ a d'óstáil an tionscnamh agus is féidir le múinteoirí agus mic léinn rochtain a fháil ar an ábhar oideachais agus ar na gearrthóga cláir. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal tionscadal closamhairc Éireannach a cheadú mar théacs molta do gach ábhar don tSraith Shóisearach. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil anseo: https://www.rte.ie/learn/junior-cycle/

Scéim um Chartlannú 2

Seoladh an dara cur amach den Scéim um Chartlannú, ("Scéim um Chartlannú 2") in 2018. Dála na scéime roimpi, tugtar tacaíocht mhaoiniúcháin d'iarratasóirí ar éirigh leo faoin Scéim i gcomhair tionscadail a chuireann forbairt cultúir cartlannúcháin in earnáil craolacháin na hÉireann chun cinn, is rud a chuidíonn le hoidhreacht agus taithí chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. I measc phríomhchuspóirí na Scéime tá próisis stórála oiriúnacha a bhunú agus rochtain ar ábhar cláir ag páirtithe leasmhara agus cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le cartlannú ábhair cláir.

Osclaíodh babhta maoiniúcháin faoi Scéim um Chartlannú 2 i mí Iúil 219 agus, dála mar a rinneadh sna babhtaí roimhe, díríodh ar ábhar cláir a chosaint atá i mbaol de bharr an drochbhail atá air nó atá i bhformáidí a bheidh as feidhm go luath. Tar éis iarratais a fháil agus a mheasúnú ó raon leathan iaratasóirí, dámhadh maoiniú do chúigear iarratasóirí. Leagtar amach thíos sonraí na n-iarratasóirí agus na dtionscadal ar éirigh leo:

Iarratasóir	Cineál	Comhpháirtí/ Comhpháirtithe	Ábhar	Cistí a Dámhadh
Institiúid Scannán na hÉireann	Institiúid a bhfuil ábhar iomchuí aici	Triúr scannóirí Margo Harkin, Anne Crilly & Trish McAdam	Obair triúr scannánóirí iomráiteacha ban Éireannacha a chuimsíonn an tréimhse ó 1980 agus blianta 2000-2010, lena n-áirítear cláir faisnéise, urlabhra agus scannáin.	€379,605.60
TG4	Craoltóir Teilifíse Seirbhíse Poiblí	RTÉ & Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	1,302.5 uair an chloig de chláir nuachta agus cúrsaí reatha Gaeilge TG4	€306,246.50
Cnuasach Bhéaloideas Éireann, COBÁC	Institiúid a bhfuil ábhar iomchuí aici	RTÉ, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Taifeadtaí fuaime a rinne Coimisiún Béaloideasa Éireann (1935-70) agus Raidió Éireann (1947-55) arb ionann iad agus 700 uair an chloig de chaint, amhráin agus ceol.	€68,125
RTÉ	Craoltóir Teilifíse Seirbhíse Poiblí	Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Thart ar 1,400 uair an chloig de thaifeadtaí Cláracha Gaeilge ó na 1960idí go dtí na 1990idí	€464,256.60
Guinness Archive	Fógróir	Institiúid Scannán na hÉireann agus an British Film Institute	Cartlann dhigiteach chuimsitheach d'fhógraíocht chraolta Guinness a chuimsíonn an tréimhse 1955 – 95 a chur le chéile	€119,531.50

Éagsúlacht Shochaí na hÉireann sna Meáin Chraolacháin

Tá ról lárnach ag BAI ó thaobh ionadaíocht mhéadaithe a dhéanamh ar éagsúlacht shochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin le béim ar leith á cur sa straitéis reatha ar inscne agus ar an nGaeilge agus ar réimsí eile éagsúlachta a dtabharfar tosaíocht dóibh sna blianta atá romhainn. Is obair fhadtréimhseach í sin lena gcíortar deiseanna comhpháirtíochta, an fhéidearthacht imeachtaí a eagrú, tionscnaimh oiliúna, tionscnaimh chistiúcháin agus comhráite a dhéanamh leis an tionscal chun cuir chuige a aithint trína dtacófar le breis éagsúlachta.

Inscne

Plean Gníomhaíochta Inscne BAI

X-Pollinator: Neil Murphy, Gareth Lee, Fionnuala Murphy, Lara Hickey, Evan Horan agus Katie Holly

Forbraíodh agus foilsíodh Plean Gníomhaíochta Inscne BAI in 2018. Leagtar amach ann ceithre phríomhcholún: bailiú agus foilsiú sonraí, taighde, tionscnaimh inscne agus cuntasacht a spreagadh, faoinar cuireadh roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha i ngníomh le linn 2019.

Ceann de na príomhghealltanais ná fócas ar dheiseanna cruthaitheacha do Scéim um Maoiniú Craolacháin BAI, Fuaim agus Fís 3. I mbabhta 33 den Scéim, cuireadh critéar measúnaithe breise i gcomhair 'Scéalta na mBan' san áireamh i gcomhair gach iarratais.

I measc 72% de na tionscadail raidió agus i ngach tionscadal teilifíse a moladh i gcomhair maoiniú bhí scéal na mban ar áireamh go pointe áirithe.

Le linn 2019, mhaoinigh BAI dhá phríomhthogra taighde ar chomhionannas inscne san earnáil closamhairc. Ba iad sin:

- **An Difríocht a Chraoladh: An Éagsúlacht sa chraolachán poiblí** – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtithe.
- **Iniúchadh a dhéanamh ar inscne agus athrú éagsúlachta in earnálacha meán na hÉireann** – Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus Comhpháirtithe.

Nuair a bheidh siad críochnaithe, foilseoidh agus cuirfidh BAI an dá phíosa taighde chun cinn.

Ina theannta sin, rinne BAI maoiniú agus páirt a ghlacadh i roinnt tionscnamh oiliúna agus forbartha ríthábhachtach inar féachadh ar a chur ar chumas na mban a n-ionadaíocht sna meáin a mhéadú. Tionscnaimh ar nós na hócáide um fhorbairt ghairmiúil agus líonrú trasdisciplíneach X-Pollinator a raibh sé mar aidhm aige comhoibrithe a thosú idir mná a scríobhann agus a stiúrann tallann agus an ócáid An Éagsúlacht sa Tionscal a Chur Chun Cinn ag Táirgeoirí Scannáin Éireann inar féachadh ar shaincheisteanna éagsúlachta sa tionscal léiriúcháin closamhairc, ar tionóladh an dá rud i gcaitheamh 2019.

San Eoraip, ghlac BAI páirt mar bhall d'fhoghrúpa Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA) ar Inscne agus d'fhreastail sé ar go leor príomhimeachtaí sa Bhruiséil inar féachadh ar thionscnaimh inscne sna Meáin ar fud AE.

Inscne

Méadú ina % ar róil chruthaitheacha ag mná

Tionscadail Teilifíse:

Méadú **67%** ar thionscadail ina bhfuil stiúrthóir mná

Méadú **50%** ar thionscadail ina bhfuil scríbhneoir mná

Méadú **56%** ar thionscadail ina bhfuil stiúrthóir grianghrafadóireachta mná

Méadú **17%** ar thionscadail ina bhfuil léiritheoir mná

Méadú **31%** ar thionscadail ina bhfuil eagarthóir mná

Tionscadail Raidió

Méadú **36%** ar thionscadail ina bhfuil léiritheoir mná

Méadú **33%** ar thionscadail ina bhfuil scríbhneoir mná

Méadú **25%** ar thionscadail ina bhfuil eagarthóir mná

An Ghaeilge

Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge

Is bunsprioc inghnóthaithe é Plean Gníomhaíochta na Gaeilge faoi chuspóir straitéiseach BAI 'Tírdhreach a chothú sna meáin chumarsáide a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann agus is inrochtana ag an gcéanna '. Aithnítear sa Phlean an gá atá le cláir ardchaighdeáin Gaeilge a fhorbairt san earnáil closamhairc in Éirinn a chur chun cinn, agus tugtar aghaidh ann ar chúig phríomhréimse mar seo a leanas:

- Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh faoin gCiste Ceadúnúcháin agus Craolacháin;
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú;
- Tacú le Taighde;
- Sonraí a bhailiú; agus
- Próisis chuntasachta a fheabhsú, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú ar chomhlíonadh.

Coiste Comhairleach Gaeilge

Ceann de na chéad tionscnaimh faoi Phlean Gníomhaíochta Gaeilge BAI ba ea Coiste Comhairleach don Ghaeilge a bhunú. Tá BAI agus Foras na Gaeilge ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste agus tá ionadaithe ann de chuid BAI, Fhoras na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge, RTÉ, TG4, stáisiúin phobail atá ainmnithe ag CRAOL, stáisiúin tráchtála atá ainmnithe ag IBI agus táirgeoirí neamhspleácha atá ainmnithe ag SPI. Is é aidhm an Choiste fóram díospóireachta a éascú d'fhonn tacú le cláir agus tionscnaimh eile as Gaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tugadh tosaíocht do na tionscnaimh seo a leanas agus cuireadh iad chun cinn in 2019:

- Acmhainn bunachar sonraí a fhorbairt do stáisiúin raidió.
- Rannpháirtíocht idir craoltóirí chun comhoibriú a dhéanamh i soláthar acmhainní comhroinnte.
- Scrúdú agus plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann do sheirbhís raidió hibrideach faoi stiúradh na hóige.
- Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna oiliúna comhthiomsaithe atá ann cheana san earnáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú le scéimeanna nua oiliúna comhpháirtíochta. Mar thoradh díreach ar an gcuspóir seo, tá BAI tar éis comhpháirtíocht a dhéanamh le TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge NI Screen, Údarás na Gaeltachta agus Gréasán na Meán chun tacaíocht mhaoiniúcháin chomhpháirteach a thairiscint do Céad Seans, clár nuálach meantóireachta a chuirfidh ar chumas stiúrthóirí agus scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn iad féin a fhorbairt san earnáil closamhairc agus ábhar siamsúil gearrfhoirme Gaeilge a chruthú atá dírithe ar a bheith tarraingteach don lucht féachana agus éisteachta óg. Tá luach straitéiseach suntasach ag gabháil leis an togra comhpháirtíochta ó thaobh BAI de, trína gcuirtear chun cinn na cuspóirí a bhaineann le hÉagsúlacht agus Iolarthacht agus Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú. Seolfar Céad Seans i mí Iúil 2020.

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí in 2019 faoin bPlean, mhaoinigh BAI taighde a bhí le déanamh ag an Dr John Walsh de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar úsáid na Gaeilge ar sheirbhísí raidió poiblí, tráchtála agus pobail na hÉireann. I measc rudaí eile, déanfar sa staidéar tuairimí bainisteoirí agus ionadaithe stáisiún a fháil maidir leis na constaicí atá le sárú ag cláir raidió Ghaeilge agus na deiseanna atá ar fáil do chláir raidió Ghaeilge sa todhchaí. Ina theannta sin, ghabh BAI ar láimh tionscadal bailithe sonraí chun pictiúr cuimsitheach a chur le chéile de sholáthar clár Gaeilge san earnáil craolacháin. I ndeireadh 2019, iarradh ar chraoltóirí sonraí a chur faoi bhráid BAI maidir le cláir Ghaeilge / dhátheangacha a craoladh le linn seachtain faoi leith i mí Dheireadh Fómhair 2019. Meastar go mbaileofar sonraí i dtaobh cláir Ghaeilge ar an tslí seo ar bhonn bliantúil d'fhonn treochtaí bliain i ndiaidh bliana a aithint.

An Ghaeilge a Chur chun Cinn

Chun an cuspóir a bhaint amach maidir le cláir ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn sa Ghaeilge, tugann BAI faoi raon tionscnamh faoin Scéim Fuaim agus Fís 3, an Scéim um Chartlannú, tionscnaimh urraíochta agus forbartha earnála. Tá siad seo leagtha amach chun tacú le héagsúlacht níos mó sa Ghaeilge. In 2019, bhí na tionscnaimh seo a leanas ar thionscnaimh a fuair tacaíocht ó BAI:

- **Gradaim Chumarsáide Oireachtas na Gaeilge** – aithníonn agus ceiliúrann na gradaim bhliantúla gnóthachtáil agus sármhaitheas sna meáin Ghaeilge. Bronntar duaiseanna faoi roinnt catagóirí lena n-áirítear an tsraith teilifíse, an tsraith nó clár raidió, scannán nó clár teilifíse Gaeilge is Fearr. In 2019 rinne BAI urraíocht ar dhá chatagóir nua gradam: Clár Raidió Stáisiúin Pobail na Bliana (buaiteoir 'Aon Scéal?' - Phoenix FM) agus Clár Raidió Stáisiúin Tráchtála na Bliana (buaiteoir 'Splanc' - Newstalk FM).

- **Seachtain na Gaeilge** – lean BAI lena n-urraíocht le fada ar cheardlanna raidió Gaeilge do dhaltaí bunscoile agus meánscoile.

- **Féile na Meán Ceilteach** – Tá sé mar aidhm ag an imeacht 3 lá seo teangacha agus cultúir na náisiún agus na réigiún Ceilteach a chur chun cinn ar an scáileán agus sa chraoltóireacht. Ba é 2019 cothrom 40 bliain bhunú Fhéile na Meán Ceilteach agus bhí an ócáid ar siúl san Aghaidh Mhóir, Albain.

- **Aerthonnta** – Le linn na tréimhse 2015 go 2019, chuir Raidió na Life obair inmholta ar bun chun an tseirbhís faisnéise Gaeilge ar líne seo a lainseáil agus a reáchtáil do chraoltóirí agus don phobal i gcoitinne araon. I mí na Nollag 2019, aistríodh riarachán shuíomh Gréasáin Aerthonnta ó Raidió na Life go dtí Comhthionól Ealaíne na Gaeilge (Oireachtas na Gaeilge) i measc pleananna chun cur le luach na hacmhainne a thuilleadh.

- **Gréasán na Meán** – líonra de chuid Skillnet, atá lonnaithe sa Spidéal, ar cuspóir dó oiliúint a chur ar fáil i nGaeilge chun fórsa saothair comhsheasmhach ardoilte a chinntiú do thionscal na meán, go háirithe san Iarthar. In 2019, reáchtáil Gréasán na Meán cúrsa a dearadh chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scríbhneoirí mná Gaeilge i seánra drámaíochta na bpáistí trí oiliúint a sholáthar i scileanna agus i dteicnící chun script drámaíochta do leanaí a scríobh.

- **Fuaim agus Fís 3** – tiomnaíonn BAI 25% ar a laghad den mhaoiniú faoi Fhuaim agus Fís do chláir raidió agus teilifíse Gaeilge agus dhátheangacha. In 2019, bronnadh €3.1m (27% den mhaoiniú iomlán) ar Chláir Ghaeilge agus dhátheangacha.

Finky

Alt 2:

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt

Cuspóir Straitéiseach

1. An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

Torthaí faoin mBliain 2019

1. Is é tuairim páirtithe leasmhara faoi Údarás Craolacháin na hÉireann gur glór faisnéiseach, údarásach a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán é.

Tá dhá bhunsprioc inghnóthaithe laistigh de phlean oibre BAI a thacaíonn go príomha leis an gcuspóir straitéiseach seo a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimsí na bhFóram Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus réimse na Cumarsáide. Tugtar tuilleadh sonraí fúthu thíos.

Fóraim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Lean Údarás Craolacháin na hÉireann de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha in 2019 d'fhonn comhairle a thabhairt, agus bonn eolais a chur faoi bheartas closamhairc na meán Eorpach agus náisiúnta, ar an dlí agus ar an gcleachtadh a bhaineann leis an gcéanna, agus tionchar a imirt ar an gcéanna, trí pháirt a ghlacadh go leanúnach i bhFóraim Éireannacha agus Eorpacha agus in imeachtaí do Pháirtithe Leasmhara.

Fóraim Náisiúnta

In 2019, lean BAI ag obair go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) ar chúrsaí meán. Díríodh go háirithe i gcaitheamh na bliana ar an obair ullmhúcháin chun an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (an Treoir) a foilsíodh i mí na Samhna 2018, a thrasui. Ghlac BAI páirt i ngrúpa oibre a bhunaigh DCCAE chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair an Treoir a thabhairt isteach.

I mí an Mhárta 2019, sheol an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tUasal Richard Bruton, TD, comhairliúchán poiblí ar rialáil Ábhar Dochrach Ar Líne agus ar Chur i nGníomh na Treorach athbhreithnithe. Mar fhreagra ar an gcomhairliúchán, d'ullmhaigh BAI aighneacht chuimsitheach inar leagadh amach a fhís do thodhchaí rialáil na meán in Éirinn.

Ina fhreagra ar an gcomhairliúchán, mhol BAI gurbh fhearr a bhainfí amach cur i ngníomh na Treorach athbhreithnithe agus na moltaí le haghaidh creat náisiúnta um shábháilteacht ar líne trí scéim rialála agus rialtóir cuimsitheach amháin a thabhairt isteach. Ba é tuairim BAI go dtabharfadh cur chuige den sórt sin deis fís a fhorbairt chun ábhar na meán a rialáil amach anseo ar fud na n-ardán agus na seirbhísí go léir, is cur chuige a fhéachann, go bunúsach, le freastal ar lucht féachana agus éisteachta agus úsáideoirí sa timpeallacht meán nua agus iad a chosaint. Moladh san aighneacht leis gur cheart don rialtóir aird a thabhairt ar chuspóirí níos leithne i leith ábhair agus seirbhísí a fhreastalaíonn ar shaoránaigh - Éagsúlacht agus Iolarthacht a chinntiú, Saoirse Cainte a chur chun cinn trína ndéantar dioscúrsa daonlathach a chothabháil agus a fheabhsú, agus trína n-éascaítear éagsúlacht teangacha agus cultúr.

Bhí aighneacht BAI ar cheann de 84 aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí. Táthar ag súil go bhfoilseofar dréacht-Scéim ghinearálta den Bhille beartaithe um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne go luath in 2020.

Lean BAI de ról gníomhach a imirt in eagraíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear Cónaidhm Closamhairc Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Coiste Gearán Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann; Coiste Éisteoirí an Chomhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta; an Coiste um Plean Gníomhaíochta Closamhairc a bhunaigh an Roinn Cultúir agus an Comhlacht Monatóireachta um Chumarsáid Margaíochta Alcóil, atá faoi chathaoirleacht POF BAI, Michael O'Keeffe.

Fóraim Eorpacha

Lean BAI lena rannpháirtíocht ghníomhach in dhá phríomhchomhlacht closamhairc Eorpacha: ERGA, grúpa ionadaithe de chuid rialálaithe closamhairc náisiúnta i mBallstáit an AE, agus EPRA, an líonra neamhspleách rialálaithe closamhairc ar fud na hEorpa.

Lean feidhmeannaigh BAI orthu de bheith rannpháirteach le go leor grúpaí oibre de chuid ERGA agus ghlac siad páirt leis in dhá chruinniú iomlánacha den ghrúpa. Is é ról ERGA comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhair a bhaineann le cur i ngníomh an AVMSD athbhreithnithe. Feidhmíonn sé leis mar Fhóram um chomhoibriú idir na hÚdaráis Rialála Náisiúnta (ÚRNanna) agus i gcomhair taithí agus dea-chleachtas a mhalartú.

In 2019 bhunaigh ERGA ceithre Fhoghrúpa chun féachaint ar shaincheisteanna lárnacha mar An Iolarthacht sna Meáin, Todhchaí ERGA, cur i ngníomh an AVMSD athbhreithnithe agus an Éagsúlacht Inscne. Ghlac BAI páirt i ngach ceann de na ceithre ghrúpa sin.

Le linn 2019, rinne BAI cathaoirleacht ar an bhfoghrúpa de chuid ERGA ar Iolarthacht na Meán. D'iarr Coimisiún an AE ar an ngrúpa cuidiú le hathbhreithniú ar chur i ngníomh na ngealltanas a thug sínitheoirí don Chód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis agus éifeachtacht fhoriomlán an Chóid a mheas. Foilsíodh ElectCheck mar thoradh ar an obair sin, ina ndearnadh scrúdú ar an ngníomhaíocht fógraíochta polaitiúla ar Facebook, Google, agus Twitter le linn an Toghcháin Eorpaigh i mBealtaine 2019.

Cuireadh de chúram ar an dara Foghrúpa féachaint ar Thodhchaí ERGA. Ba é príomhchuspóir an ghrúpa seo tograí le haghaidh athruithe féideartha ar nósanna imeachta inmheánacha agus modhanna oibre ERGA a phlé. Rinne an Grúpa athbhreithniú agus leasú leis ar Rialacha Nós Imeachta ERGA, a Threoirlínte Inmheánacha maidir le hoibriú Líonra Teagmhálaithe ERGA agus na Treoirlínte Inmheánacha maidir le hoibriú na bhFoghrúpaí.

Dhírigh an tríú Foghrúpa ar shaincheisteanna praiticiúla a d'eascair as cur i ngníomh na Treorach athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Roinneadh a chuid oibre ina trí Thascfhórsa. Rinne an chéad Tascfhórsa anailís ar athruithe ar rialacha do sheirbhísí meán closamhairc sa Treoir athbhreithnithe, de shaghas rialacha lena gceanglaítear ar chraoltóirí a chinntiú go bhfuil a gcláir níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus maidir le dea-chleachtas ar na saincheisteanna seo a mhalartú idir rialálaithe. Scrúdaigh an dara Tascfhórsa rialacha nua sa Treoir maidir le "seirbhísí ardáin chomhroinnte físeán" (i.e. seirbhísí meán sóisialta a chuireann líon mór físeán ar fáil), lena n-áirítear seirbhísí den sórt sin a shainiú agus iniúchadh a dhéanamh ar an tslí a bhféadfaí seirbhísí den sórt sin a rialáil. Eagraíodh ceardlann le soláthraithe seirbhísí ardáin chomhroinnte físeán leis. Ar deireadh, rinne an tríú Tascfhórsa iniúchadh ar shlite chun rialáil éifeachtach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le rialáil i dtimpeallacht ar líne agus na buntáistí a bhaineann le comhar trasteorann.

Dhírigh Foghrúpa deiridh ERGA in 2019, ar an Éagsúlacht Inscne agus d'fhéach sé ar an tslí ar chuir ÚRNnna ar fud na hEorpa forálacha an AVMSD i ngníomh chun idirdhealú inscne a chomhrac agus an éagsúlacht inscne a chur chun cinn sna meáin chlosamhairc. Mar thoradh ar an obair sin scaipeadh suirbhé ar gach ÚRN d'fhonn mapáil a dhéanamh chomh cuimsitheach agus is féidir ar thionscnaimh faoi stiúir an tionscail agus ar shamplaí den chleachtas is fearr maidir leis an éagsúlacht inscne a chur chun cinn. Foilsíodh sraith moltaí ansin i dtuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh lena mbreithniú.

Is líonra Eorpach 53 bhall de rialálaithe closamhairc é EPRA agus tionóladh dhá chruinniú den líonra i gcaitheamh na bliana. I measc na n-ábhar a pléadh bhí mionaoisigh a chosaint ar líne, litearthacht sna meáin, cosc a chur ar chaint fuatha sna meáin, saothair AE, cearta spóirt, an intleacht shaorga, agus foghlaim meaisín.

Cumarsáid

Tá sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí cumarsáide BAI díospóireacht phoiblí a chur chun cinn agus beartas a threorú chun tírdhreach beoga, dinimiciúil meán a éascú. Chomh maith le teagmháil rialta le craoltóirí ar ábhair oibríochta, óstálann BAI, agus glacann sé páirt in, imeachtaí, agus déanann sé idirghníomhú agus dul i gcomhairle go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an pobal, comhlachtaí ionadaíocha, rialálaithe eile, agus ranna rialtais. Tá blaiseadh de na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2019 leagtha amach thíos.

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I gcomhréir lena thiomantas do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chuir BAI tús leis na próisis chomhairliúcháin seo a leanas in 2019.

- Mar chuid den athbhreithniú ar a Ráiteas Straitéise 2017-2019, rinne BAI suirbhé ar líne ar pháirtithe leasmhara, i gcomhar le IPSOS MRBI. Beidh torthaí an tsuirbhé mar chuid den athbhreithniú foriomlán straitéise a chuirfear i gcrích in 2020 agus beidh sé ina bhonn eolais faoi fhorbairt an chéad Ráitis Straitéise eile.

- I mí Mheán Fómhair 2019, sheol BAI comhairliúchán poiblí ar a dhréacht-Scéim Fuaime agus Físe 4, tar éis an athbhreithnithe reachtúil ar Fhuaim agus Fís 3. Chabhraigh an comhairliúchán le bonn eolais a chur faoin gceathrú cur amach den scéim, a leanfaidh ag soláthar cistiú do chláir ardchaighdeáin. ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann; cláir chun litearthacht aosach agus sna meáin a fheabhsú; agus cláir chun feasacht agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna domhanda a bhfuil tionchar acu ar an Stát a ardú.

- Le linn na bliana lorg BAI aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i gcomhthéacs athbhreithniú ar a Scéim Gaeilge agus obair ar dhréachtscéim nua a ullmhú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

- Sheol BAI a phróiseas comhairliúcháin ar bheartas nua ar Iolarthacht na Meán agus ar Bheartas Úinéireachta agus Rialaithe athbhreithnithe i mí na Nollag 2018 agus tugadh chun críche é go luath in 2019. Seoladh an dá bheartas i mí an Mheithimh 2019.

Taighde ar Iolarthacht na Meán a Fhoilsiú

Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters: Jon Williams, An tOllamh Pauric Travers, An Dr. Eileen Culloty, Gabrielle Cummins, An Dr. Niamh Kirk agus Adrian Acosta

Le linn 2019 mhaoinigh BAI eagrán sonrach Éireannach de Thuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters, a d'fhorbair an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Seoladh an tuarascáil i mí an Mheithimh 2019 agus thug sí léargas luachmhar ar an tslí a n-úsáideann Éireannaigh a gcuid nuachta chomh maith le hábhair imní maidir le cruinneas agus na nuachta agus an bhréagaisnéis.

Seoladh ElectCheck: An Dr. Niamh Kirk, Michael O'Keeffe agus An Dr. Jane Suiter

Seoladh na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí

Scrúdaigh Elect Check 2019, a foilsíodh i Meán Fómhair 2019, gníomhaíocht fógraíochta polaitiúla ar Facebook, Twitter, agus Google le linn fheachtas Thoghchán Eorpach 2019 i gcomhthéacs ghealltanais na n-ardán sa Chód Cleachtais féinrialaitheach maidir le Bréagaisnéis. Rinne BAI an tuarascáil seo a choimisiúnú agus rinne FuJo in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í a ghabháil ar láimh.

Seoladh Acmhainní Ranga Ar Líne i gcomhair na Sraithe Sóisearaí ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

I mí na Samhna, sheol an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí rogha nua chorraitheach d'acmhainní seomra ranga ar líne a bhaineann le seomra ranga na Sraithe Sóisearaí. Forbraíodh an tionscnamh i gcomhpháirtíocht le BAI agus RTÉ, agus chabhraigh sé le hábhar spéisiúil a chur ar fáil do scoileanna ar fud na tíre trí úsáid a bhaint as trí chlár teilifíse arna dtáirgeadh agus arna maoiniú go poiblí in Éirinn, agus fuair dhá cheann acu tacaíocht mhaoiniúcháin ó BAI. Ag labhairt dó ag an lainseáil d'fháiltigh Cathaoirleach BAI, an tOllamh Pauric Travers, roimh an gcomhoibriú agus thug sé faoi deara go bhféadfadh infhaighteacht ábhar closamhairc ardchaighdeáin den sórt sin mar uirlisí foghlama luachmhara do mhic léinn na Sraithe Sóisearaí.

Caidreamh leis na Meáin

In éineacht le láithreacht ghníomhach a bheith aige ar na meáin shóisialta, d'fhoilsigh BAI 53 eisiúint meán ar a shuíomh Gréasáin in 2019 agus, nuair ba chuí, chuir sé a ghníomhaíochtaí chun cinn in agallaimh le hiriseoirí sna nuachtáin agus ar fud an raidió agus na teilifíse.

Na Meáin Shóisialta

179

A cuireadh in airde ar Twitter

5,628

Leanúnaí ar Twitter

89

bpost ar Facebook

2,085

'is maith liom' ar Facebook (+153)

Mar a tharla in 2018, chlúdaigh na heisiúintí meán agus nuashonruithe ar na meáin shóisialta speictream leathan de ghníomhaíochtaí BAI, inar díríodh ar réimsí oibríochta rialta ar nós cinntí maoiniúcháin, cinntí i dtaobh gearán agus pleananna ceadúnúcháin, chomh maith le torthaí an Chomhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta a aibhsiú, agus seoladh tionscnamh mar an Scéim Maoinithe um Thaighde sna Meáin agus an Clár do Chéimithe le hIriseoireacht.

Urraíocht

I gcaitheamh na bliana rinne BAI urraíocht ar raon tionscnamh agus imeachtaí, lenar cuidíodh le feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht éachtaí agus gníomhaíochtaí a tharlaíonn laistigh den earnáil closamhairc agus faoi réimsí gaolmhara ar spéis leis an earnáil closamhairc iad. Cuid lárnach d'fheidhm Cumarsáide BAI is ea urraíocht den sórt sin a sholáthar, rud a chuidíonn le seachadadh chuspóirí straitéiseacha BAI agus forbairt fhoriomlán na hearnála.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar iarratais a fuarthas faoi Scéim Urraíochta BAI, leithdháileadh maoiniú €124,500 san iomlán ar 16 iarratasóir ar éirigh leo in 2019, mar aon le tiomantas maoiniúcháin €33,000 breise i gcomhair imeachtaí / gníomhaíochtaí faoi chonarthaí urraíochta ilbhliantúla ó 2018. Bhí Fleadh Scannán na Gaillimhe, Comhdháil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar na Meáin Phobail, Féile Scannán Fresh agus Gradaim Raidió IMRO i measc na n-iarratasóirí ar éirigh leo agus a fuair tacaíocht urraíochta.

Imeachtaí agus Comhdhálacha Tionscail

I rith na bliana, thacaigh comhaltaí de BAI le himeachtaí agus comhdhálacha éagsúla a bhain leis an tionscal craolacháin agus chuidigh sé leo trí pháirt a ghlacadh i bplé painéil, cuir i láthair a dhéanamh, nó labhairt ag seoladh tionscnamh éagsúil. Tugtar cur síos thíos ar shampla de rannpháirtíocht den sórt sin.

- **Fleadh Scannán na Gaillimhe – Countdown 5050 x 2020**
  Arna eagrú ag an gCoiste Gníomhaíochta Comhionannais (CGC) de Chuallacht Scríbhneoirí na hÉireann agus Cuallacht na Stiúrthóiri Scáileáin agus Na Mná i Scannáin agus ar an Teilifís in Éirinn, ghlac Stephanie Comey, comhalta Feidhmiúcháin de BAI, páirt i bplé painéil ar an obair leanúnach ó thaobh an chomhionannais inscne i dtionscal scannán / teilifíse na hÉireann.

- **Féile agus Gradaim Éachta CRAOL 2019**
  I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghlac BAI páirt i bhFéile agus Gradaim Éachta CRAOL don raidió pobail. Thug Príomhfheidhmeannach BAI, Michael O'Keeffe an spreagaitheasc ag an ócáid Dinnéir Fleáchais agus bhí an comhalta den Údarás an Dr. Rosemary Day ina haoichainteoir ag an ócáid sin. Ghlac an Dr. Rosemary Day páirt leis i bplé painéil agus ghlac an comhalta Feidhmiúcháin Ciaran Kissane páirt i gceardlann agus i bplé painéil ar an Tionscadal Taighde ar na Meáin Phobail, inar díríodh ar shlite chun sochar sóisialta san earnáil a thomhas.

- **An Clár do Chéimithe le hIriseoireacht Raidió**
  I mí Mheán Fómhair 2019 d'fhógair BAI agus Learning Waves na hiarrthóirí ar éirigh leo don chéad Chlár Céimithe le hIriseoireacht. Is é BAI a mhaoinigh é, agus le tacaíocht ó chraoltóirí éagsúla, tugann an tionscnamh seo deis do chéimithe le hiriseoireacht de chuid institiúidí tríú leibhéal a bheith mar chuid lárnach de sheomra nuachta raidió gnóthach. Ag labhairt dó ag an ócáid, thug Príomhfheidhmeannach an BAI, Michael O'Keeffe faoi deara go dtairgfeadh an clár oiliúint ar scileanna praiticiúla atá riachtanach do mheán atá ag teacht chun cinn agus do thírdhreach atá ag éirí níos digití.

Halla na Laoch Ghradaim Raidió IMRO

Ócáid mhór le rá i dtionscal raidió na hÉireann is ea Halla na Laoch agus rinne BAI óstáil arís ar an gcur i láthair do na hionduchtaithe i mí Mheán Fómhair. Ba iad na hionduchtaithe do 2019, agus iad ag teacht le daoine mór le rá eile sa tionscal, Ronan Collins de chuid RTÉ Raidió 1, Sean Moncrieff de chuid Newstalk, Príomhfheidhmeannach Radio Kerry, Paul Byrne, agus Seamus McKee de chuid BBC Radio Ulster.

Faisnéis a Sholáthar

Is príomhuirlis chumarsáide é suíomh Gréasáin BAI don eagraíocht i gcónaí, lena gcuirtear an pobal agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi shainchúram rialála agus aidhmeanna straitéiseacha BAI, agus trína soláthraítear nuashonruithe rialta ar a chuid oibre leanúnaí. I rith na bliana d'fhoilsigh BAI eisiúintí meán ar a ghníomhaíochtaí agus faisnéis faoi na próisis chomhairliúcháin atá á ndéanamh. Ina theannta sin, lean foilsiú miontuairiscí ó chruinnithe an Údaráis, agus taighde is iomchuí maidir le tionscal na meán closamhairc, ag soláthar trédhearcachta agus léiriú ar leithead ghníomhaíocht BAI.

Céimithe an Chláir Sparántachta Iriseoireachta: Niamh O'Reilly, Paul Hyland, Robyn Flanagan, Jenny Murphy Byrne agus Emma Hill

Alt 3:

Lucht Féachana agus Lucht Éisteachta a Chumhachtú

Cuspóir Straitéiseach

1. Tuiscint, rannpháirtíocht agus páirteachas an phobail i dtírdhreach athraitheach na meán a fhorbairt

Torthaí faoi 2019

1. Go mbeidh ag an lucht féachana/éisteachta in Éirinn breis ceangail le hábhar closamhairc agus go mbeidh breis rannpháirtíochta acu ann
2. Go dtacófar leis an lucht féachana/éisteacha in Éirinn breis tuisceana a fháil ar tháirgeadh agus scaipeadh ábhair closamhairc agus go mbeidh breis rannpháirtíochta acu sa chéanna

Tá trí cinn de bhunspriocanna inghnóthaithe sa phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach.

Cuimsíonn siad sin na réimsí Cóid, Rialacha agus Gearáin; Litearthacht sna Meáin agus Rannpháirtíocht sna Meáin. Tá breis eolais orthu sin thíos faoi seo.

Cóid, Rialacha agus Gearáin

Úsáidtear cóid agus rialacha craolacháin BAI agus próiseas gearán craolacháin BAI i dteannta a chéile chun tacú leis an lucht féachana / éisteachta taitneamh a bhaint as ábhar closamhairc, é a thuiscint agus idirghníomhaíocht a dhéanamh leis.

Rialacha Rochtana

Leagtar síos le Rialacha Rochtana BAI ceanglais chainníochtúla agus cháilíochtúla i leith fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a sholáthar a gceanglaítear ar chraoltóirí iad a chomhlíonadh.

Rinne BAI comhairliúchán ar athbhreithnithe beartaithe ar na Rialacha Rochtana in 2018.



Rinneadh leis na Rialacha athbhreithnithe a tháinig as sin, a seoladh in Eanáir 2019, iarracht cearta na ngrúpaí úsáideoirí a chothromú le cuid de na srianta a bhíonn ar chraoltóirí agus iad ag seachadadh na seirbhísí rochtana. I measc na n-athruithe ar na Rialacha bhí aistriú chuig sprioc sheasta do chéatadáin seirbhíse rochtana, spriocanna le haghaidh fotheidealú le linn buaic-ama do RTÉ a hAon, RTÉ a Dó, Virgin Media One agus TG4 agus soláthar Tráchtaireachta Fuaime agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar Virgin Media One ó 2020 ar aghaidh.

An Cód Cumarsáide Tráchtála do Leanaí

Leagtar amach sa Chód Cumarsáide Tráchtála do Leanaí na rialacha nach mór do stáisiúin raidió agus teilifíse na hÉireann a chomhlíonadh maidir le fógraíocht, urraíocht, socrúchán táirgí agus cineálacha eile cumarsáide tráchtála atá dírithe ar leanaí nó a chraoltar i gcláir leanaí nó timpeall orthu. Ceanglaítear leis an Acht ar an BAI athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht cóid craolacháin i gceann gach ceithre bliana. Thug BAI faoi athbhreithniú ar an gCód le linn 2019 agus tá sé seo le bheith críochnaithe faoi lár 2020.

Gearáin

Is sásra ríthábhachtach é an próiseas um ghearáin chraolacháin ag BAI don lucht féachana agus éisteachta chun gearán a thaisceadh nuair nach bhfuil siad sásta le hábhar craolacháin, pé acu maidir le cláir, fógraíocht nó urraíocht.

Lean an Coiste um Chomhlíonadh agus an Fóram Ghearán Feidhmiúcháin (a dhéileálann le gnáth-ghearáin) de bheith ag teacht le chéile chun Gearáin a mheas ar bhonn míosúil. Léiríonn líon na ngearán a diúltaíodh go bhfuil cultúr láidir um chomhlíonadh laistigh d'eagraíochtaí craolacháin.

Glacadh 71 gearán isteach sa phróiseas gearán le linn 2019, agus rinne an Coiste um Chomhlíonadh 29 díobh a mheas agus bhreithnigh an Fóram Gearán Feidhmiúcháin 37 ngearán eile. Réitíodh cúig ghearán tríd an ngearánach a bheith sásta leis an bhfreagra a chuir an craoltóir faoina bhráid, sular bhreithnigh BAI é.

Rinneadh seacht ngearán a cuireadh faoi bhráid an BAI in 2019, a thabhairt ar aghaidh lena mbreithniú i Ráithe 1 de 2020:

Cinntí i dtaobh Gearán



Seasadh leis nó Seasadh go páirteach leis: **0/71**

Diúltaíodh: **56/71**

Réitíodh (idir an gearánach agus an craoltóir): **5/71**

Ar Siúl: **10/71**

Léiríonn na figiúirí leibhéal ard comhlíonta ag an earnáil craolacháin i leith chóid BAI

Córas Bainistíochta Gearán Ar Líne a Fhorbairt

D'fhonn cúnamh breise a thabhairt do dhaoine den phobal chun gearáin a dhéanamh, chuir BAI forbairt córais bainistíochta gearán ar líne i gcrích. Rud ríthábhachtach a cuireadh i ngníomh faoi dheireadh na bliana ba ea seoladh an chórais nua, a raibh sé mar aidhm aige eispéireas an úsáideora do dhaoine den phobal agus do pháirtithe gearán eile a fheabhsú.

Tar éis idirthréimhse, cuireadh an córas i bhfeidhm agus chuir sé meicníocht shruthlíneach ar fáil do dhaoine den phobal agus do chraoltóirí chun dul i dteagmháil le BAI maidir le gearáin chraolacháin. Tá an córas tar éis an t-ualach riaracháin a laghdú do dhaoine den phobal agus d'fhoireann BAI araon, agus chuir sé feabhas breise ar eispéireas an úsáideora do gach páirtí gearáin.

Ina theannta sin, cuireann an córas gearán nua feidhmeanna breise bailithe sonraí agus tuairiscithe ar fáil do BAI, a d'fhéadfadh cabhrú le gníomhaíochtaí eile de chuid BAI a threorú agus tacú leo.

Litearthacht sna Meáin

Ba bhliain an-táirgiúil í 2019 do BAI i dtéarmaí a ghníomhaíochtaí ar son na litearthachta sna meáin. Le linn na bliana lean BAI ag éascú agus ag obair leis an líonra ilpháirtithe leasmhara Litearthacht sna Meáin, Éire ("LMÉ"), chun a Bheartas um Litearthacht sna Meáin a chur chun cinn, agus chun cumhacht a thabhairt don phobal roghanna eolasacha a dhéanamh faoi ábhar agus seirbhísí meán a dhéanann siad a aimsiú, a thomhailt agus a chomhroinnt. Mar bhall lárnach de Ghrúpa Stiúrtha LMÉ, chuaigh BAI i dteagmháil le raon páirtithe leasmhara chun tacaíocht thras-earnála a fhorbairt do thionscnaimh agus d'imeachtaí LMÉ, agus mhaoinigh sé suíomh Gréasáin de chuid LMÉ leis chun gníomhú mar acmhainn ar líne do bhaill. Tá buaicphointí ghníomhaíochtaí agus éachtaí na bliana leagtha amach thíos.

Feachtas Be Media Smart 2019

Stop. Smaoinigh. Deimhnigh/Déan Seiceáil

I dtús 2019 rinne ciste BAI obair shuntasach a chistiú agus a ghabháil ar láimh i gcomhar le LMÉ chun feachtas náisiúnta Be Media Smart a phleanáil agus a chomhordú. Seoladh an feachtas i mí an Mhárta 2019 i gcomhthráth leis an tSeachtain Eorpach um Litearthacht sna Meáin, d'iarr an feachtas ar dhaoine de gach aois Stop, Smaoineamh, agus Seiceáil a dhéanamh go bhfuil an fhaisnéis a fheiceann siad, a léann siad nó a chloiseann siad ar fud aon ardáin meán cruinn agus iontaofa. Ba léir go raibh éirithe go binn le cur chuige tras-earnála BAI i leith litearthacht sna meáin, agus ghlac raon leathan de bhaill LMÉ agus príomhpháirtithe leasmhara páirt san fheachtas, agus thairg siad a gcuid saineolais agus acmhainní. Mar chuid de sheoladh an fheachtais craoladh fógraí raidió agus teilifíse ar fud RTÉ, TG4, Virgin Media Television agus Sky Ireland, chomh maith le raon mór stáisiún raidió tráchtála agus pobail. Mar an gcéanna bhí láithreacht ghníomhach ar ardáin meán sóisialta mar Twitter agus Facebook, agus comhairle i dtéarmaí leideanna agus acmhainní ar an micreashuíomh a forbraíodh go sonrach, www.bemediasmart.ie. Tharraing an feachtas tuairisciú suntasach ar fud na meán go léir agus leag sé béim ar thiomantas agus ar chumas LMÉ agus a chomhaltaí comhoibriú le chéile agus a gcuspóirí i leith na litearthachta sna meáin a chur chun cinn. Bhí an-tóir air leis ag comhlachtaí litearthachta agus rialála meán eile thar lear.

Comhdháil Litearthacht sna Meáin, Éire: An tOllamh Brian O'Neill

Maidir leis sin de, fuair BAI agus LMÉ iarrataí agus chuir siad fáilte roimh an deis na sócmhainní meán arna nginiúint a chomhroinnt le comhghleacaithe san Iorua, i bPoblacht na Seice, sa Mhacadóin Thuaidh, sa Bhosnia agus san Eastóin.

Comhdháil Bhliantúil LMÉ

Mar a tharla in 2018, ghlac BAI ról lárnach i maoiniú agus a eagrú agus a sholáthar do Chomhdháil Bhliantúil LMÉ. Tionóladh í i mí na Samhna 2019 agus d'fhreastail réimse leathan de pháirtithe leasmhara ar an gcomhdháil. Thug an Dr. Aralynn McMane, comh-chruthaitheoir agus stiúrthóir The Global Youth & News Media Prize, an spreagaitheasc a dhírigh ar a cuid oibre chun comhpháirtíochtaí meán nuachta a spreagadh chun sochair do leanaí agus déagóirí. Ina theannta sin, bhí an deis ag an lucht freastail páirt a ghlacadh i bplé painéil, agus bualadh le raon cainteoirí agus eagraíochtaí eile ar nós CRAOL, Learning Waves, agus Webwise agus éisteacht leo ar ábhair agus ar thionscnaimh is iomchuí maidir leis an earnáil. Tairgeadh mion-mháistir-rang freisin sa chomhdháil; "Na Meáin Shóisialta a Úsáid le haghaidh Feachtais", a chuir Ronan Costello, Bainisteoir Beartais Phoiblí ag Twitter i láthair, agus Craig Dwyer, sainchomhairleoir feachtas digiteach agus cumarsáide straitéisí.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Lean BAI ag comhroinnt a thaithí i dtéarmaí forbairt ar litearthacht sna meáin thar theorainneacha ag fóraim agus comhdhálacha idirnáisiúnta. De bhun iarratas ón gCoimisiún Eorpach, tháinig ionadaí de chuid BAI, Stephanie Comey, chun bheith ina ball de Ghrúpa Saineolaithe um Litearthacht sna Meáin ag an gCoimisiún, agus chuir sí obair BAI ar litearthacht sna meáin i láthair ag cruinniú de EPRA (Ardán Eorpach na nÚdarás Rialála) i Sairéavó i mBealtaine 2019. Ina theannta sin, tar éis iarraidh a fháil ó rialálaí RA, Ofcom, chuir BAI a chur chuige i láthair leis maidir le forbairt na litearthachta sna meáin ag seoladh an líonra atá lonnaithe i RA, Making Sense of Media, i mí Iúil 2019. Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht le rialálaithe agus tionscadail eile um litearthacht sna meán ag dul ar aghaidh.

Rannpháirtíocht sna Meáin

De dhroim na hoibre forleithne a rinneadh leis na hearnálacha Raidió Pobail agus Teilifíse in 2018, d'fhoilsigh BAI Plean Gníomhaíochta um na Meáin Phobail i Márta 2019. Leagadh amach sa phlean roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm acu inbhuanaitheacht agus rannpháirtíocht an phobail sna hearnálacha a mhéadú. Gníomh lárnach amháin ab ea é do BAI agus don líonra raidió pobail, CRAOL, creat modheolaíochta a fhorbairt agus a phíolótú ina ndírítear ar an sochar sóisialta a léiríonn stáisiúin raidió pobail. D'fhorbair na sainchomhairleoirí Nexus an creat, i gcomhar le BAI agus CRAOL, agus bhí sé beartaithe é a thabhairt chun críche sa chéad leath de 2020.

Alt 4:

Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Iarnála a Threisiú

Cuspóir Straitéiseach

1. An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe suaithinseacha d'earnáil closamhairc na hÉireann
2. A chinntiú go dtabharfar breis airde ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud ghníomhaíochtaí uile BAI
3. Oibriú le páirtithe leasmhara chun tacú le breis inbhuanaitheachta a bhaint amach d'earnáil chlosamhairc na hÉireann

Torthaí faoi 2019

1. Gur comharthaí sóirt aitheanta de chuid earnáil closamhairc na hÉireann agus gníomhaíochtaí ag BAI iad an chruthaitheacht agus an nuálaíocht
2. Go bhforbrófar samhlacha inbhuanaithe maoiniúcháin i gcomhair earnáil closamhairc na hÉireann

Tá dhá bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin réimsí na cruthaitheachta agus na nuálaíochta agus samhlacha maoiniúcháin earnála inbhuanaithe.

An Chruthaitheacht agus an Nuálaíocht

Baineann an sprioc inghnóthaithe seo leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn, agus tacú leo, in earnáil closamhairc na hÉireann agus ar fud ghníomhaíochtaí uile an BAI. In 2019, chuimsigh sé sin raon leathan de thionscnaimh foghlama agus forbartha earnála a chur i ngníomh, a bhfuil cur síos ar chuid acu thíos.

Cistiú Gréasán

Seóthaispeántas ghearrscannán WiFT

Tacaíonn BAI leis an tionscal trí raon tionscnamh, lena n-áirítear tacaíocht mhaoiniúcháin a sholáthar do líonraí tionscail, taighde ar na meáin a mhaoiniú, scéimeanna tacaíochta do chraoltóirí pobail a chomhordú agus tacú le dreasachtaí oiliúna agus forbartha i gcomhpháirtíocht le saineolaithe tionscail. Seo a leanas sampla de líonraí agus de thionscnaimh a maoiníodh le linn 2019:

Cistiú Gréasán

Cuidíonn an cistiú a leithroinntear ar ghréasáin tionscail le comhoibriú agus le cruthú comhpháirtíochtaí stratéiseacha a chur chun cinn i gcomhair cur chuige inbhuanaithe i leith foghlama agus forbartha san earnáil. Dhírigh na gníomhaíochtaí ar chúrsaí oiliúna agus ceardlanna a sheachadadh, searmanais dámhachtainí, seimineáir agus comhdhálacha a óstáil, tabhairt faoi thaighde, cláir mheantóireachta a reáchtáil agus imeachtaí tacaíochta do phiaraí agus imeachtaí líonraithe a sholáthar. In 2019, bronnadh **€342,850** san iomlán ar 16 líonra a fhreastalaíonn ar raon éagsúil de leasanna earnála, lena n-áirítear craoltóirí pobail agus tráchtála, táirgeoirí neamhspleácha agus cuideachtaí léiriúcháin, iriseoirí, stiúrthóirí, beochantóirí agus tacadóirí ar son comhionannas inscne.

- Tá **CRAOL** - (Fóram Raidió Pobail na hÉireann) tiomanta do thacaíocht agus cumhacht a thabhairt don earnáil raidió pobail. In 2019, thacaigh BAI le Deireadh Seachtaine Raidió Náisiúnta CRAOL an 4-6 Bealtaine, a ceiliúradh le raon imeachtaí ar fud na tíre. Thacaigh BAI le Féile bhliantúil CRAOL ar an 18 agus 19 Deireadh Fómhair, inar tháinig ionadaithe de chuid na hearnála raidió pobail le chéile chun smaointe a chomhroinnt, freastal ar cheardlanna agus éachtaí den scoth san earnáil raidió pobail a aithint agus gradaim a thabhairt ina leith.

- **Learning Waves** - Idir Aibreán agus Deireadh Fómhair 2019, thug Learning Waves faoi Athbhreithniú Straitéiseach ar Aschur Nuachta trí chomhairleoirí neamhspleácha, Harte Media, a dhéanamh ar líon roghnaithe stáisiún raidió: KCLR 96FM, Cork's 96FM, WLR FM agus Radio Kerry. Ba é príomhfhócas an athbhreithnithe seo ná a chumasú do stáisiúin ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a sheachadadh a mhéadaíonn rannpháirtíocht an lucht féachana agus éisteachta. Bhí Learning Waves i gcomhpháirtíocht le BBC Belfast leis ar an tsraith 'Radio Matters', sraith díospóireachta painéil a thugann deis do léiritheoirí de chuid stáisiúin Raidió Neamhspleách in Éirinn bualadh le léiritheoirí de chuid BBC Belfast chun smaointe, deiseanna agus dúshláin a roinnt le chéile.

- **Mná i Scannán & Teilifís Éire** - I mí Lúil, d'óstáil Mná i Scannáin agus Teilifís Éire díospóireacht phainéil ardphróifíle ag Fleadh Scannán bliantúil na Gaillimhe dar theideal Count down to 5050 x 2020: Where are we now? Phléigh an painéal an obair a rinne cleachtóirí ban san earnáil closamhairc agus phléigh siad saincheisteanna gan réiteach a bhaineann le hinscne sa tionscal. Is iad a bhí ar an bpainéal Stephanie Comey (BAI) agus bhí na saineolaithe tionscail an Dr. Annie Doona, Will Fitzgerald, Liz Gill agus an Dr. Susan Liddy páirteach ann.

- **Cuallacht na Scríbhneoirí Scáileáin** - Le linn 2019, d'óstáil Cuallacht na Scríbhneoirí Scáileáin roinnt ceardlann a bhí dírithe ar rannpháirtíocht na mban sa tionscal a fheabhsú.

  Ina measc sin bhí ceardlanna ar thuiscint a fháil ar chonarthaí, forbairt scileanna a bhaineann le gnó, agus comhairle maidir le hiarratais ar mhaoiniú. Thacaigh BAI ina theannta sin le 'Polish Your Project', tionscnamh a bhí ar siúl in imeacht roinnt míonna inar fhorbair 24 scríbhneoir mná a gcuid tionscadal go dtí an chéim mhaoinithe, le sainchomhairle maidir leis an tslí is fearr chun a gcuid tionscadal a shuíomh i gcomhair tuilleadh forbartha.

  Cuallacht Chumadóiri Scáileáin na hÉireann (SCGI) - Is líonra nua é a oibríonn chun cearta agus stádas cumadóirí gairmiúla in Éirinn a fheabhsú. Seoladh an líonra i mí Feabhra 2019 agus labhair Príomhfheidhmeannach BAI Michael O'Keeffe ag an ócáid. I rith na bliana d'óstáil SCGI roinnt imeachtaí oiliúna lena n-áirítear ceardlann ceithre pháirt, Delivering the Music, a chuimsigh raon ábhar lena n-áirítear iar-léiriúchán fuaime, cóipcheart agus conraitheoireacht agus idirbheartaíocht. I mí na Samhna d'óstáil SCGI Máistir-Rang Cumadóireachta leis an gcumadóir cáiliúil Patrick Doyle ar chumadóireacht don teilifís, Beochan agus príomhscannáin.

  An Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail - Tá an Scéim oscailte do gach craoltóir raidió agus teilifíse Pobail agus Pobal Leasa sa tír agus tá sí deartha chun tacaíocht mhaoinithe a thairiscint chun a chur ar chumas craoltóirí tabhairt faoi thionscadail a chuirfidh forbairt eagraíochtúil a gcuid stáisiún chun cinn. Bronnadh maoiniú ar Community Radio Youghal d'fhonn cláir oiliúna a dhéanamh a bhfuil sé mar aidhm acu caighdeáin agus gairmiúlacht a fheabhsú ar fud an stáisiúin.

An Scéim Chistithe um Thaighde ar na Meáin

In 2019 lainseáladh an tionscadal taighde **Netflix and Binge? Exploring New Cultures of Media Consumption**, staidéar a rinne taighdeoirí de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina ndearnadh iarracht slite nua a aithint ina bhfuil daoine óga ag úsáid agus ag tomhailt meán.

Reáchtáil BAI babhta maoiniúcháin in 2019 inar dámhadh deontais do bheirt iarratasóirí faoin Scéim Chistithe um Thaighde ar na Meáin.

Is tionscadal taighde comhoibritheach é **Broadcasting difference: Diversity in Public Broadcasting** idir Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus RTÉ a scrúdóidh aois, inscne, féiniúlacht ghnéasach, féiniúlacht eitneach / chultúrtha agus míchumas ar fud rogha d'aschur RTÉ ar an raidió, ar an teilifís agus ar líne i gcaitheamh tréimhse trí mhí.

Is comhoibriú é **Auditing gender and diversity change in Irish Media sectors** idir Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Scrúdóidh an tionscadal conas mar a dhéanann craoltóirí, comhlachtaí oiliúna agus cuideachtaí léiriúcháin beartais inscne agus éagsúlachta a chur chun cinn agus a chur i ngníomh.

Samhlacha Maoiniúcháin Earnála Inbhuanaithe

An Earnáil Teilifíse

In 2019, thionóil BAI, i gcomhpháirtíocht le Ofcom NI, dhá chruinniú de Ghrúpa Craoltóirí Teilifíse na hÉireann (TBIG, a ationóladh in 2018). Bhuail ionadaithe na bpríomhchraoltóirí teilifíse Seirbhíse Poiblí agus tráchtála in Oileán na hÉireann le BAI chun raon saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil a phlé agus tá comhoibriú breise beartaithe i gcomhair 2020.

I measc na saincheisteanna a pléadh le linn na ndíospóireachtaí bhí: scileanna agus oiliúint laistigh d'earnáil na teilifíse, forbairtí i dtaighde ar lucht féachana agus éisteachta, Brexit agus tionchar na Treorach nuashonraithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ar an earnáil in Éirinn.

An Earnáil Raidió Tráchtála

Lean BAI de bheith i dteagmháil le hearnáil raidió tráchtála na hÉireann chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh sé tacú le tionscnaimh chun an raidió a chur chun cinn mar mheán agus inbhuanaitheacht na hearnála sin a fheabhsú go ginearálta.

Earnáil na Meán Pobail

Mar a luadh san alt a bhaineann le Rannpháirtíocht sna Meáin, bhí páirt ag BAI i roinnt gníomhartha éagsúla i gcaitheamh 2019, rud a d'eascair as Plean Gníomhaíochta na Meán Pobail. Dhírigh na gníomhartha ar Bhunspriocanna Inghnóthaithe 12 agus 13 de Ráiteas Straitéise an BAI agus forbraíodh príomh-aschuir na hoibre in 2019 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích iad in 2020. Cuimseoidh siad sin foireann uirlisí an Chreata Sochair Shóisialta do Stáisiúin Raidió Pobail agus Coimre Scéalta, ina ndearnadh iniúchadh ar cheann de na modheolaíochtaí nua mar chuid den Chreat Sochair Shóisialta a cuireadh chun feidhme ar fud na hearnála raidió pobail.

I measc na mbeart eile a bhí sa Phlean bhí; forbairt bhreise ar chaidreamh struchtúrtha BAI le CRAOL agus forbairt bhreise ar chaidreamh straitéiseach BAI le Pobal (lena n-áirítear aighneacht ó BAI faoi bhráid an Athbhreithnithe ar an gClár Seirbhísí Pobail atá á dhéanamh ag Pobal).

Áiríodh sa Phlean leis fadú a chur le ceadúnais Cork Community TV (CCTV) agus Dublin City TV (DCTV) faoi seach. Aontaíodh na faduithe in 2019 agus rithfidh na ceadúnais anois go dtí Aibreán 2022.

Alt 5:

Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach

Cuspóirí Straitéiseacha

1. Rialáil a dhéanamh chun earnáil craolacháin fhreagrach chuntasach a bhaint amach
2. Ceannaireacht a léiriú i bhforbairt inbhuanaithe trí ardchaighdeáin cleachtais comhshaoil, shóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn
3. Timpeallacht oibre nuálaíoch a chur chun cinn a spreagfaidh BAI, a chuirfidh dúshlán faoi agus a fhorbróidh é

Torthaí faoi 2019

1. Tá muinín as BAI mar rialálaí iontaofa ag gach páirtí leasmhar
2. Aithnítear BAI agus an earnáil craolacháin mar mhúnlaí dea-rialachais agus freagrachta corparáidí
3. Tá cultúr ceannaireachta agus feidhmíochta ag BAI

Tá trí cinn de bhunspriocanna inghnóthaithe sa phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Comhlíonadh; Cleachtas Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais agus Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúla. Tá breis eolais orthu sin le fáil thíos faoi seo.

Comhlíonadh

In 2019, leagadh béim ar phlean gníomhaíochta um chomhlíonadh a fhorbairt a thacódh le cleachtais láidre um chomhlíonadh agus rialachas ag gach craoltóir ceadúnaithe agus gach conraitheoir maoiniúcháin. Tá trí eilimint ar áireamh sa réimse sin – (1) tuairisciú reachtúil, (2) faireachán agus forfheidhmiú agus (3) athbhreithnithe ar fheidhmíocht. Cuirtear cuid mhór den obair a eascraíonn faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh ach breithníonn an tÚdarás leis cuid di.

1. Tuairisciú Reachtúil

Chuimsigh an obair a rinneadh sa réimse seo in 2019 athbhreithnithe bliantúla ar chomhlíonadh agus cistiú poiblí do chraoltóirí seirbhíse poiblí; tuarascáil ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana; tuarascáil ar chomhlíonadh chóid chraolacháin BAI ag craoltóirí neamh-Éireannacha agus tuarascáil ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le saothair Eorpacha san AVMSD ag craoltóirí teilifíse atá ceadúnaithe in Éirinn.

Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Ceanglaítear le halt 102 den Acht Craolacháin 2009 ar gach Craoltóir Seirbhíse Poiblí **Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta (ASPCanna)** a ullmhú. Tugtar breac-chuntas sna ráitis sin ar ghealltanais feidhmíochta ardleibhéil don bhliain atá le teacht agus ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le cuspóirí reachtúla, ráitis straitéise agus ráitis seirbhíse poiblí an chraoltóra.

Déanann BAI **Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí** ar gach Craoltóir Seirbhíse Poiblí (CSP) leis, a dhéanann measúnú ar fheidhmíocht i gcoinne a ngealltanas don bhliain roimhe sin agus a dhéanann moltaí don Aire maidir le haon athruithe ar leibhéal an mhaoinithe phoiblí ba chóir do na CSPanna a fháil.

- **Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2019**
  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag RTÉ amach do 2019 agus bhí sé sásta go raibh siad ag teacht le cuspóirí Phlean Straitéiseach reatha RTÉ. Thug an tÚdarás faoi deara go ndearna RTÉ a ngealltanais agus a spriocanna a athstruchtúrú go suntasach agus gur ghlac sé le moltaí do na próisis Bhliantúla agus Cúig Bliana roimhe sin. Measadh go raibh na gealltanais leordhóthanach leis chun measúnú a éascú do 2019 agus chun cabhrú le BAI a ról rialála a chomhlíonadh.

- **Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2019**
  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag TG4 amach do 2019 maidir le gealltanais feidhmíochta, spriocanna ó thaobh an lucht féachana agus féachana, ábhar agus cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus an chultúir.

Bhí an tÚdarás sásta go raibh na gealltanais ag teacht le cuspóirí reachtúla TG4, a ráiteas straitéise agus a Ráiteas Seirbhíse Poiblí. Bhí an tÚdarás sásta go bhfónfadh na gealltanais seo do BAI chun measúnú a éascú do 2019

- **Athbhreithniú Bliantúil 2018 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí do RTÉ agus do TG4**
  Rinne BAI athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 os coinne a ngealltanas agus rinne breithniú ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí a bhí ar fáil don dá chraoltóir seirbhíse poiblí chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Tugadh faoi deara nach raibh ceachtar de na craoltóirí seirbhíse poiblí ábalta ar a gcuspóirí a chur i ngníomh go hiomlán mar gheall ar easpa maoinithe breise. Chuir BAI an tuairim in iúl go bhfuil craoltóir seirbhíse poiblí seasmhach inbhuanaithe níos riachtanaí sna himthosca faoi láthair ná mar a bhí riamh agus thug sé faoi deara gur gá na craoltóirí seirbhísí poiblí a mhaoiniú go leordhóthanach d'fhonn go mbeidh siad nua-aimseartha, ceangailte go digiteach agus inrochtana. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích le tacaíocht ó shainchomhairleoirí seachtracha, Mediatique, a chuir forbhreathnú ar a fhionnachtana agus a mholtaí a d'eascair as an athbhreithniú i láthair. Thacaigh an tÚdarás leis na moltaí a leag Mediatique amach mar a leanas:

  - Bhí an tÚdarás sásta gur chomhlíon RTÉ agus TG4 araon a ngealltanais feidhmíochta i leith 2018.

  - Chomhaontaigh an tÚdarás nach raibh ceachtar de na craoltóirí seirbhíse poiblí ábalta ar a gcuspóirí a chur i ngníomh go hiomlán mar gheall ar easpa an leibhéil maoinithe atá riachtanach.

  - Mhol BAI go bhfaigheadh TG4 méadú maoinithe €5.557m in aghaidh na bliana agus gur cheart go bhfaigheadh RTÉ méadú €12.1m in aghaidh na bliana.

Cuireadh an tuarascáil deiridh agus na moltaí a ghabhann léi faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2019.

Craoltóirí neamh-Éireannacha a chomhlíonadh chóid chraolacháin BAI

Ceanglaítear ar BAI, faoin Acht, athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann craoltóirí teilifíse, a dhéanann craoltaí a bhíonn dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht féachana agus éisteachta in Éirinn, cóid chraolacháin BAI. Ceanglaítear ar BAI tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar fhionnachtana an athbhreithntihe.

Fionnadh in athbhreithniú BAI, a chuimsíonn an tréimhse 2018, go raibh fógraíocht scar-rogha, a chraoltar ar sheirbhísí teilifíse ceadúnaithe neamh-Éireannacha, ag comhlíonadh Chóid Cumarsáide Tráchtála Ginearálta agus Leanaí BAI tríd is tríd.

Craoltóirí Teilifíse Ceadúnaithe Éireannacha a chomhlíonadh Cheanglais an AVMSD maidir le Saothair Eorpacha

Ceanglaítear ar BAI tuarascáil staitistiúil a thiomsú agus a sholáthar don Aire maidir le comhlíonadh Airteagal 16 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ("AVMS") ag seirbhísí teilifíse a bhíonn á rialáil ag BAI. Déileáiltear sna hairteagail sin leis na cuótaí i leith Saothair Eorpacha agus Léirithe Neamhspleácha Eorpacha. Soláthraítear tuarascálacha don Aire ar iad a iarraidh ar bhonn débhliantúil.

I mí Mheán Fómhair 2019, tar éis dó an t-athbhreithniú um chomhlíonadh do 2017 agus 2018 a mheas, cheadaigh an Coiste um Chomhlíonadh an tuarascáil agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Aire.

Rialacha Rochtana

Ceanglaítear le Rialacha Rochtana BAI ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna maidir le fotheidealú a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu nó atá caoch nó dall.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar RTÉ agus Virgin Media Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a chur ar fáil leis, agus ceanglaítear ar Theilifís an Oireachtais leis Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.

D'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana i gcaitheamh 2019, rinne BAI roinnt gníomhaíochtaí ar a n-áirítear faireachán a dhéanamh ar aschur craoltóirí, cruinnithe le craoltóirí agus cruinnithe le Painéil Chomhairleacha Úsáideoirí BAI chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal, na Clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear. Leagtar amach sna Rialacha Rochtana spriocanna cainníochtúla maidir le fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc, a ndéantar measúnú agus tuairisciú orthu ar bhonn bliantúil, leanann an Painéal Comhairleach Úsáideoirí ag cur béime ar shaincheisteanna cáilíochta agus iontaofachta a bhíonn ann. Tá iarrachtaí á ndéanamh i gcónaí chun na saincheisteanna seo a rianú, a bhféadfadh cuid acu teacht chun cinn mar gheall ar chúiseanna teicniúla nach bhfuil faoi smacht craoltóirí.

De réir na Rialacha, ullmhaíodh tuarascáil don Choiste um Chomhlíonadh ina leagtar amach feidhmíocht na gcraoltóirí le linn na tréimhse agus mar a chomhlíonadar na Rialacha. Cé go raibh comhlíonadh na spriocanna a leagadh síos sna Rialacha go maith i gcaitheamh 2019, bhain deacrachtaí do chraoltóirí áirithe agus níor bhain siad na spriocanna sin amach. Níor chomhlíon Virgin Media Two agus Virgin Media Three an sprioc fotheidealúcháin chomhcheangailte in 2019 ach tá sé beartaithe acu aghaidh a thabhairt air sin in 2020. Eisíodh fógra um chomhlíonadh do RTÉ mar gheall ar mhainneachtain spriocanna Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a bhaint amach ar RTÉjr in 2018 agus 2019.

Níor thionóil roinnt craoltóirí cruinnithe le húsáideoirí ar chúiseanna éagsúla. Tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh le grúpaí úsáideoirí, go háirithe do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus do na craoltóirí sin a fhaigheann gearáin faoi sholáthar seirbhíse rochtana, agus leanfaidh BAI ag obair le craoltóirí ina leith seo.

Tugann BAI dá aire leis an obair fhairsing a dhéanann Oireachtas TV i soláthar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chinntíonn go gcuirtear obair an Oireachtais ar fáil don oiread den daonra agus is féidir.

2. Faireachán agus Forfheidhmiú

Rinneadh cur chuige BAI i leith faireacháin agus forfheidhmiú a fhorbairt in imeacht mórán blianta arbh é an príomhchuspóir a bhí leis ná faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cód agus rialacha reachtúla agus gealltanais chonarthacha ag craoltóirí ina gcuid Ráitis Beartas Clár faoi seach, mar aon le cultúr um chomhlíonadh a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin.

Faireachán ar Chláir

Díríodh aird in 2019 ar fhaireachán a dhéanamh ar sheirbhísí a chuimsítear i bpleananna ceadúnúcháin BAI agus i leith ceanglais reachtúla atá leagtha amach thuas. Rinneadh faireachán leis nuair a aithníodh sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta nó nuair a fuarthas gearáin i dtaobh seirbhíse.

I gcaitheamh na bliana, rinneadh faireachán ar stáisiúin raidió den chuid ba mhó, agus bhí ceithre sheirbhís tráchtála agus cúig sheirbhís pobail ar áireamh sa phlean. De dhroim na hoibre sin, eisíodh trí fhógra rabhaidh agus trí fhógra um chomhlíonadh do chonraitheoirí maidir le tarluithe éagsúla nach ndearnadh comhlíonadh agus a bhain le haschur craolacháin.

Iniúchtaí Teicniúla

De dhroim a n-oibleagáidí conarthacha agus ceadúnas arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide, éilítear ar gach craoltóir cloí le ceanglais theicniúla áirithe. Déanann BAI faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Le linn 2019, rinneadh iniúchadh ar 90 tarchuradóir raidió chun na críche sin. Tríd is tríd, bhí an-chloí leis na conarthaí i gcaitheamh na tréimhse.

Athruithe Conarthacha

Baineann réimse oibríochta na nAthruithe Conarthacha le hiarrataí ó chraoltóirí ceadúnaithe atá ag lorg cead chun gnéithe áirithe dá gconarthaí a leasú. Is gnách go mbaineann na hathruithe a bhíonn á lorg le gealltanais ag stáisiún i leith clár, nó úinéireacht, bainistíocht nó struchtúr oibríochta stáisiúin. In 2019, phróiseáil BAI 31 iarratas den sórt sin. I measc samplaí de na cineálacha iarratas a breithníodh tá siad seo a leanas:

i. Seirbhísí Craolacháin Tráchtála

- Ceadaítear leis an Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin maolú ar an gceanglas reachtúil maidir le nuacht agus cúrsaí reatha do chraoltóirí áirithe. In 2019, deonaíodh maolú don tseirbhís réigiúnach óige iRadio agus ceadaítear di anois cláir nuachta agus cúrsaí reatha 15% a chraoladh le linn an phríomh-ama sceidil agus i gcaitheamh an lae chraolta iomláin.

- Ceadaíodh don tseirbhís réigiúnach óige, Beat 102-103 FM, a gealltanais clár a mhodhnú chun feasacháin nuachta líonra a éascú ag amanna áirithe i gcaitheamh an deiridh seachtaine.

ii. Seirbhísí Craolacháin Pobail

- Rinneadh méadú ar uaireanta craolacháin do Kilkenny Community Communications Cooperative Society Limited, a bhíonn ag trádáil mar Community Radio Kilkenny City.

3. Athbhreithnithe Feidhmíochta

Dírítear in athbhreithnithe feidhmíochta ar stáisiún ar nithe a bhaineann le húinéireacht agus rialú, lena n-áirítear rialachas corparáideach, soláthar foirne, cláir, feidhmíocht airgeadais agus ghnó agus áirítear iontu faireachán ar lánas.

Rud tábhachtach, cumasaíonn athbhreithnithe feidhmíochta leis treochtaí a aithint ar feadh earnáil faoi leith, an earnáil tráchtála nó an earnáil phoiblí araon, agus cabhraíonn siad le heolas a sholáthar i dtaobh na réimsí a mbeadh tacaíocht bhreise nó ionchur breise ar thaobh BAI ag teastáil amach anseo. I gcás seirbhísí pobail de, féachtar in athbhreithnithe feidhmíochta leis lena fháil amach leis cé mhéad atá seirbhísí pobail ionadaitheach ar, agus cuntasach do, na pobail faoi seach ar a bhfreastalaíonn siad.

Tá gá le roinnt blianta anuas le tosaíocht a thabhairt do chomhlíonadh agus d'fheidhmíocht ar thaobh conraitheoirí a bhíonn ar áireamh i bplean ceadúnúcháin bliana áirithe agus ba é sin an cás fós i gcaitheamh 2019 ina ndearnadh cúig athbhreithniú feidhmíochta Pobail agus ceithre athbhreithniú feidhmíochta Tráchtála. Orthu sin bhí Ros FM, Athlone Community Radio, West Limerick 102FM, Phoenix FM, Cork City Community Radio, Classic Hits, Radio Nova, Spirit Radio, agus Q102.

Cleachtais Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais

Tá an BAI tiomanta do bheith ag oibriú de réir ardchaighdeáin i ndáil le cleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus don mhéid sin a chur chun cinn don earnáil craolacháin as a hiomláine. Leagann an BAI fós an-bhéim ar a chaighdeáin agus a chleachtais rialachais agus a inniúlachtaí inmheánacha a láidriú. Cinntítear leis an bhfócas leanúnach sin go bhféadfaidh an eagraíocht a shainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach leis an leibhéal gairmiúlachta, inchreidteachta agus macántachta is airde. Leagtar béim ar chomhall agus ar chleachtadh dea-rialachais chorparáidigh ar gach leibhéal den eagraíocht.

Leanann BAI lena dhualgais a chomhlíonadh ag féachaint do cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 chun comhlíonadh leanúnach a fhorálacha a chinntiú. Chomh maith le bheith ag cothabháil agus ag cur cleachtais rialachais láidre chun cinn, bíonn BAI leis ag féachaint le bheith ag cur le struchtúir eagraíochtúla agus le cultúr eagraíochtúil a thacaíonn le foghlaim foirne aonair agus feidhmíocht foirne aonair go háirithe trí phróisis fheabhsaithe acmhainní daonna agus trí bhainistíocht níos fearr ar eolas.

Dea-chleachtais rialachais a chur chun cinn san earnáil craolacháin

D'fhonn tacú le rialachas níos fearr, tá obair um chomhlíonadh déanta leis an earnáil raidió pobail le roinnt blianta anuas. Cuireann Foghlaim agus Forbairt Earnála BAI maoiniú ar fáil leis do chraoltóirí raidió agus teilifíse Pobail agus Pobail Leasa tríd an Scéim Tacaíochta do Chraoltóirí Pobail chun tionscnaimh a éascú atá dírithe ar fhorbairt eagraíochtúil a chur chun cinn, lena n-áirítear forbairt rialachais, anailís ar chleachtais rialachais agus cloí le dea-chleachtas bainistíochta airgeadais.

An Gréasán um Inbhuanaitheacht Craolacháin

I mí an Mhárta 2019 cheadaigh an tÚdarás plean a forbraíodh chun aghaidh a thabhairt ar fhreagracht forbartha inbhuanaithe BAI. Áiríodh leis sin Creat Inbhuanaitheachta i gcomhair na hEarnála Craolacháin a fhorbairt agus Gréasán um Inbhuanaitheacht Craolacháin a bhunú. Tar éis próiseas tairisceana, ceapadh Sustainability Works Limited mar an Comhordaitheoir Inbhuanaitheachta Earnála chun cuidiú le BAI chun an plean a chur i ngníomh agus é mar aidhm aige an Creat a thabhairt chun críche agus an Líonra a bhunú sa chéad ráithe de 2020.

Glasú Scáileáin

Seoladh Ghlasú Scáileáin

In 2018, mar chuid den phlean chun aghaidh a thabhairt ar fhreagracht BAI i leith na forbartha inbhuanaithe, chuaigh BAI isteach sa Chomhghuaillíocht um Ghlasú Scáileáin. Bhí comhlachtaí tras-tionscail páirteach sa chomhghuaillíocht sin lena n-áirítear BAI, RTÉ, Fís Éireann, Screen Producers Ireland, TG4, agus Virgin Media Television. Ba é ról na comhghuaillíochta sin Áireamhán Carbóin Albert BAFTA a mhaoiniú agus a thabhairt isteach i léiriúchán Scannán agus Teilifíse in Éirinn. Is féidir le táirgeoirí trí Áireamhán Carbóin Albert BAFTA, atá á úsáid cheana sa tionscal sa Ríocht Aontaithe, tuiscint a fháil ar an tionchar atá ar an gcomhshaol ag léiriúchán. Is é aidhm an áireamháin a chumasú do gach cuid de thionscal na scannán dramhaíl agus astaíochtaí carbóin ó tháirgeadh a dhíchur. Sheol Glasú Scáileáin Áireamhán Carbóin Albert BAFTA in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tomhaltas Fuinnimh agus Laghdú Dramhaíola

Bhain BAI amach arís stádas glas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina Thuarascáil Bhliantúil do 2019 ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí agus tá sé ar an tslí chun spriocanna a leagadh síos do 2020 a bhaint amach. Ina theannta sin, chuir BAI deieadh le húsáid plaisteach aonúsáide agus d'aontaigh sé le feabhas a chur ar phróisis athchúrsála ó thosach 2020.

Rialachas na Scéime um Maoiniú Craolacháin

Le linn dó 7% den Táille Ceadúnais Teilifíse a bhainistiú agus a dhámhachtain, ceanglaítear ar BAI ardchaighdeáin rialachais ar an Scéim a áirithiú ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir. Dá réir sin, leagtar béim faoi leith ar chleachtais um chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéanfaidh na conraitheoirí a n-éireoidh leo tionscadail a sheachadadh.

Déanann baill foirne de chuid BAI faireachán rialta ar chonraitheoirí maidir le comhlíonadh théarmaí a gconarthaí agus déantar an céanna trí iniúchtaí neamhspleácha. Déantar athbhreithnithe ar ráitis costas deiridh agus ar bhunábhair na gclár in aghaidh na bliana. Cuirtear tuarascálacha iniúchóireachta faoi bhráid Choiste AIR BAI.

Déantar measúnú córasach neamhspleách ar gach tionscadal teilifíse a mhaoinítear, agus ar chionúireacht de na tionscadail raidió a mhaoinítear, tar éis iad a chríochnú, i gcoinne ceanglais maidir le seachadadh clár chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh ceanglais maidir le sonraíocht agus cóireáil clár atá leagtha síos sa chonradh.

An Scéim Gaeilge III

I mí Lúnasa 2019 lorg BAI aighneachtaí ar gach páirtí leasmhar i gcomhthéacs athbhreithniú ar Scéim Gaeilge II ag BAI agus dréacht-scéim nua a ullmhú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cuireadh an Scéim nua atá beartaithe faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Iarrataí agus breitheanna faoi Shaoráil Faisnéise

17 17 n-iarraidh SF a fuarthas

Scaoileadh taifid amach mar fhreagra ar 13 cinn de na hiarrataí sin, go hiomlán, go páirteach nó bhí na taifid ar fáil don phobal cheana féin agus cuireadh ar fáil don iarrthóir iad lasmuigh den phróiseas SF.

13

13 iarraidh inar scaoileadh taifid amach

1

1 iarraidh amháin atá ar siúl

1

1 iarraidh amháin a tharraing an t-iarrthóir siar

2

2 iarraidh a diúltaíodh

Áirítear ar chuid de na gealltanais nua don scéim nua: acmhainní digiteacha agus gluaiseanna digiteacha a bheith ar fáil do bhaill foirne BAI, cóipeanna d'óráidí BAI má dhéantar iad a thabhairt i nGaeilge agus méadú ar úsáid na Gaeilge do gach cumarsáid meán sóisialta ag BAI. Tiocfaidh an Scéim nua in éifeacht in 2020.

Saoráil Faisnéise

Tá an chuntasacht ar cheann de bhunphrionsabail BAI agus slí amháin ina léirítear é sin is ea trí BAI a dhéanamh a thaifid a chur ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF). Láimhseáil an BAI 17 n-iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2019.

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a rialachas agus ar a nósanna imeachta chun a dheimhniú go gcomhlíontar prionsabail chearta an duine agus go sonrach na hoibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht 2014.

Struchtúir agus Cultúr Eagraíochta

Toisc gurbh í 2019 an bhliain deiridh de Ráiteas Straitéise BAI 2017-2019, leag baill foirne BAI cuspóirí eagraíochtúla go príomha agus é mar aidhm acu an Straitéis a thabhairt chun críche. Tá go leor de na cuspóirí sin corpraithe i bpróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta BAI de chuid gach baill foirne aonair.

Den Straitéis a thagann an plean oibre corparáideach, a ndéanann Oifig an POF faireachán ar a chur i ngníomh, agus déantar tuairisciú rialta air don Údarás. Oibríonn BAI struchtúr maitríse trína n-oibríonn baill foirne go solúbtha i ngach réimse gníomhaíochta oibre de réir riachtanais ghnó. Cuireann an struchtúr eagrúcháin sin ar chumas daoine scileanna úsáideacha agus taithí ar réimsí nua a fháil ar bhonn leanúnach, agus eolas inmheánach ar phróisis agus nósanna imeachta a mhéadú.

An chatagóir iarrthóra SF in 2019



Dúshlán mór atá le sárú ag BAI le blianta beaga anuas is ea baill foirne agus acmhainní a fháil. In 2019, tar éis do roinnt ball foirne a aistriú go hinmheánach agus go seachtrach, líon BAI roinnt post a bhí ann cheana, agus sholáthair sé cláir ionduchtúcháin shaincheaptha d'iontrálaithe nua agus do bhaill foirne ardaithe araon, ar a n-áirítear cruinnithe faisnéise, oiliúint agus meantóireacht, scáthfhoghlaim phoist agus foghlaim ar an láthair oibre. Tá oiliúint agus forbairt foirne fós ina gcuid riachtanach de chultúr BAI agus tá sí ag dul ar aghaidh i gcónaí, trína dtugtar tosaíocht do réimsí is iomchuí maidir le hobair na heagraíochta chomh maith le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil a chur chun cinn don fhoireann. Tacaíonn agus spreagann cultúr na heagraíochta daoine aonair chun tabhairt faoi dhúshláin nua agus chun gné foghlama a ghlacadh i leith a meascáin oibre san iomlán. Oireann sé sin don struchtúr eagrúcháin maitríse agus déanann sé chomh maith slite gairme ionchasacha a sholáthar do dhaoine aonair.

Bainistíocht Riosca

I rith 2019, rinne an tÚdarás agus an Coiste AIR maoirseacht ar fhorbairt Ráiteas Inghlacthachta Riosca nuashonraithe do BAI. Forbraíodh an Ráiteas trí roinnt ceardlann a tionóladh le Feidhmeannas BAI, leis an gCoiste AIR agus leis an Údarás. D'éascaigh EY, iniúchóirí inmheánacha BAI, na ceardlanna. Chomhaontaigh an tÚdarás le Ráiteas Inghlacthachta Riosca athbhreithnithe do BAI ag a gcruinniú go déanach i mí na Samhna. Aithnítear sa Ráiteas cúig théama riosca agus tá a inghlacthacht riosca i gcomhair gach cinn acu comhaontaithe ag an Údarás. Cuirfear tús le Tuairisciú Inghlacthachta Riosa in 2020. In 2019, cuireadh i ngníomh ina theannta sin Beartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe agus leanadh in 2019 le tuairisciú riosca don Choiste AIR agus don Údarás maidir le rioscaí oibríochta agus corparáideacha araon de réir an bheartais athbhreithnithe.

Údarás Craolacháin na hÉireann

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019

Clár Ábhar

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis	63
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	71
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	75
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	77
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	78
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	79
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	80
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	81

Eolas i dTaobh an Údaráis

Comhaltaí an Údaráis	Pauric Travers Alan McDonnell Grace Smith Denis Wolinski Seán Ó Mordha Rosemary Day Maeve McDonagh Mary Curtis Vivien McKechnie
Aturnaetha	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Cuideachta Aturnaetha 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Ulster Bank Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sraid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") faoin Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"). Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in alt 26 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú. Comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ní gnó lárnach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ("POF") freagrach as bainistíocht laethúil Údarás Craolacháin na hÉireann arna cheapadh de bhun alt 14 den Acht. Tá sé cuntasach don Údarás as na feidhmeanna a tharmligeann an tÚdarás dó agus as bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar riarachán an Údaráis agus ar an dá choiste reachtúla de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Comhlíonann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis, a dhréachtóidh agus a ghlacfaidh an tÚdarás de bhun alt 29 den Acht. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean do chomhalta foirne den Údarás, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as an gCiste Craolacháin a riaradh agus as idirbhearta an Chiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste Craolacháin.

Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis san Acht. Leagtar amach freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Údaráis agus gach coiste reachtúil i Sceideal na Nithe a Fhorchoimeádtar le haghaidh Chinneadh an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla. Áirítear i measc na nithe buana a bheidh le breithniú ag an Údarás:

- Breithniú agus ceadú a dhéanamh ar dhréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin
- Dearbhuithe leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun an Achta
- Nithe a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach
- Miontuairiscí chruinnithe an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh
- Miontuairiscí cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"), faoi stiúradh an Údaráis, gach leabhar cui agus taifead cuntais den uile ioncam agus caiteachas den Údarás agus d'fhoinsí ioncam den sórt sin agus ábhar caiteachais den sórt sin, agus de mhaoin, de shócmhainní agus de dhliteanais an Údaráis a choimeád. Ceanglaítear air freisin cuntas a thabhairt don Údarás maidir le gach cuntas speisialta den sórt sin agus iad a choimeád de réir mar a cheanglaíonn cuid 10 den Acht, agus de réir mar a ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó mar a ordóidh an tAire ó am go ham gur cóir iad a choimeád.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon chlaonadh ábhartha ón gcéanna atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth a staid airgeadais agus lena gcumasaítear dó a dheimhniú go gcomhlíonann ráitis airgeadais BAI agus an Chiste Craolacháin alt 37(2) den Acht. Is freagracht de chuid an Údaráis sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Údaráis Craolacháin na hÉireann agus í a chothabháil.

Tá an tÚdarás freagrach as an Ráiteas Straitéise a cheadú (lena n-áirítear a chuspóirí straitéiseacha dá chuid) agus plean oibre trí bliana agus meastacháin bhuiséid trí bliana. Rinne an tÚdarás breithniú ar an athbhreithniú deireadh bliana ar Ráiteas Straitéise BAI 2017 – 2019 ag an gcruinniú a bhí aige i mí na Eanáir 2020. Cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán ar Straitéis 2017-2019 in 2019 agus beidh sé ina bhonn eolais faoi fhorbairt na chéad straitéise eile a thabharfar chun críche in 2020.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus dá réir chun bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an tÚdarás faoin tuairim go dtugtar i ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fírinneach agus fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ag 31 Nollaig 2019.

Ar an 10 Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne 2019. Tugann an Bille seo breac-chuntas ar na bearta is gá a thrasuí faoin Treoir athbhreithnithe ar Sheirbhísí Meán Closamhairc agus tá tograí maidir le sábháilteacht ar líne ann. Beartaítear leis an mBille go ndéanfar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus a Choistí Reachtúla a dhíscaoileadh agus Coimisiún Meán ar a mbeidh daoine éagsúla a chur ina ionad. Díscaoileadh an Dáil an 14 Eanáir 2020 agus caithfear fanacht go mbunófar rialtas nua chun tuilleadh forbairtí maidir leis an mBille a dhéanamh. Ullmhaítear Ráitis Airgeadais BAI agus an Chiste Craolacháin ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscaoileadh beartaithe.

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID19 ar acmhainní airgeadais na hearnála craolacháin neamhspleách ó mhí an Mhárta 2020. Mar aitheantas air sin, d'iarr an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an Údarás smaoineamh ar an tobhach ar stáisiúin raidió neamhspleácha a tharscaoileadh ar feadh na chéad sé mhí de 2020. Bhreithnigh an tÚdarás an iarraidh sin ag a chruinniú i Márta 2020 agus d'aontaigh sé leis an tarscaoileadh. D'fhonn na laghduithe airgid agus ioncaim a eascraíonn as an tarscaoileadh sin a dhúnadh, tá BAI ag saothrú roinnt straitéisí bainistíochta sreafa airgid agus buiséid. Mar thoradh ar na bearta sin, tá an tÚdarás sásta go ndéanfar na laghduithe airgid agus ioncaim a eascróidh as an tarscaoileadh a dhúnadh go leordhóthanach chun go leanfaidh BAI mar ghnóthas leantach.

Struchtúr an Údaráis

Tá naonúr comhaltaí ar an Údarás, duine acu a cheaptar ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach. Tá comhaltaí an Údaráis arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de bhun Alt 8 den Acht Craolacháin 2009. Bíonn gach comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire le linn an ceapachán a dhéanamh, faoi réir fhorálacha alt 9 den Acht.

Mionsonraítear sa tábla thíos an dáta ceapacháin maidir leis an naonúr comhaltaí reatha de chuid an Údaráis.

Comhalta den Údarás	Ról	Ceapadh den Chéad Uair	Athcheapadh	Dáta Scoir
Pauric Travers	Cathaoirleach	02/12/2014	02/12/2017	01/12/2020
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Grace Smith	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Denis Wolinski*	Gnáthchomhalta	17/02/2015		16/02/2020
Seán Ó Mordha*	Gnáthchomhalta	17/02/2015		16/02/2020
Rosemary Day*	Gnáthchomhalta	17/02/2015		16/02/2020
Maeve McDonagh*	Gnáthchomhalta	17/02/2015		16/02/2020
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	13/01/2017	02/12/2019	01/12/2022
Vivien McKechnie	Gnáthchomhalta	20/03/2018		19/03/2023

*Cheap an Rialtas é/í ar dtús i mí Feabhra 2015, tar éis dó/di a bheith ainmnithe ag an gComhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol. I gcomhréir le forálacha Alt 8 (2) den Acht, scríobh an tAire chuig an gComhchoiste den Oireachtas go déanach in 2019 agus thug sé le fios go raibh sé ar intinn aige an ball seo a athcheapadh ar an Údarás. Ní raibh deis ag an gComhchoiste den Oireachtas an iarraidh sin a bhreithniú sular díscaoileadh an Dáil Dé Máirt 14 Eanáir. Dá réir sin, níor athnuadh téarmaí oifige an chomhalta seo.

I mí Feabhra 2020 chuaigh téarmaí oifige ceathrar ball in éag agus ar dháta na ráiteas airgeadais a shíniú bhí na folúntais sin fós gan líonadh, go dtí go mbunófaí rialtas nua agus go mbunófaí Comhchoiste nua den Oireachtais a mbeidh sé de chumhacht acu a mholadh comhaltaí nua a cheapadh. Is é an toradh atá air sin nach bhfuil ach cúigear ball ag an Údarás ón dáta sin i leith. Deirtear in alt 13 (7) den Acht gur cúigear an córam do chruinnithe an Údaráis, agus go gceanglaítear tríd sin ar gach ball a bheith i láthair chun críocha cinntí a dhéanamh. De réir nósanna imeachta BAI um Choinbhleachtaí Leasa, déanann baill den Údarás a fheidhmíonn mar ainmnithigh den Údarás ar na Coistí reachtúla leis iad féin a tharraingt siar mar ghnáthchúrsa ó gach plé agus cinneadh a bhaineann le moltaí ó na Coistí reachtúla. D'fhonn a chinntiú go mbeidh gach ball i láthair chun críocha cinnteoireachta, chomhaontaigh an tÚdarás i mí Eanáir 2020 nach n-ainmneodh sé aon chomhaltaí den Údarás chun an Choiste um Chomhlíonadh agus chun an Choiste um Dheonú Conarthaí go dtí pé tráth a méadófar líon na mball den Údarás ionas gur féidir ainmiúchán den sórt sin a dhéanamh.

Rinne an tÚdarás féinmheasúnú ar Éifeachtúlacht an Bhoird agus ar Athbhreithniú ar Mheasúnacht i mí na Bealtaine 2019.

Bunaíodh dhá choiste reachtúla leis faoi Alt 6 den Acht mar a leanas:

1. **An Coiste um Dheonú Conarthaí:** Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí in Alt 27 den Acht.

2. **An Coiste um Chomhlíonadh:** Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina

   gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh in Alt 28 den Acht.

Bhunaigh an tÚdarás freisin **Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca** ar triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhspleách amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige nó aici atá ar an gcoiste seo.

Leagtar amach ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an Údarás agus is é an cuspóir atá aige cabhair a thabhairt don Údarás maidir lena fhreagrachtaí de bhun an Achta agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú amhail riosca, rialú inmheánach agus dearbhú gaolmhar. Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, is coiste neamhspleách ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar bhainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann é, a dheimhniú go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchóireachta. Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus tugann sé tuarascáil go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

In 2019, ba iad baill an Choiste Airgedais, Iniúchóireachta agus Riosca Alan McDonnell (Cathaoirleach), Denis Wolinski agus Vivien McKechnie. Ceapadh Dermot O'Riordan ina bhall neamhspleách chun fónamh ón 1 Meán Fómhair 2017 ar feadh téarma trí bliana.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2019 lena n áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

	Táillí	Costais	Freastal
	€	€	
Comhaltaí an Údaráis			
Pauric Travers	11,970	-	10/10
Alan McDonnell	7,695	-	10/10
Grace Smith	7,695	-	10/10
Denis Wolinski	7,695	1,401	9/10
Seán Ó Mordha	7,695	-	10/10
Rosemary Day	-	2,028	10/10
Maeve McDonagh	-	588	8/10
Mary Curtis	7,695	-	9/10
Vivien McKechnie	7,695	-	9/10
An Coiste um Chomhlíonadh			
Kevin Rafter	-	-	6/6
Nigel Heneghan	7,695	-	5/6
Orlaith Carmody	2,484	-	2/2
Rosemary Day	-	2,788	5/6
Grace Smith	-	-	5/5
Eileen Maher	7,695	-	6/6
Neil O'Brien	-	-	6/6
Anne O'Brien	-	-	5/6
An Coiste um Dheonú Conarthaí			
Ercus Stewart	11,970	-	10/10
Eimer McGovern	7,695	-	9/10
John Hogan	7,695	774	9/10
Clodagh O'Donnell	7,695	-	9/10
Mary Curtis	-	-	6/9
Sean Ó Mordha	-	-	9/10
Celene Craig	-	-	9/10
Ciarán Kissane	-	-	9/10
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca			
Alan McDonnell	-	-	4/4
Dermot O'Riordan	-	-	4/4
Denis Wolinski	-	-	2/4
Vivien McKechnie	-	-	4/4
	111,069	7,579	

Duine Amháin Tuarastal Amháin

Maidir le gach comhalta a ceapadh don Údarás reatha, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar gach duine de na comhaltaí a bhí ag teacht isteach féindearbhú a dhéanamh más rud é go raibh sé nó sí faoi réir na gceanglas Duine Amháin Tuarastal Amháin (DATA), agus, ar bhonn na n-aighneachtaí sin, fuair Údarás Craolacháin na hÉireann ordú gan aon luach saothair a íoc le beirt chomhaltaí den Údarás reatha (Rosemary Day agus Maeve McDonagh) agus le comhalta amháin den Choiste um Chomhlíonadh (Kevin Rafter) i ndáil lena gcomhaltas den Údarás nó de Choistí Reachtúla d'Údarás Craolacháin na hÉireann, de réir mar is cuí.

Coinbhleacht Leasa

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann dámhachtain conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí reachtúil, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus ó gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí i leith conarthaí a dhámhachtain a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás.

Chomhlíon BAI forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna.

I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon doiciméid maidir le hiarratas ar cheadúnas, le gearán ná le saincheist a d'eascair as agus níor ghlac an Comhalta páirt sa ní, ná i gcinntí ar an ní, nó ní raibh sé/sí i láthair nuair a rinneadh cinntí ar an ní, a luaithe a tháinig an Comhalta ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha

An Coiste um Chomhlíonadh: Ceapadh Grace Smith ar an gCoiste um Chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2019 agus ceapadh Orlaith Carmody an 3 Meán Fómhair 2019

An Coiste um Dheonú Conarthaí: Ceapadh Mary Curtis ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ón 1 Eanáir 2019.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca: Ceapadh Vivien McKechnie ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosa ón 1 Eanáir 2019

Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an tÚdarás freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe, ar níos mó na €60,000 iad, sna bandaí seo a leanas:

Réimse shochair iomlána na bhfostaithe Ó Go dtí	2019	2018
€60,000 - €69,999	4	6
€70,000 - €79,999	3	1
€80,000 - €89,999	3	4
€90,000 - €99,999	-	1
€100,000 - €109,999	1	-
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	1	1

Chun críocha an nochta seo, tá tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC na bhfostóirí iontu.

Costais chomhairleachta

Áirítear sna costais chomhairleachta costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach nach n-áirítear iontu feidhmeanna 'an ghnáthchúrsa gnó' eisfhoinsithe le haghaidh seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann (Nialas in 2019; €25,000 in 2018).

	2019 € '000	2018 € '000
Iniúchóireacht & Faireachán	33	49
Beartas, Cóid agus Rialacha	244	326
Comhairleacht Ghinearálta	283	266
Comhairleacht TFC	41	45
Comhairleacht san Iomlán	601	686

	€ '000	€ '000
Comhairle Dlí (Is Comhairle Ghinearálta)	73	81
	73	81

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Aicmítear caiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2019 € '000	2018 € '000
Comhaltaí den Údarás/de na Coistí		
Intíre	7	10
Coigríche	1	1
Fostaithe		
Intíre	15	18
Coigríche	49	33
	72	62

Tabhair faoi deara go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Fostaithe sna Ráitis Airgeadais mar Chostas Riaracháin (2019: €64,000; 2018 €51,000) agus go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí a íoctar go díreach le comhaltaí an Údaráis/Choiste mar Tháillí agus Costais Chomhaltaí an Údaráis/na gCoistí (2019: €8,000; 2018: €11,000).

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais caiteachais fáilteachais arbh fhiú €14,000 (€13,000 in 2018) é. Áiríodh leis sin €13,000 ar fháilteachas don fhoireann (€12,000 in 2018) agus €1,000 i gcomhair fáilteachas do chliaint (€1,000 in 2018). Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeadh costais a bhaineann leis an gClár um Leas Fostaithe san áireamh sa chatagóir seo.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann i gcaitheamh 2019.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25th Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25th Meitheamh 2020

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon na Freagrachta

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá ar an Údarás a dheimhniú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á chur i ngníomh i leith Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach arna dhearadh chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus anuas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Craolacháin na hÉireann ar a bhfuil triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige nó aici. Bhuail an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2019.

Sheachfhoinsigh Údarás Craolacháin na hÉireann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí dá chuid a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus seolann clár atá bunaithe ar riosca arna chomhaontú leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

Mar thoradh ar iniúchadh inmheánach ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca BAI in 2018, cheadaigh an tÚdarás Beartas Bainistíochta Riosca nua i mí Eanáir 2019 chun rioscaí uile-eagraíochta agus rioscaí atá sonrach do thionscadail / do chúrsaí oibríochta a bhainistiú ag BAI. Tugtar sa Bheartas eolas i dtaobh na slí a dtuigeann agus a sainíonn BAI riosca agus sonraítear ann na róil, na freagrachtaí, na próisis agus na nósanna imeachta, na caighdeáin, na huirlisí agus an doiciméadacht a thugann éifeacht phraiticiúil don Bheartas.

Is é a dhéanann an Beartas, go sonrach:-

- Déantar ann riosca a cheangal le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta;
- Soláthraítear ann ráiteas beartais riosca soiléir agus sainráite mar aon le cuspóirí bainistíochta riosca cuí;
- Cuirtear in iúl ann an modh a sainaithneofar agus a rangófar an riosca;
- Ceanglaítear leis go gcuirfear measúnú riosca i gcrích, trí shainaithint, trí chur síos agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus leagfar ann amach na huirlisí, na próisis agus na struchtúir a thabharfaidh feidhm phraiticiúil don mheasúnú riosca seo;
- Tugtar cur síos ann ar an bpróiseas tuairiscithe riosca ar rioscaí chun trédhearcacht iomlán a dheimhniú ar gach riosca a shainaithnítear agus ar na gníomhartha arna bpleanáil chun déileáil leis na rioscaí;

- Leagtar amach ann róil agus freagrachtaí an Údaráis, coistí reachtúla BAI agus foireann BAI maidir le bainistíocht riosca;
- Plean forfheidhmithe agus faireacháin a leagan amach a chinntíonn go gcomhlíonann foireann BAI a bhfreagrachtaí maidir le riosca agus na gníomhartha comhaontaithe;
- Leagtar amach ann na tacaíochtaí atá i bhfeidhm chun cultúr atá feasach ar riosca a chothabháil (e.g. oiliúint).

Eisíodh an Beartas don fhoireann uile agus cuirtear oiliúint ar bhainistíocht riosca ar fáil don fhoireann uile ar bhonn bliantúil. In 2019, cuireadh oiliúint shonrach ar fhorbairt Ráiteas Inghlacthachta Riosca BAI ar fáil do chomhaltaí an Údaráis agus don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachtas agus Riosca agus, ar leithligh, d'fhoireann bainistíochta sinsearaí BAI.

In 2019, cheadaigh Údarás BAI Ráiteas Inghlacthachta Riosca nua do BAI leis. Roimhe sin, cuireadh Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Údaráis san áireamh i gCreat / mBeartas Bainistíochta Riosca BAI. Moladh as iniúchadh inmheánach 2018 ab ea forbairt an Ráitis nua seo. Leagtar amach sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca an mhodheolaíocht atá le húsáid ag BAI chun inghlacthacht riosca a shuíomh agus a bhainistiú. Aithnítear sa Ráiteas cúig théama riosca do BAI a nascann le Ráiteas Straitéise BAI. Tá leibhéal inghlacthachta riosca aitheanta do gach ceann de na cúig théama. Ina theannta sin, tá lamháltais riosca, mar aon le príomhthráscairí riosca agus méadrachtaí gaolmhara, arna suíomh. Ionchorpraítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca bainistíocht riosca i bpróiseas pleanála straitéisí na heagraíochta.

Sna Téarmaí Tagartha dá chuid, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an mBeartas agus go gcuirtear an Beartas faoi bhráid an Údaráis lena cheadú ansin.

Creat Rioscaí agus Rialaithe

Déanann an Beartas Bainistíochta Riosca cur síos ar chreat rialaithe riosca a chinntíonn cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus aird á tabhairt ar na hinghlacthachtaí riosca agus na lamháltais ghaolmhara a shainaithnítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca; agus tugtar breac-chuntas ann ar na próisis atá ar bun chun sainaithint, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí ríthábhachtacha agus ar na rialuithe inmheánacha agus na gníomhartha leanúnacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Sainaithníonn Beartas Bainistíochta Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann cláir rioscaí mar bhunuirlisí bainistíochta agus rianaithe rioscaí, a dhéanann, trí phróiseas athbhreithnithe agus uasdátaithe, sainaithint, measúnú agus bainistiú ar rioscaí síos go dtí leibhéil inghlactha. Tá Clár Rioscaí Corparáide ar bun a dhéanann na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí corparáide agus straitéiseacha a gcaithfidh Údarás Craolacháin na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus rinneadh iad siúd a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Ina theannta sin, ullmhaítear pleananna rioscaí oibriúcháin agus pleananna bainistíochta riosca tionlacain do gach ceann de réimsí tionscadail agus oibriúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann. Léirítear iad sin sa Chlár Rioscaí Pleananna Tionscadail agus Oibriúcháin. Sonraítear sna Cláir Riosca Corparáide agus Oibriúcháin leis na rialuithe agus na gníomhartha atá deartha chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leo freagracht as rialuithe a oibriú nó as gníomhartha a chur i bhfeidhm do bhaill foirne ar leith.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáide ar bhonn ráithiúil agus soláthraíonn an Príomhoifigeach Rioscaí uasdátú ar na rioscaí ag gach cruinniú den Choiste.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Oibriúcháin leis faoi dhó ar a laghad in aghaidh na bliana. Déantar athbhreithniú agus tuairisciú ar na Cláir Rioscaí Corparáide agus Oibriúcháin ag gach cruinniú foirne bainistíochta sinsearaí, ar chruinnithe leis an lucht meánbhainistíochta agus ar gach cruinniú míosúil oibriúcháin idir an Príomhoifigeach Rioscaí agus Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena dheimhniú go mbainistítear rioscaí ag leibhéal cuí. Cinntíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca go gcloítear le lamháltais riosca aitheanta atá sa Ráiteas trí thagairt a dhéanamh, inter alia, do na príomhtháscairí riosca comhaontaithe agus do na méadrachtaí gaolmhara. Ó 2020 amach, déanfaidh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú gach ráithe ar an Ráiteas Inghlacthachta Riosca mar chuid de na próisis bainistíochta agus tuairiscithe riosca atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Riosca BAI.

Creat Rioscaí

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Go ndearnadh taifead maidir le nósanna imeachta le haghaidh gach próisis gnó ríthábhachtaigh,
- Gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Go bhfuil córas buiséadach cuí ann le buiséad bliantúil a mbíonn athbhreithniú á dhéanamh air ag an mbainistíocht shinsearach,
- Go bhfuil córais ann a bhfuil mar sprioc acu slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a dheimhniú
- Go bhfuil córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Go ndeimhníonn nósanna imeachta rialúcháin maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh i dtaca le deontaithe lena dheimhniú gur cuireadh an maoiniú deontas chun feidhme maidir leis an gcuspóir beartaithe.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, más iomchuí, ar mhodh tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas ar bun:

- Rinneadh rioscaí ríthábhachtacha agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus cuireadh próisis ar bun chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na rialuithe ríthábhachtacha sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann bainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséad.

Le linn 2019, rinne an tIniúchóir Inmheánach ceithre iniúchadh oibríochta a thuairiscigh a dtorthaí agus a moltaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. I measc na réimsí oibríochta a ndearnadh athbhreithniú orthu bhí na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an Rialachas Corparáideach
- Athbhreithniú ar Bhonneagar agus Athléimneacht TFC
- Athbhreithniú ar Bhainistíocht Daoine
- Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha (lena n-áirítear Rialuithe Airgeadais)

Le linn gnáthphróiseas cothabhála TFC sainaithníodh sárú a bheith déanta ar shonraí de thoradh rochtain neamhúdaraithe ar dhá chuntas ríomhphoist de chuid BAI ó fhoinse sheachtrach anaithnid. Tugadh isteach sraith de bhearta slándála TFC breise d'fhonn na rialuithe inmheánacha TFC láithreacha atá ag feidhmiú in BAI a neartú. Bhí tionchar ag an sárú sin ar líon réasúnta íseal d'ábhair sonraí, sonraí pearsanta íosta agus níor áiríodh ann aon chatagóir speisialta de shonraí pearsanta. Cuireadh gach ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas i dtaobh chineál an tsáraithe agus na mbeart a rinne BAI. Cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) ar an eolas ar an toirt mar gheall ar an sárú (laistigh den teorainn reachtúil 72 uair an chloig) agus tá BAI i mbun comhfhreagras leanúnach le CCS ó shin i leith i dtaobh an ábhair seo.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag Údarás Craolacháin na hÉireann lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann na nósanna imeachta sin le linn 2019, ach amháin i gcás eisceacht amháin a nochtadh a chéaduair i Ráiteas 2018 ar an Rialú Inmheánach.

Bhain sé sin le ball foirne ag a bhfuil tacar sainscileanna faoi leith a earcú trí ghníomhaireacht nár tugadh faoi aon phróiseas soláthair iomaíoch ina leith. Cuireadh tús leis an gconradh sin in 2010 nuair a bhí moratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí ann le linn tréimhse ina raibh géarghanntanas acmhainní ag BAI agus tháinig deireadh leis in 2019 nuair a chuaigh an ball foirne ar scor. Lean BAI leis an socrú sin ó 2010 go dtí 2019 de réir mar a tháinig taithí, saineolas agus eolas agus léargas eagraíochtúil an bhaill foirne chun cinn in imeacht na mblianta, rud a chuidigh le BAI maidir lena chuspóirí eagraíochtúla.

Caitheadh €30,569 de chaiteachas leis an tseirbhís sin le linn 2019 (€30,727 in 2018). Ó 2016 i leith, tá creat-chomhaontú á chur i bhfeidhm ag BAI maidir le soláthar seirbhísí gníomhaireachta earcaíochta.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. Cuirtear bonn eolais faoin bhfaireachán agus faoin athbhreithniú a dhéanann Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais do 2019. Bhí obair a rinne an t-iniúchóir inmheánach i mí na Nollag 2019 ina bonn eolais faoin athbhreithniú sin agus cheadaigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca é i mí Feabhra 2020.

Saincheisteanna i dtaobh an Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí breise sa rialú inmheánach i ndáil le 2019 nach mór iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, ach amháin an cheist maidir le soláthar a tógadh thuas.

Professor Pauric Travers
Chairperson
25th June 2020

Alan McDonnell
Member of Authority
25th June 2020

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of section 37 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Authority of Ireland at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report (including the governance statement and Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Orla Duane
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

29 June 2020

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the governance statement and Authority members' report, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 37 of the Broadcasting Act 2009.
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 37 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Authority of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Authority of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 € '000	2018 € '000
Ioncam			
Tobhach	**2**	5,109	4,863
Táillí Ceadúnúcháin	**3**	46	38
Ioncam Eile	**4**	723	702
Ollioncam		5,878	5,603
Aistriú (ón)/go dtí an Cuntas Caipitil	**15**	(71)	12
		5,807	5,615
Caiteachas			
Costais Foirne	**5**	2,373	2,176
Costais Sochar Scoir	**17(c)**	322	312
Táillí/Speansais Chomhaltaí an Údaráis /na gCoistí		119	126
Táillí Sainchomhairleachta	**7**	601	711
Costais Dlí		73	81
Fógraíocht		41	30
Costais Riaracháin	**8**	438	463
Luach Saothair na nIniúchóirí		13	12
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**9**	555	484
Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara	**10**	790	752
Díluacháil		48	16
Drochfhiacha		4	1
Ús agus muirir bhainc		7	7
		5,384	5,171
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		423	444
Aisíoc Tobhaigh	**2**	(377)	(405)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		46	39
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		682	643
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		46	39
Iarmhéid ag deireadh na bliana		728	682

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25 Meitheamh 2020

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
25 Meitheamh 2020

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019

	2019 €'000	2018 €'000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	**46**	**39**
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochar scoir	(1,121)	216
Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach na n-oibleagáidí scéime sochar scoir	(1,501)	114
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	(2,622)	330
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste	2,622	(330)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain	**46**	**39**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25 Meitheamh 2020

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
25 Meitheamh 2020

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2019

	Note	2019 € '000	2018 € '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	11	112	41
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	12	861	998
Airgead agus coibhéis airgid	13	1,397	1,266
		2,258	2,264
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	14	(1,530)	(1,582)
		(1,530)	(1,582)
Glansócmhainní Reatha		728	682
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		840	723
Sócmhainn iarchurtha sochair scoir	17	15,666	12,092
Dliteanais sochair scoir	17	(15,666)	(12,092)
Glansócmhainní		840	723
Arb ionann iad agus			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		728	682
Cuntas Caipitil	15	112	41
		840	723

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25 Meitheamh 2020

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
25 Meitheamh 2020

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019

	2019 € '000	2018 € '000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain	46	39
Muirear Díluachála	48	16
Aistriú ón gCuntas Caipitil	71	(12)
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	137	198
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	(52)	(116)
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**250**	**125**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
(Aisíocaíocht)/Íostarraingt Iasachta	0	(500)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	(119)	(4)
(Laghdú)/Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	131	(379)
Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana	1,266	1,645
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	**1,397**	**1,266**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe iad go léir.

a. Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 agus príomhoifig aige atá suite in 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is iad príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar a leagtar amach in Alt 25 den Acht Craolacháin 2009 iad, mar a leanas:

1. Déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

   a. go ndéanfar líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha agus a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

   b. go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint saoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

   c. go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

2. Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla -

   a. soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;

   b. craoltóirí seirbhísí poiblí a éascú i gcomhall na gcuspóirí seirbhíse poiblí dá gcuid mar a leagtar amach san Acht seo;

   c. éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó tionchar;

   d. timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaon a chothú;

   e. timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;

   f. leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a leochailí agus atá leanaí agus an óige ó thaobh saothrú tráchtála míchuí;

   g. timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus

   h. forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

3. Féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar –

   a. go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,

   b. go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin a chuirfidh i gcuntas an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát,

c. go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,

d. go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

e. go ndéanfar freastal go réidh iontu ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na teicneolaíochta sin, ag an earnáil craolacháin agus go ndéanfar an céanna a spreagadh leo go réidh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (ELP) é Údarás Craolacháin na hÉireann.

b. Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn é a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

c. Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

d. Ioncam

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na caiteachais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú. Bíonn an tobhach bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is amhlaidh, maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, go gcoinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin, 2009 (Alt 33), 2010 (I.R. Uimh. 7/2010), an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh. Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas air.

Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an tÚdarás dhá chineál conarthaí le hoibritheoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh go mbeadh táillí ceadúnúcháin iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí leis an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na táillí sin ó am go chéile ar aon dul le beartais agus le straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhruithe.

Ioncam Úis

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhruithe trí mhodh an úis éifeachtaigh a úsáid.

e. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Díluacháil

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide díluacháil charntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar díluacháil ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh go léir. Déantar amhlaidh de réir rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom in imeacht na saolré eacnamaíche fónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feisteas	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil léi agus leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

f. Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

g. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim in imeacht thréimhse an léasa.

Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom in imeacht thréimhse an léasa ach amháin i gcásanna ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear in imeacht thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

h. Sochair Fostaithe

i. Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

ii. Sochair Scoir

Cineál na Scéimeanna

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna pinsin sainithe seo a leanas maidir le fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais BAI agus dá Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí. Tá struchtúir na scéime seo bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Samhla).

- Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha le hinnéacs praghsanna tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Níl na scéimeanna á maoiniú ag an Údarás, agus tá sochair phinsin iníoctha ag an Státchiste. Tá roinnt saintréithe sonracha ag gabháil le socruithe an Údaráis:

- Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (i gcomhair na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i gcomhair na Scéime Aonair)

- Cuimsíonn na ranníocaíochtaí don dá scéim gné fostaí in éineacht le gné fostóra. Is ionann ranníocaíochtaí an fhostóra, a d'íoc an tÚdarás, don Scéim Samhla agus 16.66% den ollphá. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra a d'íoc an tÚdarás leis an Scéim Aonair agus trí oiread ranníocaíocht an fhostaí

- Tá tiomantas ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite

- Aithnítear sócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh--mhaoinithe i leith sochar scoir ar an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ar bhonn fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

Go substaintiúil, measann an tÚdarás go bhfuil an oibleagáid sochair phinsin a íoc fós ar an Údarás, ach go gcuirfidh an Státchiste dóthain airgid ar fáil don Údarás chun aon oibleagáidí den sórt a bheidh dlite a réiteach, ar an mbonn go n-íocfaidh an tÚdarás ranníocaíochtaí fosaithe agus an fhostóra de réir rátaí arna sonrú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid i leith sochar pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin státchiste iarchurtha is infhaighte agus tá sonraí iomlána íocaíochtaí sochair Aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus tá ioncam comhfhreagrach iontu a léiríonn Sochar Scoir an Státchiste.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha scéimeanna

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid do mhaoiniú sochair scoir iarchurtha státchiste. Cuimsíonn costais phinsin sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe ranníocaíocht an fhostóra sa bhliain.

Dliteanais faoi na Scéimeanna

Déantar dliteanais scéime arna léiriú ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill fostaithe an Údaráis go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid réamh-mheasta á úsáid. Léiríonn costais pinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe. Meastar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais do mhéid maoinithe sochair an státchiste iarchurtha de réir méid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide i leith dhliteanais na scéime pinsin.

Tugtar tuilleadh faisnéise faoi na scéimeanna i nóta 17.

i. Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

j. Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe.

k. Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

l. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas i gcaitheamh na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Le linn dó an mheasúnacht seo a dhéanamh, bhreithnigh an tÚdarás an tionchar atá ag COVID-19 agus ní mheasann sé go mbeidh an tionchar chomh mór sin go mbeifí amhrasach go mbeadh BAI ábalta ar leanúint ar aghaidh ag oibriú.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha a dhéanamh ar an mbearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Díluacháil agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas. Tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha

Déanann an tÚdarás meastachán ar luach inaisghabhála na bhféichiúnaithe agus na suimeanna infhaighte eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a bhféadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Tugtar luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha.

Soláthairtí

Déanann an tÚdarás soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith gan chomhlíonadh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh gur mhó i bhfad idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha arb ina leith a chinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais cúraim sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus

iii. rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú iarchurtha pinsin

Is bunaithe ar roinnt teagmhais roimhe a aithníonn an tÚdarás suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsean. I measc na dteagmhas sin, tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil agus, dá bhrí sin, nach ann d'aon ráthaíocht, i dtaca leis na suimeanna ar leith sin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de réir a chéile le freastal ar an tsuim seo de réir an chleachtais reatha.

2. Tobhach

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 33 den Acht Craolacháin 2009 na caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an Údarás agus ag na coistí reachtúla a aisghabháil trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (alt 33), 2010 ('an tOrdú Tobhaigh'), na téarmaí a bhaineann leis an Tobhach seo, lena n-áirítear modh an ríofa.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhaigh an 22 Eanáir 2010. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2010.

Ba é €5,109,452 an tsuim a gearradh mar thobhach ar chraoltóirí sa bhliain 2019, agus €3,030 d'ús san áireamh inti. Bhí an ghlansuim bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2019 agus ar ioncam cáilitheach na gcraoltóirí don bhliain 2018. Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh chun an tsuim a ghearrtar mar thobhach ar chraoltóirí a chur i gcomparáid leis an muirear tobhaigh iarbhír. Déanfar an réiteach sin nuair a bheidh caiteachas an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2019 ceadaithe agus nuair a bheidh a n-ioncam cáilitheach iarbhír don bhliain 2018 curtha ar fáil ag craoltóirí. Eiseofar sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí ina dhiaidh sin i leith an choigeartaithe sin.

Ba le linn na bliana 2019, a rinneadh na próisis réitigh tobhaigh don bhliain 2018. Ba é €405,457 an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí. Aithníodh an tsuim sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2018. Tá aisíocaíocht €376,309 dlite do chraoltóirí maidir leis an mbliain tobhaigh 2019. Aithníodh an tsuim sin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2019.

3. Táillí Ceadúnúcháin

	2019 €'000	2018 €'000
Teilifís	46	38
	46	**38**

4. Ioncam Eile

	2019 €'000	2018 €'000
Eile	1	-
Ioncam ón gCiste Craolacháin	722	702
	723	**702**

Baineann ioncam eile le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann. Athmhuirearaítear an t-ioncam sin ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastail is fiú €494,227 (2018: €453,544), forchostais ghinearálta is fiú €158,445 (2018: €161,012), ranníocaíocht urraíochta is fiú €56,305 (2018: €74,070) leis an Scéim Ciste Craolacháin agus comhairle infheistíochta is fiú €13,000 (2018: €13,000).

5. Luach Saothair

a. Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2019 € '000	2018 € '000
Sochair foirne ghearrthéarmacha	2,191	2,014
Ranníocaíocht an fhostóra i leith leas sóisialach	183	162
	2,374	**2,176**

In 2019, chuimsigh Costais Foirne €494,227 (2018: €453,544) a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile.

Bhí ceathrar (2018: aon duine amháin) ag obair in BAI i gcaitheamh 2019 a bhí ar fostú trí ghníomhaireacht. B'ionann agus €63,951 (2018: €30,359) an costas comhlán a bhí le híoc ag BAI i leith pearsanra gníomhaireachta i gcaitheamh 2019.

Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan pearsanra Gníomhaireachta a áireamh) le linn na bliana mar seo a leanas:

	2019	2018
An Fhoireann Ardbhainistíochta	10	9
Baill Foirne Eile	26.54	29.34
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	**36.54**	**38.34**
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír an 31 Nollaig 2019	36.74	37.64
An Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) amhail an 31 Nollaig 2019	**35**	**35**

b. Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin le sochar sainithe seirbhísí poiblí Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) a éiríonn as an gComhaontú Cobhsaíochta Poiblí (2018 - 2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tá RAB tar éis teacht in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean (ABP) ar tháinig deireadh léi i ndeireadh 2018. Cé gur bheart éigeandála sealadach é ABP, is ranníocaíocht bhuan é RAB. Rinneadh asbhaintí RAB €82,824 (ABP 2018 €89,062) as tuarastail foirne i gcaitheamh na bliana agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) iad.

c. Sochair Fostaithe Ghearrthéarmacha

	2019 € '000	2018 € '000
Bunphá	2,191	2,014
Ragobair	-	-
	2,191	**2,014**

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta in 2019.

d. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair)

Tagann seirbhísigh phoiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis isteach sa Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í. In 2019, ba é iomlán na ranníocaíochtaí foirne leis an Scéim Aonair ná €26,967 (2018: €19,457). Ba é dliteanas an BAI i leith ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim Aonair ná €80,903 (2018: €58,370).

e. Pearsanra Bainistíochta Ríthábhachtach

Is ionann an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach reatha in Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, an Leas-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus an t-ochtar ball den Fhoireann Ardbhainistíochta. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe do phearsanra bainistíochta ríthábhachtach:

	2019 € '000	2018 € '000
Tuarastal	758,694	716,127
	758,694	**716,127**

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a tuilleadh i gcaitheamh na tréimhse. Is iad an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach ná baill scéim pinsean Údarás Craolacháin na hÉireann agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí sa mhéid sin de thar théarmaí na Scéime Aonair nó na Scéime Samhla.

6. Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Le litir dar dháta an 13 Deireadh Fómhair 2009, rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ("an tAire") an tUasal Michael O'Keeffe, Príomhfheidhmeannach Choimisiún Craolacháin na hÉireann, a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(7) den Acht Craolacháin, 2009. Mhairfeadh an ceapachán tréimhse aon bhliain amháin dar thús an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2010. An 15 Feabhra 2010, chuaigh an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Údarás Craolacháin na hÉireann isteach i gconradh fostaíochta lena gcuimseofaí an tréimhse sin.

Le litir dar dháta an 30 Meán Fómhair 2010, thug an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ceadú i bprionsabal chun an Príomhfheidhmeannach Eatramhach a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun Alt 14(12) den Acht Craolacháin 2009. Mhairfeadh an ceadú i bprionsabal tréimhse dhá bhliain go leith dar thús an 1 Deireadh Fómhair 2010. Bhí an ceadú faoi réir téarmaí agus coinníollacha conradh nua fostaíochta don Uasal O'Keefe a bheith á gceadú ag an Aire. Bhí an ceadú sin faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin de bhun Alt 14(5) d'Acht 2009.

Rinneadh conradh an 13 Feabhra 2019 idir BAI agus an tUasal O'Keeffe, ar cheadaigh an tAire a théarmaí agus a choinníollacha le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de bhun Alt 14 (5) d'Acht 2009.

Níor thabhaigh BAI aon táillí dlí i ndáil leis an ábhar seo in 2019 (€1,474 in 2018). Ba iad na táillí iomlána a thabhaigh BAI go dtí deireadh 2019 ná €14,980 (ba é an t-iomlán in 2018 ná €14,980).

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach de réir ráta €132,646 in aghaidh na bliana an 31 Nollaig 2019 (2018: € 127,623). Ba é luach iomlán luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ná €129,774 (2018: €125,314) agus rinneadh ranníocaíocht aoisliúntais fostóra €21,629 (2018: €20,866). Ní shíneann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh níos sia ná na teidlíochtaí caighdeánacha sin de Scéim Samhla na hEarnála Poiblí. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhfheidhmeannach in 2019.

7. Táillí Comhairleachta

	2019 € '000	2018 € '000
Iniúchóireacht agus Faireachán	33	49
Beartais, Cóid agus Rialacha	244	326
Comhairleacht Ghinearálta	283	266
Comhairleacht TF	41	45
Seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais BAI	-	25
	601	**711**

8. Costais Riaracháin

	2019 € '000	2018 € '000
Taisteal agus Cothú	66	54
Acmhainní Daonna	58	44
Teileafón agus Postas	41	47
Costais Oifige	114	188
Cleamhnachtaí Gairmiúla agus Síntiúis	20	21
Teicneolaíocht Faisnéise	139	109
	438	**463**

Sa bhliain 2019, tá costais taistil eachtraigh €49,001 (2018: €33,553); costais taistil intíre €15,164 (2018: € 17,735) ag an bhfoireann agus costais taistil neamhfhoirne €1,881 (2018: €2,722) ar áireamh i gcostais Taistil agus Chothaithe. Tá costais €19,359 (2018: €14,873) a bhaineann le foireann agus le lónadóireacht eile de chuid BAI ar áireamh i Speansais Oifige.

9. Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2019 € '000	2018 € '000
Maoiniú Líonra	387	326
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	49	10
An Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail	11	-
Urraíocht	107	148
	554	**484**

10. Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara

	2019 € '000	2018 € '000
Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh	687	655
Slándáil agus Glantachán	86	81
Solas agus Teas	17	16
	790	**752**

11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán	Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feistis	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Fuaime/ Teicniúil	Mótar-fheithiclí
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Costas							
Amhail an 01.01.2019	**3,977**	**343**	**84**	**687**	**2,630**	**173**	**60**
Breiseanna	119	119	-	-	-	-	-
Athaicmiú	(114)	(47)	(4)	(54)	-	(9)	-
Diúscairtí	(130)	(42)	(28)	-	-	-	(60)
Amhail an 31.12.2019	**3,852**	**373**	**52**	**633**	**2,630**	**164**	**0**
Díluacháil							
Amhail an 01.01.2019	**3,936**	**339**	**73**	**681**	**2,611**	**172**	**60**
Muirear don Bhlian	44	36	3	2	3	-	-
Athaicmiú	(112)	(47)	(4)	(52)	-	(9)	
Diúscairtí	(128)	(40)	(28)	-	-	-	(60)
Amhail an 31.12.2019	**3,740**	**288**	**44**	**631**	**2,614**	**163**	**0**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 01.01.2019	**41**	**4**	**11**	**6**	**19**	**1**	**0**
Amhail an 31.12.2019	**112**	**85**	**8**	**2**	**16**	**1**	**0**

Le linn 2019 rinneadh Sócmhainní Seasta ina raibh costas faoi bhun €1,000 a athaicmiú agus a bhaint den Chlár Sócmhainní Seasta. Rinneadh sócmhainní ar a bhfuil Glanluach Leabhar is mó ná nialas a ghearradh le linn 2019 ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Bhí an t-athaicmiú sin ag teacht le hathbhreithniú 2018 ar Bheartas Sócmhainní Seasta BAI.

12. Suimeanna Infhaighte

	2019 € '000	2018 € '000
Féichiúnaithe	472	754
Réamhíocaíochtaí	189	170
An Ciste Craolacháin	194	55
Eile	5	19
	860	**998**

Tá luach cóir na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí tugtha mar gharmheastachán ar a suimeanna glanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh de bhliain amháin. Tá féichiúnaithe léirithe glan ar bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

13. Airgead agus coibhéisí airgid

	2019 € '000	2018 € '000
Taiscí Gearrthéarmacha	279	279
Airgead sa Bhanc	1,118	987
Iomlán	**1,397**	**1,266**

14. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2019 € '000	2018 € '000
Creidiúnaithe Trádála	76	99
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	377	405
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	85	74
Fabhruithe	484	507
Na Coimisinéirí Ioncaim	275	334
Ioncam Iarchurtha	229	157
Eile	4	6
	1,530	**1,582**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite i ndeireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Maidir leis na suimeanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach bhfuil nóta maidir le nochtadh sonrach ag gabháil leo, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

15. Cuntas Caipitil

	2019 € '000	2018 € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	41	53
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	119	4
Amúchadh i gcomhréir le Díluacháil Sócmhainní	(44)	(16)
Diúscairt	(2)	-
Athaicmiú	(2)	-
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**71**	**(12)**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**112**	**41**

16. Léasanna Oibriúcháin

Áitíonn an tÚdarás áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, rud a ndeachaigh sé isteach ann sa bhliain 2001. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €530,000 iad sa bhliain 2019 (2018: €536,000).

Tugadh fógra do BAI go luath in 2017 á rá gur theastaigh ón tiarna talún athbhreithniú cíosa a thionscnamh a dtiocfadh éifeacht leis an 7 Nollaig 2016. Tugadh na caibidlí chun críche in 2019 agus ba é €530,000 an cíos bliantúil ar comhaontaíodh air ón 7 Nollaig 2016.

Ba é €530,000 (2018: €536,000) an tsuim iomlán a gearradh i leith na léasanna oibriúcháin agus na gcostas gaolmhar sa Chuntas faoi Ioncaim agus Caiteachas.

Ceangaltais Léasa

	2019 €	2018 €
Faoi bhun 1 Bhliain Amháin	530,000	530,000
Idir 2 bhliain-5 Bliana	530,000	1,060,000
Os cionn 5 Bliana	-	-
	1,060,000	**1,590,000**

17. Costais Sochar Scoir

a. Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna pinsin shainithe seo a leanas maidir le fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais BAI agus dá Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí. Tá struchtúir na scéime seo bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Samhla).
- Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "Scéim Aonair").

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le halt 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar gnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomhscéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, bhí siad á n-oibriú ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) an scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil an 16 Meitheamh 2017. Soláthraítear leis an tseanscéim sochair scoir (i bhfoirm cnapshuime agus pinsin) do bhaill foirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh baill éagtha. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar socrú leis an scéim maidir le cnapshuim phinsin agus scoir agus í bunaithe ar luach saothair inphinsin meán-ghairmréime, agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta phinsin (a fhadaítear i gcomhréir le hathruithe ar aois phinsin an Stáit). Folaíonn sí saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois amach. Téann pinsin ina n-íocaíochtaí i méid i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, a thug gealltanas maoiniú a sholáthar don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. D'athraigh an tÚdarás an chóireáil agus na nochtuithe a cheanglaítear a dhéánamh le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

B'ionann an dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2019 agus €15.666M (2018: €12.092M). Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dliteanas pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc agus nuair a bheidh siad le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige chun na haisíocaíochta. Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2019. Is achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

b. Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:	2019	2018
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.50%	2.80%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.00%	2.30%
Ráta Lascaine	1.20%	1.90%
Ráta Boilscithe	1.50%	1.80%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh ball foirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh ball an aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a bheidh ag baint 65 bliana d'aois amach sna blianta 2019 agus 2039.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	2019	2039
Ionchas saoil – fear	21.50	23.90
Ionchas saoil - bean	24.00	26.00

c. Anailís ar Chostais Iomlána Sochar Scoir

Tá na nithe seo a leanas ar áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i leith costais sochar scoir:

	2019 €'000	2018 €'000
Ranníocaíocht ón bhFostóir a íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil/An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	322	312
Costas seirbhíse reatha	727	708
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	230	231
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(957)	(939)
	322	**312**

d. Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2019 €'000	2018 €'000
Iarmhéid tosaigh	12,092	11,491
Costas seirbhíse reatha	727	708
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	230	231
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	2,622	(330)
Sochair a íocadh	(5)	(8)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**15,666**	**12,092**

e. Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An bhliain airgeadais dar chríoch				
	2019	2018	2017	2016	2015
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáid sochair shainithe	15,666	12,092	11,491	10,476	7,575
Easnamh	(15,666)	(12,092)	(11,491)	(10,476)	(7,575)
Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	(1,501)	(216)	358	59	(178)
Gnóthachain taithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	(10%)	(1.8%)	3.4%	(0.6%)	(2.3%)

18. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2019.

19. Nochtadh ag páirtithe gaolmhara

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta Craolacháin 2009 agus na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Comhaltaí den Údarás agus / nó den Choiste a nochtadh leasanna agus chloígh an tÚdarás agus na Coistí leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Ní raibh aon idirbhearta i gcaitheamh na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí ar bith den Údarás. Féach ar Nóta 6 i gcomhair shonraí an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar an Ráiteas faoi Rialachas agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Údaráis maidir le táillí agus costais Chomhaltai an Údaráis.

20. Imeachtaí tar éis an Nóta ar Thréimhse Tuairiscithe

Ar an 10 Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne 2019. Tugann an Bille seo breac-chuntas ar na bearta is gá a thrasuí faoin Treoir athbhreithnithe ar Sheirbhísí Meán Closamhairc agus tá tograí maidir le sábháilteacht ar líne ar áireamh ann. Beartaítear leis an mBille go ndéanfar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus a Choistí Reachtúla a dhíscaoileadh agus Coimisiún Meán ar a mbeidh daoine éagsúla a chur ina ionad. Díscaoileadh an Dáil an 14 Eanáir 2020 agus caithfear fanacht go mbunófar rialtas nua chun tuilleadh forbairtí maidir leis an mBille a dhéanamh. Ullmhaítear Ráitis Airgeadais BAI agus an Chiste Craolacháin ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscaoileadh beartaithe.

Tá tionchar suntasach ag paindéim COVID19 ar acmhainní airgeadais na hearnála craolacháin neamhspleách ó mhí an Mhárta 2020 i leith. Mar aitheantas air sin, d'iarr an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an Údarás smaoineamh ar an tobhach ar stáisiúin raidió neamhspleácha a tharscaoileadh ar feadh na chéad sé mhí de 2020. Bhreithnigh an tÚdarás an iarraidh sin ag a chruinniú i Márta 2020 agus d'aontaigh sé leis an tarscaoileadh. D'fhonn na laghduithe airgid agus ioncaim a eascraíonn as an tarscaoileadh sin a dhúnadh, tá BAI ag saothrú roinnt straitéisí bainistíochta sreafa airgid agus buiséid. Mar thoradh ar na bearta sin, tá an tÚdarás sásta go ndéanfar na laghduithe airgid agus ioncaim a eascróidh as an tarscaoileadh a dhúnadh go leordhóthanach chun go leanfaidh BAI mar ghnóthas leantach.

21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 25 Meitheamh 2020.

An Ciste Craolacháin

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019

Contents

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí	102
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	103
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	105
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	106
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	107
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	108

Comhaltaí an Údaráis	Pauric Travers Alan McDonnell Grace Smith Denis Wolinski Seán Ó Mordha Rosemary Day Maeve McDonagh Mary Curtis Vivien McKechnie
Aturnaetha	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Company Aturnaetha 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Ulster Bank Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sraid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Déanann an tÚdarás cuntas reatha agus cuntas infheistíochta a rialú agus a bhainistiú de réir Alt 157 (2) den Acht. Déanann an tÚdarás an cuntas reatha a bhainistiú le haghaidh reáchtáil laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear ioncam a fháil faoi Alt 156 (2)/(3) d'Acht 2009, Deontais agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin a íoc agus aon chaiteachas a thabhaíonn an tÚdarás as an gCiste Craolacháin a oibriú.

Íoctar isteach sa chuntas infheistíochta aon airgead nach dteastaíonn chun dliteanais reatha an Chiste Craolacháin a íoc. Infheistítear an t-airgead seo de réir Bheartas Infheistíochta an Údaráis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Chiste.

Leagtar amach sonraí chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe Údarás Craolacháin na hÉireann i ráiteas Údarás Craolacháin na hÉireann ar rialú agus rialachas inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25th Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25th Meitheamh 2020

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report (including the governance statement and the Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Orla Duane
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

29 June 2020

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the statement of responsibilities, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 € '000	2018 € '000
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	**3 (a)**	14,793	14,513
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	42	57
Ús Infhaighte		6	21
Iomlán		**14,841**	**14,591**
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3**	12,089	12,587
Costais Foirne	**5**	497	457
Táillí Dlí		0	9
Costais Riaracháin	**6**	398	416
Táille Iniúchta		8	7
Costais Mheasúnachta		71	61
Costais Chomhairleachta	**7**	146	69
Iomlán		**13,209**	**13,606**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**1,632**	**985**
Iarmhéid ag tús na bliana		**21,209**	**20,224**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**22,841**	**21,209**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–13.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

Professor Pauric Travers
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25 Meitheamh 2020

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
25 Meitheamh 2020

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 € '000	2018 € '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	9	28	15
Airgead agus coibhéisí airgid	8	10,758	6,944
Taiscí gearrthéarmacha eile	8	12,250	14,300
		23,036	21,259
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	10	(195)	(50)
Glansócmhainní		**22,841**	**21,209**
Arb ionann iad			
Cúlchiste Ioncaim Choinnithe		22,841	21,209
		22,841	**21,209**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–13.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Meitheamh 2020 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
25 Meitheamh 2020

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
25 Meitheamh 2020

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
25 Meitheamh 2020

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

	2019 € '000	2018 € '000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain	1,632	985
Torthaí ar Infheistíochtaí	(6)	(21)
Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	(13)	(10)
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	145	(298)
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**1,758**	**656**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús Faighte	6	21
Infheistithe i dTaiscí Gearrthéarmacha	2,050	(9,000)
Glansreafaí Airgid do Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	2,056	(8,979)
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**3,814**	**(8,323)**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	**6,944**	**15,267**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**10,758**	**6,944**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh chun feidhme iad go léir go comhsheasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

a. Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú), 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a rinne é a bhainistiú roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riarachán an Chiste Craolacháin agus idirbhearta ar an gCiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste.

b. Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c. Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 157 den Acht Craolacháin, 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

d. Ioncam

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás, as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon speansais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnas teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnas teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon speansais i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an tAire ina dtaobh gur speansais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

e. Deontais

Forchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí maidir le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad mar speansas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I measc na gcoinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, tá foráil chun deontas a fháil ar ais ó ioncam a ghineann an deontaí go dtí pé tráth a mbeidh a infheistíocht deontais aisghafa ag an Údarás. Tugtar breac-chuntas ar Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach bhfuil an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

f. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

2. Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2019	2018
	€ '000	€ '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	42	57

Cuirtear clásal aisíocaíochta ar áireamh i gconarthaí na Scéime Fuaime agus Físe le go mbeifear in ann an deontas a aisíoc mura mbaineann an tionscadal rath tráchtála amach.

Léirítear san airgead thuas cuid de na deontais a aisíocadh i gcaitheamh na bliana i dtaca le trí léiriú a maoiníodh roimhe sin. Tugtar cuntas i méideanna a aisíocadh ar bhonn fáltais airgid.

3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

a. Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus teilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse. Bhí Deontas 2019 ón Oireachtas ar áireamh i bhfo-cheannteideal B6 de Vóta 29 don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

b. Oibríonn BAI dhá Scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í an **Scéim Fuaime agus Físe 3 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 ar dtús agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50m in aghaidh na scéime in aghaidh na bliana. I mí Eanáir 2015, cheadaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Scéim go dtí deireadh na bliana 2019.

Chuir an tÚdarás an dréacht-Scéim Fuaime agus Físe 4 faoi bhráid an Aire lena ceadú an 11 Nollaig 2019 agus ar an 6 Márta 2020 cheadaigh an tAire an scéim nua i gcomhair tréimhse trí bliana.

Is í an dara scéim a oibríonn BAI ná an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú** ("an Scéim um Chartlannú"). Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt cultúir ar mhaithe le cartlannú in earnáil craolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an chéad Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus chuaigh sí as feidhm i mí Aibreáin 2016. Reáchtáladh trí bhabhta maoiniúcháin faoin gcéad scéim sin idir 2013 agus 2015, agus dámhadh cistí do 23 thionscadal cartlannúcháin ar fud raon iarratasóirí. Rinneadh athbhreithniú ar oibríocht, ar éifeachtacht agus ar thionchar na chéad scéime sin in 2016 agus tugadh an tuarascáil dá éis chun críche i gcaitheamh 2017 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil í i mí Mheán Fómhair 2017.

Bhí an t-athbhreithniú sin freisin ina bhonn eolais faoin dara scéim dréachta a fhorbairt, inar áiríodh comhchomhairliúchán spriocdhírithe i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2017, ar tugadh aird sna freagraí air go rabhthas sásta tríd is tríd leis an gcur chuige a mhol an tÚdarás. Cheadaigh an tAire Scéim um Chartlannú 2 in 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana (2018-2022).

c. Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaime agus Físe

	2019 € '000	2018 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	12,630	13,652
Dámhachtainí a deonaíodh	11,685	11,854
Deontais a íocadh	(11,409)	(12,237)
Deontais a aisíocadh	58	10
Deontais a dídhílsíodh	(213)	(649)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**12,751**	**12,630**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe

	2019 € '000	2018 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	3,439	1,901
Dámhachtainí a deonaíodh	1,338	1,898
Deontais a íocadh	(737)	(360)
Deontais a dídhílsíodh	-	-
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**4,040**	**3,439**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**16,791**	**16,069**

4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste Craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin €494,227 (2018: €453,544) de thuarastail, €158,445 (2018: €145,974) d'fhorchostais ghinearálta, €56,305 (2018: €74,070) de ranníocaíocht urraíochta leis an scéim ciste craolacháin, agus comhairle infheistíochta €13,000 (2018: €13,000). Tá tuilleadh sonraí faoi athmhuirearú an Chiste Craolacháin i Nótaí 5 agus 6 thíos.

5. Costais Foirne

	2019 € '000	2018 € '000
Pá agus Tuarastail	397	364
Costais Leasa Shóisialaigh	31	29
Costais Phinsin	66	61
Costais Foirne a Athmhuirearaíodh ar BAI	**494**	**454**
Lucht Foirne Sealadach	3	3
Costais Foirne Iomlána	**497**	**457**

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. Bhí baill foirne shealadacha ar fostú trí ghníomhaireacht ar feadh tréimhse ghearr i mí na Bealtaine 2019 agus i mí na Samhna 2019. Ba é €2,498 (2018: €3,388) an costas comhlán a bhí le híoc ag BAI i leith pearsanra gníomhaireachta in 2019.

Tá roinnt fostaithe ar fostú ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2019, bhí sé sin cothrom le 7 (2018: 7) de choibhéisí lánaimseartha.

6. Costais Riaracháin

	2019 € '000	2018 € '000
Forchostais::		
Cíos agus Rátaí	102	102
Costais áitribh	27	29
Costais oifige	22	14
Oiliúint foirne	9	5
Fo-iomlán na bhforchostas	**160**	**150**
Urraíocht	**56**	**74**
Costais dhíreacha:		
Scéimeanna Fuaime agus Físe/Cartlannaithe	99	97
Táillí gairmiúla	13	13
Feasacht an Phobail	4	10
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	48	66
Aistriúchán	4	3
Eile	14	3
Fo-iomlán na gcostas díreach	182	192
Iomlán na gCostas Riaracháin	**398**	**416**

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (in 2019 17%; in 2018, 17%) de líon foirne iomlán BAI sa tréimhse. I gcaitheamh 2019, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €174,235 (2018: €174,012) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

7. Sainchomhairleoireacht

	2019 € '000	2018 € '000
Ginearálta	92	13
Iniúchóireacht agus Faireachán	54	56
	146	69

8. Taiscí agus Airgead/coibhéisí airgid

		2019 € '000	2018 € '000
a.	Taiscí Gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí)	8,000	5,600
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mhí)	12,250	14,300
	Airgead sa bhanc agus ar láimh	2,758	1,344
		23,008	**21,244**
	Airgead /coibhéisí airgid		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	5,600	14,108
	Breiseanna	2,700	300
	Aistarraingtí	(300)	(8,808)
	Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail an 31 Nollaig	2,758	1,344
	Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	**10,758**	**6,944**
b.	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha Eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	14,300	5,300
	Breiseanna	-	9,000
	Aistarraingtí	(2,050)	-
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**12,250**	**14,300**

c. De réir mar a cheanglaítear faoi alt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanais reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse cuntais, choinnigh an tÚdarás na cistí barrachais i dtaisce i mbainc thráchtála.

9. Suimeanna Infhaighte

	2019 € '000	2018 € '000
Ús Fabhraithe	11	15
Eile	17	-
	28	**15**

10. Suimeanna Iníoctha

(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	2019 € '000	2018 € '000
Údarás Craolacháin na hÉireann	195	55
DIRT (Infhaighte)/Iníoctha	-	(5)
	195	50

11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2019.

12. Imeachtaí i ndiaidh an Nóta i dtaobh na Tréimhse Tuairiscithe

Ar an 10 Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil na Sábháilteachta agus na Meán Ar Líne 2019. Tugtar sa Bhille sin breac-chuntas ar na bearta is gá a thrasuí faoin Treoir athbhreithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus tá tograí um shábháilteacht ar líne ann. Beartaítear leis an mBille go ndéanfar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus a Choistí Reachtúla a dhíscaoileadh agus go gcuirfear ina ionad Coimisiún Meán ar a mbeidh roinnt daoine éagsúla. Díscaoileadh an Dáil an 14 Eanáir 2020 agus caithfear fanacht go dtí go gcuirfear rialtas nua ar bun chun tuilleadh forbairtí a dhéanamh maidir leis an mBille. Ullmhaítear Ráitis Airgeadais BAI agus an Chiste Craolacháin ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscaoileadh beartaithe.

Rinne an t-údarás measúnú ar thionchar na paindéime COVID-19 ar ghníomhaíochtaí an Chiste Craolacháin mar imeacht neamh-choigeartaithe tar éis an dáta tuairiscithe. Scaip an phaindéim COVID-19 go gasta in 2020 agus tá an tÚdarás ag déanamh measúnú fós ar a tionchar ar dheontais a dhámhtar faoin gCiste Craolacháin. Déantar le deontais faoin gCiste Craolacháin coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí a fhorchur ar na faighteoirí. Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 tá an tÚdarás ag déanamh breithniú, ar bhonn cás ar chás, ar aon iarrataí ó fhaighteoirí deontais chun na coinníollacha sonracha seo a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí a nuashonrú.

13. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 25 Meitheamh 2020.

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath, D02XP29

353 1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets